www.gaelsceal.ie

Deireadh leis an Charghas – cad a dhéanfaimis?
L. 20

Aiséirí spleodrach an Titanic i mBéal Feirste
L. 22

Tiger, Rory nó duine éigin eile ag na Masters?
L. 31

Nimhiú na Scréachóige Reilige
L. 19

ISSN 2009-3055
14>
9 772009 305011
€1.65 (£1.50)
Uimh. 14

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
04.04.2012

Dóchas!

Meáin Bhéarla ar bís faoi líon na bPolainniseoirí – trína chéile faoi líon na nGaeilgeoirí!

Colm Ó Broin

TÁ ardú tagtha ar líon na ndaoine le Gaeilge agus an méid Gaeilge a labhraítear sa Phoblacht de réir Dhaonáireamh 2011.

Deir 1.77 milliún duine go bhfuil Gaeilge acu, ardú 7.1% ón 1.66 milliún in 2006.

Bhí an ráta seo níos ísle ná an méadú iomlán a tháinig ar an daonra (8.2%) ach bhí sé níos airde ná an t-ardú ar líon na ndaoine a rugadh in Éirinn (5.9%).

Deir 41.4% den daonra iomlán go bhfuil Gaeilge acu (síos ó 41.9% in 2006) ach deir 44% de na daoine a rugadh in Éirinn go bhfuil an teanga acu.

Tá Gaeilge ag 74% de pháistí atá 10-14 bliain d'aois agus ag 14% atá 3-4, ardú suntasach ó 10% in 1996 de réir an ghníomhaí teanga, Donncha Ó hÉallaithe.

Mhéadaigh líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den scoil ó 72,000 go dtí 77,000 (ardú 6.9%) agus an líon a labhraíonn í go seachtainiúil ó 103,000 go dtí 110,000 (ardú 7.5%).

Deir 613,236 go labhraíonn siad Gaeilge níos annaimhe, ardú 4.6% ar 2006.

Deir 1.77 milliún duine go bhfuil Gaeilge acu, ardú 7.1% ón 1.66 milliún in 2006.

Níl ceist sa daonáireamh faoi líofacht sa Ghaeilge ach de réir suirbhéanna a rinne Ipsos-Mori agus an tAthair Michéal Mac Gréil le blianta beaga anuas, tá togha na Gaeilge ag 5-8% de phobal na Poblachta, nó idir 230,000 agus 370,000 duine.

Ar lean ar leathanach 2

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 40 bliana ag fás!

Ar ais le chéile : Cúigear den chéad seachtar craoltóirí a thosaigh le Raidió na Gaeltachta nuair a cuireadh tús leis an stáisiún siar in 1972, 40 bhliain ó shin an tseachtain seo. Ó chlé tá Timlín Ó Cearnaigh, Maidhc P. Ó Conaola, Breandán Feiritéar, Meaití Jó Shéamuis agus Seán Ó Tuairisg. Bhíodar bailithe le chéile ar ais chun clár speisialta a dhéanamh le Seán Bán Breathnach. [PIC : ANDREW DOWNES]

GAILLIMH

Cúl le héirí na gréine i reiligí na Gaillimhe

Máirtín Ó Catháin

TÁ deireadh á chur leis an traidisiún go mbíodh clocha cuimhneacháin iompaithe i dtreo na gréine i reiligí Chontae na Gaillimhe – agus beidh sin i bhfeidhm sa síneadh a ceadaíodh le gairid ar dhá reilig i gConamara.

Baineann aghaidh na gclocha cuimhneacháin agus na n-uaigheanna ar an ngrian le traidisiún ársa; deirtear go bhfuil ceangal aige le hAiséirí na Cásca. Is cuid é an socrú nua seo de pholasaí nua reiligí atá á chur i dtoll a chéile i gComhairle Contae na Gaillimhe faoi láthair.

As seo amach – i reiligí nua ar aon nós – beidh clocha cuimhneacháin cúl le cúl; le spás a shábháil atá an socrú seo á dhéanamh.

Ar lean ar leathanach 14

An-fhearg ar an bpobal faoi thaispeántas 'porn'

Anton Mac Cába

TÁ an-fhearg ar an phobal i bPomeroy, Co. Thír Eoghain mar gur thaispeáin an sagart paróiste pornagrafaíocht aerach do ghrúpa 30 tuismitheoir agus páiste ocht mbliain d'aois.

Tá siad ag éileamh go ndíbreofaí an tAthair Martin McVeigh Ach dúirt an sagart gur de thaisme a taispeánadh an t-ábhar. Bhí sé ag ullmhú le cur i láthair Powerpoint a dhéanamh do thuismitheoirí do chéad fhaoistin a gcuid páistí nuair a tharla an eachtra.

Ar lean ar leathanach 3

NUACHT NÁISIÚNTA

Dóchas!

Meáin Bhéarla ar bís faoi líon na bPolainniseoirí - trína chéile faoi líon na nGaeilgeoirí!

Ar lean ó leathanach a haon

Tá fáilte curtha ag an Aire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley, agus ag Conradh na Gaeilge roimh na torthaí ach tá ráite ag an gConradh go bhfuil i bhfad Éireann níos mó le déanamh ag an rialtas chun sprioc na Stráitéise 20 Bliain, 250,000 cainteoir laethúil, a bhaint amach.

Dúirt an tAire McGinely go bhfuil sé "sásta go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a dúirt go bhfuil siad ábalta Gaeilge a labhairt" agus gur "forbairt dhearfach" é seo maidir le spriocanna na stráitéise.

Tá amhras caite ag an ngníomhaí teanga, Donncha Ó hÉallaithe, ar an sprioc, áfach. In alt san iris Beo.ie an mhí seo, deir sé go mbeadh ar ráta fáis na gcainteoirí laethúla ardú ón 7.1% a chonacthas idir 2006-2011 go dtí 34.15% gach cúig bliana chun 250,000 cainteoir a bhaint amach thar thréimhse na stráitéise.

Dúirt Príomhfheidhmeannach an Chonartha, Julian de Spáinn, gur "comhartha anmhaith atá ann go bhfuil 5,000 duine sa bhreis ag labhairt na Gaeilge chuile lá agus go bhfuil ardú tagtha ar líon na ndaoine a deir go bhfuil cumas acu sa teanga.

"Is cinnte go bhfuil dúshlán ann sprioc na Stráitéise 20 Bliain a bhaint amach ach léiríonn an daonáireamh go bhfuil an-phoitéinseal ann ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de."

Gaeltacht (Laethúil)	2006	2011	Athrú
Corcaigh	867	982	115
Dún na nGall	6,956	7,047	91
Cathair na Gaillimhe	571	636	65
Contae na Gaillimhe	9,654	10,085	431
Ciarraí	2,394	2,501	107
Maigh Eo	1,281	1,172	-109
An Mhí	336	314	-22
Port Láirge	456	438	-18
Iomlán	**22,515**	**23,175**	**660**

Cháin sé cur chuige an rialtais i leith na stráitéise, áfach.

"Bhí seilbh ag an bpobal ar an stráitéis nuair a thosaigh muid amach sa mhéid is go raibh go leor de na moltaí a rinne muid mar chuid den phlean, ach i láthair na huaire níl aon cheangal againn leis. Caithfidh an pobal a bheith lárnach sa stráitéis agus mura bhfuil ní éireoidh leis," ar seisean.

Tá Gaeilge ag 74% de pháistí atá 10-14 bliain d'aois agus ag 14% atá 3-4, ardú suntasach ó 10% in 1996 de réir an ghníomhaí teanga, Donncha Ó hÉallaithe.

As an 77,185 a labhraíonn Gaeilge gach lá tá 23,175 ag cur fúthu sa Ghaeltacht, 24% de dhaonra iomlán na Gaeltachta.

Mar a léiríonn an tábla, tháinig ardú ar líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil i nGaeltachtaí na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí agus Chorcaí ach laghdaigh an líon i Maigh Eo, Port Láirge agus an Mhí.

Dar le Seanadóir Shinn Féin, Trevor Ó Clochartaigh, léiríonn torthaí an daonáirimh gur "teanga bheo, bhríomhar, atá ag fás agus ag dul i bhfeidhm go háirithe ar níos mó daoine óga," atá sa Ghaeilge.

"Tá fás de 2.9% feicthe againn i bpobal na Gaeltachta atá ag labhairt na Gaeilge go laethúil chomh maith, cé go bhfuil roinnt imní orm nach bhfuil an fás sin ag an ráta ceánna leis an bhfás iomlán daonra sa nGaeltacht, atá thart ar 5.2%.

"Tá roinnt nithe dearfacha sna staitisticí, ach tarraingíonn siad aird chomh maith ar dhoicheall an Rialtais soláthar mar is cuí a dhéanamh don phobal seo atá ag fás agus ag forbairt. Tá na figiúirí seo á neisiúint ag am a bhfuil an Rialtas ag beartú Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh leis an Ombudsman, a bhfuil ionsaí fíochmhar á dhéanamh ar scoileanna Gaeltachta agus a bhfuil an bunús daonlathach dhá bhaint de bhord Údarás na Gaeltachta," ar seisean.

Dúirt Cathaoirleach Ghuth na Gaeltachta, Eamonn Mac Niallais, gur léir go bhfuil "tuar dóchais áirithe i dtorthaí an daonáirimh seo ar bhonn náisiúnta agus Gaeltachta."

"Ardú meanma é sin do phobal na Gaeilge. I gcás na Gaeltachta de, tá seasmhacht áirithe le mothú sna figiúirí, cé go bhfuil an fhianaise ar an talamh ag léiriú go bhfuil ísliú mór tagtha ar úsáid laethúil na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais i measc an aois óig ach go háirithe.

As an 77,185 a labhraíonn Gaeilge gach lá tá 23,175 ag cur fúthu sa Ghaeltacht, 24% de dhaonra iomlán na Gaeltachta.

"Níl aon dabht ach go bhfuil fadbhanna móra le réiteach go fóill lena chinntiú go mbeidh an teanga á tabhairt go dtí an chead glúin eile agus tá muid ag fanacht leis an mBille Gaeltachta agus leis an gClár úr Tacaíochta Teaghlaigh le feiceáil an bhfuil an Stát dairíre faoi dhul i ngleic leis na fadhbanna seo."

Labhraíonn 514,068 duine teanga eile seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile. Deir 53,000 duine go labhraíonn siad Fraincis sa bhaile agus is Éireannaigh iad 73% de na daoine sin.

Tá suntas tugtha ag roinnt de na meáin Bhéarla do líon na bPolainniseoirí, 119,000, atá ag cur fúthu sa Phoblacht.

Dar le roinnt tuairiscí is údar imní ar chúis éigin é seo do lucht na Gaeilge.

Dhiúltaigh Príomhfheidhmeannach Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn, don mhaíomh seo go hiomlán, áfach.

"Ní dhéanann sé aon difríocht má tá daoine in Éirinn ag labhairt na Polainnise, ní chuireann sé isteach ná amach ar an nGaeilge ar chor ar bith. Tá go leor teangacha in Éirinn agus is maith an rud é sin, agus tá neart daoine a tháinig go hÉireann le blianta beaga anuas dearfach i leith na Gaeilge," a dúirt sé.

Tá líon na bpáistí 3-4 bliain d'aois le Gaeilge ardaithe ó 10% in 1996 go 14.3% .



Mícheál Ó Muircheartaigh, a fuair Gradam Bhord na Gaeilge d'Iar-mhac léinn i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar an Luan seo caite in éineacht le Máirtín Ó Maoilchiaráin, mac léinn de chuid Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge as Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe. PIC: FENNELLS

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

An-fhearg ar an bpobal faoi thaispeántas 'porn'

Thaispeáin an Sagart Paróiste pornagrafaíocht aerach de thimpiste agus é ag iarraidh 'Powerpoint' a oscailt

Ar lean ó leathanach a haon

Chuaigh sé trí comhaid a bhí ar mhéaróg chuimhne, chuaigh chuig 'new folder' agus ansin tháinig suas le 16 íomhá aníos d'fhir nochta "nach raibh ag rá a gcuid paidreacha," mar a dúirt fear sa cheantar, a bhí i láthair.

Theith an sagart as an seomra, é iontach trína chéile. D'fhill sé i gcionn 20 bomaite ina dhiaidh sin agus lean sé leis an gcur i láthair.

D'eisigh sé ráiteas ina dhiaidh inar dhúirt sé nach raibh ach mionsamhail amháin i gceist. Dúirt sé gur leis an bparóiste an mhéaróg chuimhne, go raibh teacht ag daoine eile air agus nach eol dó cad é mar ar tharla na híomhanna a bheith air.

Tá an tAthair McVeigh ina shagart paróiste le níos mó ná 10 mbliana agus ina shagart le 36 bliain.

Dúirt fear as an bhaile nár réitigh bunadh an pharóiste agus an Athair McVeigh lena chéile le fada.

Dar leo go bhfuil sé sotalach. "It's payback time," ar seisean.

Chuaigh cúpla toscaireacht roimhe sin go hArd Mhacha faoin sagart, le gearán a dhéanamh faoina iompar.

Dheisigh grúpa áitiúil seanscoil a bhí sa cheantar le n-úsáid mar naíscoil agus rinne sé iarracht iad a dhíbirt as.

Bhí daoine chun picéad a chur ar an Aifreann ar an Domhnach ach níor tharla sin, nó níorbh é an tAthair McVeigh a léigh an tAifreann.

Nuair a ghlaoigh Gaelscéal ar theach an tsagart, d'fhreagair sagart eile. Dúirt sé nach raibh an tAthair McVeigh ar fáil. Ní raibh sé cinnte cén t-am a bheadh an sagart paróiste ar ais.

Dúirt sé gur ghlaoigh roinnt iriseoirí cheana féin. "Níl sé chun rud ar bith a rá, ar eagla dochar a dhéanamh don fhiosrúchán atá ar bun ag an deoise," A dúirt sé

Tá Ard-Deoise Ard Mhacha ag fiosrú gach ar tharla.

Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins le baill den Chumann Gaelach ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, le linn a chúirte ar an Ollscoil le déanaí. PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE

Na meáin curtha ar an eolas faoi eagraíochtaí sula mbíonn siad féin, arís!

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Aire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley, go bhfuil os cionn €25,000 ar fáil d'eagraíochtaí drámaíochta, siamsaíochta agus ceoil i nGaeltacht na Gaillimhe leis na meáin inné, ach níor chuir sé na heagraíochtaí féin ar an eolas. Tá €15,000 le dul do Fíbín Teo, an comhlacht puipéadóireachta, le cúrsa dian-aisteoireachta a eagrú do dhaoine óga. Chuir siad isteach ar an maoiniú anuraidh, "táimid ag fanacht tamall fada le scéal ar ais," a deir Darach Ó Tuairisg ón eagraíocht. Tá €7,165 le dul do Scoil Náisiúnta Cholmcille, an Tulaigh, le háis súgartha a fhorbairt agus gheobhaidh Cumann Scoildrámaíochta na Gaillimhe €2,000 chun roinnt costas ó Fhéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe 2012 a chlúdach. Gheobhaidh Coláiste Cholmcille in Indreabhán €965 chun cuidiú leo uirlisí ceoil a cheannach don scoil.

"Operational Issues" ag an Fhoras: an tAire Cultúir

Anton Mac Cába

BHÍ achainí le bheith istigh Dé Luain le Foras na Gaeilge don phróiseas comhairliúcháin maidir leis an Samhail Nua Mhaoinithe. Is í an tSamhail Nua Mhaoinithe an modh nua maoinithe atá an Foras a mholadh Agus tá seo ina ábhar conspóide i measc eagraíochtaí Gaeilge.

Rinne ionadaithe ó thromlach na 19 eagras bunmhaoinithe freastal ar dhá chruinniú a d'eagraigh an Foras i mBaile Átha Cliath ar an Déardaoin seo caite. Ní fios, ag an phointe seo, cad é mar ar éirigh leis.

Is léir go bhfuil deacrachtaí sa chaidreamh atá idir na heagrais bhunmhaoinithe agus an Foras.

Is léir, leis, go bhfuil fadhbanna sa chaidreamh idir Aire Cultúr, Ealaíon agus Fóillíochta an Tuaiscirt agus Príomhfheidhmeannach an Fhorais, Ferdia Mac An Fhailigh. Dhiúltaigh an tAire, Carál Ní Chuilín, a rá an mhí seo caite go raibh muinín aici as.

Is léir nach bhfuil réiteach go fóill ar an cheist seo.

An seachtain seo caite, d'iarr an Comhalta den Tionól Reachtach, Ross Hussey (Aontachtaí Ultach), ar an Aire cén measúnú a rinne sí ar Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh.

Dúirt sí, i bhfreagra scríofa, go raibh an Cathaoirleach agus an Bord freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Bhí siad freagrach, leis, as, mar a dúirt sí, "to seek assurance that statutory obligations and corporate governance standards are being complied with. I am aware that there are some operational issues which the Sponsor Departments have asked the Chair and Board to address."

D'iarr Gaelscéal ar an bhForas an raibh ceisteanna oibríochta ann, dar leo.

Dúirt urlabhraí: "Bíonn teagmháil agus plé rialta idir an Cathaoirleach, an Bord, an Feidhmeannas agus na Ranna le ceisteanna éagsúla a phlé."

DEONTAIS

AN CLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2012 AG TACÚ LE SPÓRT AGUS LE HACLAÍOCHT ÁINEASA AR FUD POBAL

Is mór leis an Aire Turasóireachta agus Spóirt, Michael Ring T.D., a fhógairt go bhfuil tús á chur le deontais 2012 don Chlár Caipitil Spóirt.

Tá iarratais á lorg anois ó eagraíochtaí spóirt, clubanna, grúpaí pobail, scoileanna, Coistí Gairmoideachais, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt agus ó údaráis áitiúla ar fhorbairt áiseanna spóirt agus/nó ar cheannach trealamh spóirt. Tabharfar tús áite faoi leith d'fhorbairt áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Tá foirmeacha iarratais agus treoir ar iarratas a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.dttas.ie/sport/unit1.aspx, nó trí ghlaoch a chur ar (064) 6627353 nó ó:

IARRATAIS AR AN GCLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2012,
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt,
An Bóthar Nua, Cill Airne,
Co. Chiarraí.

Is é an dáta deiridh d'iarratais chomhlánaithe ar pháipéar a bheith faighte ná 5pm, Dé hAoine, an 11 Bealtaine 2012.

Tá síneadh ar an spriocdháta seo go dtí 5pm, Dé hAoine, an 1 Meitheamh 2012, d'iarratais ar líne agus d'iarratais i nGaeilge.

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

Nesbitt ina cheannaire úr ar an UUP

Botúin déanta aige cheana féin

Anailís le hAnton Mac Cába

IS é Mike Nesbitt an ceannaire nua ar Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP). Bhí an lá leis in éadan John McCallister. Bhain siad beirt le heite liobrálach an UUP. Ní fear oráisteach é Nesbitt, nó níor cheist sin sa toghchán.

Dúirt straitéisí de chuid Shinn Féin gurbh fhearr don UUP John McCallister a thoghadh. Bhí straitéis níos radacaí aige seo. Dá mbeadh sé ina cheannaire, bheadh an UUP ar an aon pháirtí sa bhfreasúra. Bhí éadóchas ar fhear Shinn Féin faoi thodhchaí an UUP. Tá croí-vóta ag an SDLP, nach bhfuil ag an UUP. Cheana féin, tá ceisteanna faoin pháirtí.

Tá sé riachtanach deireadh a chur leo. Is iaririseoir é Nesbitt. Bhí sé seal ina Choimisinéir Íobartach. Tá cur i láthair maith aige agus leis, tá caidreamh maith aige le baill an pháirtí.

Mike Nesbitt - ceannaire nua an UUP - ciallaíonn 'Nesbitt' 'camshrón' san Albainis

Ba é a chur i láthair a thug an lámh in uachtar dó. Cháin roinnt iriseoirí é as a bheith lag ó thaobh polasaithe de.

Sa toghchán don cheannaireacht, thug idir sheanfhondúirí agus liobrálaigh tacaíocht dó. Ní fios an mbeidh sé ábalta an dá thrá a fhreastal. D'fhógair sé go bhfuil sé chun Danny Kennedy a aistriú as a phost mar Aire Forbartha Réigiúnaí roimh an chéad toghchán Tionóil eile. Baineann Kennedy leis an eite traidisiúnta, oráisteach, den pháirtí. Is eisean an t-aon aire ag an UUP sa bhFeidhmeannas.

Déanann sé freastal ar chruinnithe airí an DUP: tá Nesbitt chun deireadh a chur leis an chleachtas sin. Cothóidh sin teannas agus beidh le feiceáil cén leibhéal teannais a bheidh i gceist.

Thiocfadh leis tús níos fearr a bheith aige mar cheannaire. Ar bhonn dearfach, d'aithin sé go bhfuil tréan den phobal nach bhfuil ceangal acu le Stormont: agus go bhfuil sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leo.

Rinne sé botún nuair a dúirt sé go rachadh sé ar feadh lae chuig teaghlach i gceantar a bhí faoi mhíbhuntáiste. "Pilleadh briogáide an chóta fionnaidh," a raibh le rá faoi ag duine ar Slugger O'Toole.

Leis, d'éirigh sé teasaí go maith agus Tara Mills dá chroscheistiú ar 'Inside Politics' ar an BBC. Níl Mills ar dhuine de na hiriseoirí is ionsaí sa Tuaisceart.

Ní cinnte go n-éiríonn go maith le pearsain mheáin sa pholaitíocht ó thuaidh - ná ó dheas. Iriseoir aitheanta ó thuaidh ab ea Fergal McKinney agus theip go tubaisteach air mar iarrthóir ag an SDLP i bhFear Manach-Tír Eoghan Theas.

Ní dheachaigh George Lee i bhfeidhm ar an phobal mar pholaiteoir ach an oiread. Níl taithí ag Nesbitt ar an pholaitíocht. Níl sé ach rud beag níos mó ná dhá bhliain sa UUP. Dúirt comhalta náisiúnach den Tionól nach raibh Nesbitt chomh maith sin ag cur agus ag cúiteamh sa Tionól.

Cinnte, baineann sé le heite liobrálach an UUP. Ní bheidh fadhb aige le Cumann Lúthchleas Gael: chlúdaigh sé cluichí Gaelacha agus é ina iriseoir spóirt leis an BhBC.

Thug sé le fios dhá bhliain ó shin go raibh sé ag tacú leis An Dún sa chluiche ceannais.

Tá fadhbanna móra roimhe. Bhí laghdú ar vóta an UUP in achan toghchán ó 1998 i leith. Má bhíonn Nesbitt in ann don obair roimhe, ní fios an mbeidh am aige.

Cosc ar an Ghaeilge go fóill ó thuaidh

D'ainneoin go raibh tromlach de na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúcháin ar son chomharthaíocht dhátheangach – diúltaíodh dó

Anton Mac Cába

D'FHÓGAIR Aire Forbartha Réigiúnaí an tuaiscirt, Danny Kennedy, nach bhfuil sé chun comharthaí bóthair dátheangach a thabhairt isteach.

Chuir a réamtheachtaí, Conor Murphy ó Shinn Féin, tús le próiseas comhairliúchán an bhliain seo caite.

Dúirt Kennedy gur ar bhonn costais a dhiúltaigh sé do na comharthaí: "Bheadh costais breise ag teacht ón moladh seo, agus níl buntáiste oibriúcháin ar bith ag baint leis." Is leis an UUP a bhaineann Kennedy.

Comhartha Gaeilge-Béarla in Albain - ní fheicfear a leithéid sa Tuaisceart go luath.

Ní raibh ach réimse cúng comharthaí i gceist: comharthaí turasóireachta, rabhaidh, agus ainmniúcháin ar imeall bhailte móra. D'fhreagair 101 san iomlán don phróiseas comhairliúcháin. Orthu, thug 26 tacaíocht do na moltaí - agus dhiúltaigh 43 dóibh ar an bhonn nach ndeachaigh siad fada go leoir.

Comharthaí Gaeilge i stóras in Inis!

Katie McGreal

TÁ leagan Gaeilge de chomharthaí bóithre na hInse i stóras ag Comhairle Bhaile na hInse faoi láthair ach níl na hacmhainní acu iad a chur suas.

De réir plean atá acu, ba chóir go mbeadh siad curtha suas faoi dheireadh an Mhárta 2011.

Chuir an Chomhairle plean 'Signage Audit Area' le chéile i mí an Mheithimh 2010. De réir an phlean sin, bhí siad chun Gaeilge a chur ar chomharthaí bóithre na hInse ionas go mbeadh siad dátheangach agus ag glacadh le rialacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bhí an chéad cheathrú den phlean le bheith críochnaithe roimh dheireadh na Márta ach níl na comharthaí thuas go fóill.

"Cheannaíomar na comharthaí," a deir Liam Murphy ón gComhairle, "ach tá fadhbanna againn le hacmhainní."

Ní raibh sé in ann dáta a thabhairt ina mbeadh na comharthaí curtha suas.

"Níl aon chomhartha atá luaite sa phlean athraithe," a deir duine de mhuintír na háite.

De réir an phlean, tá 217 comhartha nach bhfuil sásúil de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá comharthaí taobh amuigh d'oifigí Clare fm ar Bhóthar an Leacht, cinn eile ar Bhóthar Lees chomh maith le neart eile.

Inis, Contae an Chláir

Scéal Báis - Alba

Ruaraidh Mac Thòmais ar shlí na fírinne

le hAnton Mac Cába

TÁ an file Albanach Ruaraidh Mac Thòmais marbh in aois a 90 bliain. Dar lena chomhfhile Deòrsa Mac Iain Deòrsa, rinne Mac Thòmais níos mó ar son Ghaeilge na hAlban ná duine ar bith sa 20ú Céad.

Ní amháin gurb fhile é, d'fhorbair sé filí eile. A bhuíochas dó, tá filíocht Ghaeilge na hAlban beo ina dhiaidh.

Bhunaigh sé an t-iris Gairm in 1951. Chuir sé amach gach ráithe é, go 2002. Thug sin guth do scríbhneoirí Gaeilge in Albain. Ní filíocht amháin a bhíodh ann, ach gearrscéalta, stair, iriseoireacht - go díreach, scríbhneoireacht d'achan saghas sa teanga.

Rugadh Mac Thòmais ar an Phabail, leathdhosaen míle soir ó Steòrnabhaigh ar Leòdhas. Múinteoir agus file a bhí ina athair.

Fuair sé meánscolaíocht i Steòrnabhaigh. Chaith sé trí bliain san Aerfhórsa, nuair a bhí an Dara Cogadh Mór ar siúl. Rinne sé céim sa Bhéarla agus i nGaeilge na hAlban in Ollscoil Obar Dheathain.

Bhí cuid dá theaghlach glan in éadán é bheith ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge. Níorbh fhiú faic é, ó thaobh slí beatha de, dar leo. I ndiaidh na céime, rinne sé staidéar in Cambridge, ansin tamall i mBangor na Breataine Bige. Ba in Cambridge a shocraigh sé ar scríobh i nGaeilge amháin.

Chaith sé a shaol oibre ag teagasc in ollscoileanna Dhùn Èideann, Obar Dheathain agus Ghlaschù. Chríochnaigh sé mar ollamh le Ceiltis i nGlaschù.

Bhí sé ag scríobh filíochta le beagnach trí scor bliain. Foilsíodh an céad chnuasach in 1952, agus an ceann deireannach i 2007.

Dúirt an file Anna Frater go raibh sé níos tábhachtaí ná Somhairle Mac Gill-Eain, de bharr an tionchair a bhí aige "agus go bhfuil mise claonta, nó is as an sráidbhaile céanna sin. Le fírinne, ach amháin Ruaraidh bheadh eagla orm faoin dóigh a bheadh ar litríocht na Gaeilge sa lá atá inniu ann.

Thug sé an-bhorradh don scríbhneoireacht Ghaeilge, nó bhí seans ag scríbhneoirí go bhfoilseofaí iad."

Bhí aithne aici air, mar Ollamh s'aici i nGlaschù. Ba é a d'fhoilsigh na céad dhánta uaithi.

Chnag sí ar dhoras oifige s'aige agus í ina mac léinn óg. "Leis an chéad dornán dán, thóg sé amach na dánta a dúirt sé nach bhfoilseodh sé, agus dúirt cad chuige nach ndéanfadh," ar sise.

"Thóg sé amach na dánta a bhí sé le foilsiú, gur dhúirt cad chuige." Mar sin, faigheann sí locht air - nár chuir sé é féin chun tosaigh láidir go leor.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Cé mhéad a fhaigheann an rialtas as €10 peitril?

Téann €5.39 as gach €10 a chaitear ar artola chuig an rialtas.
GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

TÁ praghas peitril agus díosail ardaithe go mór le míonna beaga anuas agus tá crá croí cothaithe aige i measc an phobail. Bíonn an AA ag gearán de shíor faoin méid cánach a ghearrtar ar pheitreal agus díosail, ach bheifeá ag súil leis sin.

D'iarr an Teachta ó Chiarraí Theas, Michael Healy-Rae, ar an Aire Airgeadais, Michael Noonan, don bhriseadh síos ar an dleacht seo an tseachtain seo caite. Dealraíonn sé go bhfaigheann an rialtas €5.39 as gach €10 a chaitheann tú ar pheitreal agus €4.87 ar gach €10 díosail. As an €5.39 sin is Cáin Ola Mianra €3.25 de, CBL €1.87 agus Cáin Charbóin 27 cent. Íocann daoine a thiománann gluaisteáin díosal €2.67 ar Cháin Ola Mianra, €1.87 ar CBL agus 33 cent ar Cháin Charbóin.

Údar clamhsáin atá ann do go leor daoine gan amhras, ach cuir é seo san áireamh - thóg sé na milliúin bliain chun an foinse fuinnimh rí-luachmhar seo a chruthú agus tá an cine daonna chun an chuid is mó de a úsáid thar chúpla céad bliain!

Lochtanna le córas sláinte na hÍsiltíre?

BEIDH moltaí ag grúpa comhairleoireachta faoi chóras sláinte 'uilechoitinn' don Phoblacht i mí Dheireadh Fómhair, de réir an Aire Sláinte, James Reilly. Dúirt an tAire le Billy Kelleher ó Fhianna Fáil go bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur leis an gcóras "dhá chiseal" reatha agus go bhféadfaí aithris a dhéanamh ar chóras na hÍsiltíre chun an sprioc seo a bhaint amach. Tá ar gach duine sa tír sin árachas sláinte a fháil, ach íocann an rialtas as an gcostas do dhaoine ar ioncaim íseal. De réir suirbhé a rinneadh in 2008, tá daoine san Ísiltír níos sásta lena gcóras sláinte ná tíortha eile sa domhan forbartha. Ní raibh an córas ach dhá bhliain d'aois ag an am, áfach. Ag caint dó sa Dáil, dúirt an Teachta Kelleher go bhfuil an córas san Ísiltír faoi bhrú ollmhór agus go mbeidh an-deacrachtaí go deo aige le maoiniú amach anseo.

"Ba cheart díospóireacht láidir a bheith againn ar an gceist seo sa Theach," arsa Kelleher.

Mar fhreagra air sin, rinne an tAire cur síos ar na lochtanna atá ar an gcóras reatha, ach níor dhúirt sé rud ar bith faoin Ísiltír. Duine eile a thug rabhadh faoin gcóras Ollannach ná Michel Dutrée, príomhfheidhmeannach Nefarma, grúpa stocaireachta don earnáil chógasaíochta san Ísiltír. Gan amhras bheadh féin-leas sa mhéid a bheadh le rá ag an ngrúpa seo, ach ag caint dó ag comhdháil i mí na Nollag, dúirt Dutrée go méadódh costas an chórais faoi dhó i gceann 10-15 bliain agus go mbeadh an tír ag caitheamh 25% dá hOlltáirgeacht Intíre ar shláinte amach anseo. Má tá an méid sin cruinn is fíor go bhfuil díospóireacht cheart ag teastaíl, is cinnte nach bhfuil muid ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an bpraiseach a rinneadh leis an mórleasú deireanach don chóras - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Molann an tAire Sláinte James Reilly córas sláinte na hÍsiltíre. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

Easpa ban le srian a chur ar mhire airgeadais

Ó thit an ghéarchéim eacnamaíochta dhomhanda amach, tá suntas tugtha ag roinnt daoine don mhéid fear a bhí ciontach ina leith. Is fir iad formhór na bpolaiteoirí nach ndearna rialúchán ceart ar an earnáil airgeadais agus formhór na mbaincéirí, stocbhróicéir, srl., a chuaigh ar mire le hiasachtaí agus infheistíochtaí bómánta. Dá mbeadh níos mó ban ar Wall Street, i gCathair Londain nó ar bhord Bhanc Angla-Éireannach an gcuirfeadh siad srian ar mhire na bhfear? Tá súil agam nach bhfuil an teoiric seo fíor. Má tá, léiríonn figiúirí a fuair Jonathan O'Brien ó Shinn Féin faoi na daoine ar bhoird na n-áisíneachtaí atá faoi chúram na Roinne Airgeadais go bhfuil muid fós i bponc.

As an 96 duine atá ar bhoird na n-eagraíochtaí seo, is fir iad 79 acu, nó 82% díobh. Is fir iad cúigear as seisear a cheap an tAire Airgeadais reatha, Michael Noonan, ar bhord Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann. Is fir iad seisear as an seachtar ar bhord Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an áisíneacht a dhíolann bannaí rialtais) agus Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an dream a rinne infheistíocht leis an gcúlchiste pinsin, go dtí gur chuir an AE-IMF ruathar air). Níl ach bean amháin ar bhord Chomhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, dream a dhéanann cigireacht ar an earnáil airgeadais, agus ar bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (Nama), an ciste sócmhainní is mó ar domhan de réir roinnt measúnaithe. Níl bean ar bith i measc an ochtair ar bhord an *'Irish Bank Resolution Company'*, nó Banc Angla-Éireannach mar a ghlaodh air tráth dá raibh.

Níl bean ar bith i measc an ochtar ar Bhord an Irish Bank Resolution Corporation, nó Banc Angla-Eireann mar a ghlaodh air. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND

Mar a dúirt mé, tá súil agam nach bhfuil an teoiric fíor! Táthar ann, ar ndóigh, a déarfadh nach bhfuil rud ar bith cearr leis an éagothromaíocht seo, go gceaptar daoine ar bhoird dá leithéid bunaithe ar an gcumas atá iontu. Deirtear an méid sin freisin nuair a mholtar idirdhealú dearfach ar son na mban nó ar son mionlaigh.

Dá mbeadh sé sin fíor agus gur ar chumas amháin a cheaptar daoine, chaithfeá a chreidmhéail go bhfuil fir in Éirinn ceithre huaire níos cumasaí ná mná ag cúrsaí airgeadais, mar shampla, nó nach bhfuil céimithe ollscoile le cúlra Arabach nó Afracach sa Fhrainc leath chomh chumasach is atá daoine ó chúlraí eile leis na cáilíochtaí céanna. Ní dóigh liom go bhfuil a leithead fíor.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)*

Tá ráchairt i gcónaí ar dhaoine a bhfuil ardscileanna acu sa Ghaeilge scríofa, san aistriúchán agus san eagarthóireacht.

Is cúrsa páirtaimseartha ar líne thar dhá bhliain é seo do dhaoine atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna aistriúcháin agus eagarthóireachta agus cáilíocht ghairmiúil a bhaint amach. Díreofar sa chúrsa ar raon leathan téacsanna a aistriú go Gaeilge, ar chruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle agus ar fhadhbanna coitianta a aithint agus a réiteach.

Tuilleadh eolais ó Stiúrthóir an Chúrsa, an Dr. Antain Mac Lochlainn, ag antain.maclochlainn@nuim.ie nó ó teanga@nuim.ie

Suíomh gréasáin: http://www.nuim.ie/language/courses/hdip-trans.shtml

Teil: 01 7086417 / 7083737 00353 (0)1 / 7086417

Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Má Nuad
Co. Chill Dara

Beidh an cúrsa teoranta do 30 duine.
Dáta deiridh do na hiarratais: 1 Meitheamh 2012
*leibhéal 9

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

Conradh na Gaeilge an-sásta leis an Ard-Fheis

Leanfaidh 'Aontas Phobal na Gaeilge' ar aghaidh lena bhfeachtas i gcoinne an tSamhla Nua Maoinithe'

Katie McGreal

Bhí breis agus 150 duine i láthair ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in Inis, Contae an Chláir, ag an deireadh seachtain seo caite. Bhí idir theachtaí eagraíochta, Theachtaí Dála agus Sheanadóirí, aoichainteoirí, bhaill den phobal, agus imreoirí Fhéile Peile na nGael, agus deir lucht Chonradh na Gaeilge go raibh siad an-sásta leis an deireadh seachtain iomlán.

Atoghadh Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge 2012, mar uachtarán arís do 2013 le linn an deireadh seachtaine. Ní raibh éinne eile sa rás leis.

"Táimid chun leanúint ar aghaidh ag cur brú ar an bhForas (na Gaeilge) mar gheall ar na scéimeanna atá acu," a deir Ó hAodha, "agus ag cur obair Aontas Phobal na Gaeilge chun cinn."

Labhair Ó hAodha faoin bpríomhsprioc atá ag Conradh na Gaeilge, an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáththeanga labhartha na hÉireann.

Chualadar tuairiscí ó eagraíochtaí atá faoi scáth an Chonartha. Labhair Méadhbh Ní Dhomhnaill ar son Ógras Ógeagras, Liam Ó Maolaodha ar son Oireachtas na Gaeilge, Donnchadh Ó hAodha ar son Clódhanna Teoranta agus An Siopa Leabhar, Síne Nic an Ailí faoin gCoimisiún le Rincí Gaelacha agus bhí Brenda Ní Ghairbhí ann ar son Sheachtain na Gaeilge.

Phléadar neart rún le linn an deiridh seachtaine freisin chun plean oibre a thabhairt do lucht Chonradh na Gaeilge don chéad bhliain eile.

Bhain neart de na rúin leis an Roinn Oideachais. Bhí an Ard-Fheis i gcoinne chinnidh na Roinne Oideachais agus Scileanna deireadh a chur le deontais d'ábhair oidí le freastal ar chúrsaí tumoideachais Ghaeilge sa Ghaeltacht mar chuid riachtanach dá gcúrsa.

Glacadh go dtagann an cinneadh salach ar na moltaí a rinne an rialtas sa Straitéis 20 Bliain agus freisin ar na cinn a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Tá an Ard-Fheis ag iarraidh go gcuirfeadh an Roinn plean comhtháite teanga le chéile chun feabhas a chur ar gach Gaelscoil ó Inis siar go Carraig an Chabhaltaigh in 2012.

Táthar ag iarraidh go gcuirfeadh an tAire Oideachais deireadh leis an gcinneadh maidir leis an gcóimheas nua atá molta idir líon na ndaltaí agus múinteoirí bunscoile.

Chomh maith leis sin, táthar ag iarraidh go gcuirfeadh an Roinn Oideachais plean struchtúrach i bhfeidhm mar gheall ar thodhchaí scoileanna na Gaeltachta, mar chuid den Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Rónán Mistéil ón gCraobh Raidió de chuid Chonradh na Gaeilge ag labhairt ar na rúin ag Ard-Fheis na heagraíochta san Óstán Auburn Lodge in Inis, Contae an Chláir maidin Shathairn seo caite, 31 Márta.

Teachtaí Ard-Fheise Íte Ní Chionnaith agus Mait Ó Brádaigh le Páidí Ó Lionáird, aoi-chainteoir ag glacadh sosa ón bplé ar chomhstraitéis ghníomhach uile-Éireann don Ghaeilge ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in Inis an deireadh seachtain seo caite.

Cé go raibh an Ard-Fheis ag iarraidh go gcuirfidh an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta plean forbartha chun an Ghaeilge a threisiú i gContae an Chláir a chur le chéile, ní raibh deis acu an rúin faoin bhfeachtas stádas Gaeltachta a fháil don Chontae toisc gur tharraingeadar siar an rúin.

"Tá grúpaí fócais in Inis, i mBaile Munna agus i gCluain Dolcáin faoi lathair ag plé na ceiste seo," a deir Seósamh Mac Ionnrachtaigh, urlabhraí thar ceann an choiste gníomhach in Inis faoin bhfáth gur tharraing siad siar é, "Táimid sásta leis an méid atá ag tarlú leis an mBille (Gaeltachta) nua."

Ghlac an Ard-Fheis le rún ag moladh gur ceart den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta saineolaí idirnáisiúnta sa phleanáil teanga a cheapadh ionas gur féidir leo moltaí cuimsitheacha a fháil ar an athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ghlacadh leis an rún, "is ceart Cothrom na Féinne a thabhairt do phobal labhartha na Gaeilge ó thuaidh, agus Acht Gaeilge ceartbhunaithe a ghníomhú láithreach chun cearta teanga na ndaoine sin a chosaint. Shíleadar gur ceart go mbeadh straitéis láidir chuimsitheach ann i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus go mbeadh an straitéis seo mar chéim eile i dtreo Acht na Gaeilge."

Atoghadh Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge 2012, mar uachtarán arís do 2013 le linn an deireadh seachtaine. Ní raibh éinne eile sa rás leis. "Táimid chun leanúint ar aghaidh ag cur brú ar an bhForas (na Gaeilge) mar gheall ar na scéimeanna atá acu," a deir Ó hAodha, "agus ag cur obair Aontas Phobal na Gaeilge chun cinn."

Pléifidh an Coiste Gnó na rúin sin, agus na cinn eile gur ghlacadar leo ag cruinniú ar an gCéadaoin, 16 Bealtaine. Toisc gurb é an Luan seo caite, 1 Aibreán, spriocdháta de mholtaí a chur isteach ar Fhoras na Gaeilge mar gheall ar an tSamhail Nua Maoinithe, rinneadar neart plé ar an gceist.

Shíleadar i gcoitinne gur ceart go mbeadh na scéimeanna iomaíoch molta sa tSamhail Nua Maoinithe a chur ar leataobh láithreach agus samhail chomhpháirtíochta a chur ina n-áit agus na heagraíochtaí a fhágáil lena mbunmhaoinithe féin a dhéanamh agus laghdú a dhéanamh ar an líon eagraíochtaí ag gníomhú go neamhspleách óna chéile.

"Caithfidh aon samhail nua mhaoinithe infreastruchtúr na n-eagraíochtaí reatha a aithint. Is ceart go mbeidh airgead leanúnach ann nó, ar a laghad, 10 mbliain i gceist le haon samhail nua mhaoinithe," dar leis an Chonradh.

D'eagraigh Na Gaeil Óga CLG comórtas seachtar-an-taobh ar thráthnóna Dé Sathairn agus bhí an bua ag an gclub áitiúil, Éire Óg.

Coiste Gnó Nua

Chuireadar Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge don bhliain úr le céile. Seo iad na baill nua, Pádraig Mac Fhearghusa, Paula Melvin, Jacqueline Uí Mhuirí, Breandán Mac Fhionnghaile, PT Mac Ruairí, Celine Ní Chóchlaigh, Eoghan Mac Cormaic, Máire Ní Laoire, Peadar de Blúit, Leachlainn Ó Catháin, Cóilín Ó Cearbhaill agus Aodhán Ó Deá.

Foirgneamh nua á éileamh ag an 'Ghaelscoil Ghaeltachta'

Katie McGreal

BHEARTAIGH tuismitheoirí agus muintir na Gaillimhe feachtas a thosú chun maoiniú a fháil ón rialtas don fhoirgneamh nua atá ag teastáil ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh.

Tá cead pleanála faighte ag an scoil ach sa phlean do sceideal tógála foirgneamh do scoileanna a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna trí seachtainí ó shin, níl Gaelscoil Mhic Amhlaigh luaite ann.

Deir an Roinn go ndearna siad an cinneadh sin de barr fadhbanna airgid atá acu faoi láthair ach hé sin deireadh an scéil dóibh.

D'fhreastail os cionn 400 duine ar chruinniú poiblí a bhí ar siúl i mBóthar na Trá i nGaillimh an Déardaoin seo caite agus léirigh siad a bhfearg faoin scéal. An lá céanna, d'ardaigh an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh an cheist sa Seanad. Bhí sé ag iarraidh fáil amach cén fáth nach raibh an scoil sin luaite sa gclár infheistíochta caipitil a d'fhógair an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, le déanaí chomh maith le fáil amach cé na deiseanna atá ann don scoil achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh. Dúirt Ciarán Cannon, TD do Ghaillimh Thoir, gur féidir leis an scoil leanúint ar aghaidh ag cur a cás i láthair.

Thosaigh lucht an fheachtais achainí agus tá 3000 síniú acu cheana féin. Seolfar é sin go dtí an tAire Oideachais chun tuairimí mhuintir na háite agus thuismitheoirí na scoile a léiriú dó.

D'oscail Gaelscoil Mhic Amhlaigh in 1993 agus tá 450 dalta bunscoile acu. Tá leath díobh sin i ranganna sealadacha faoi láthair.

Tá an scoil suite sa Ghaeltacht Oifigiúil i gCnoc na Cathrach, ar imeall Chathair na Gaillimhe.

Chuid den slua a bhí i láthair ag an gcruinniú poiblí i mBóthar na Trá, Gaillimh, an tseachtain seo caite.

Gearrliosta Chomórtas Uí Néill 2012 fógartha

D'FHÓGAIR Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge gearrliosta Chomórtas Filíochta an Choirnéil Eoghain Uí Néill an tseachtain seo caite.

Fuaireadar 65 iarratas don chomórtas i mbliana agus d'éirigh le hocht gcinn go dtí pointe an gearrliosta. Sin iad 'Deireadh na Feide' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh ó Bhóthar na Trá, Contae na Gaillimhe, 'Céad shiolla Dheirdre' le Doireann Ní Ghríofa ó Bhaile an Chollaigh, Contae Chorcaí, 'An Charraig' le Brian Ó Tiomain ó Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath, 'Súilean gan Aodann' le Calum MacLeòid ó Dhún Éideann, Albain, 'An dán grá is ansa liom' le hAodán Ó Sé ó Montenotte, Cathair Chorcaí, 'D'iascaire Coiribeach' le hArt Ó Súilleabháin ó Chorr na Móna, Contae na Gaillimhe, 'Cé go bhfuil tú imithe uainn' le Brian Ó Tiomáin ó Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath agus 'Crann' le Doireann Ní Ghríofa ó Bhaile an Chollaigh, Contae Chorcaí.

Beidh craobh cheannais an chomórtais ar siúl ar an Déardaoin, 12 Aibreán i gCois Teallaigh ar Shráid Chill Dara i mBaile Átha Cliath ó 8in ar aghaidh. Bronnfar duais €500 ar bhuaiteoir an chomórtais mar aon le corn in onóir an Choirnéil Eoghain Uí Néill.

Athair Bródúil!

An Taoiseach Éanna Ó Cionnaith in éineacht lena iníon, ` Aoibhinn Ní Chionnaith ag Gradaim Bhord na Gaeilge 2012 i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar an Luan seo caite.
PIC: FENNELLS

Faoiseamh' d'aonad Gaeilge Chaisleáin Uidhilín

£40,000 faighte ón Roinn Oideachais

Colm Ó Broin

TÁ áthas léirithe ag tuismitheoirí faoin maoiniú don bhliain seo chugainn atá faighte ag aonad Gaeilge dara leibhéal i gCaisleán Uidhilín i gContae an Dúin.

Dúirt an Roinn Oideachais ó thuaidh go gcuirfeadh siad £40,000 ar fáil don aonad atá lonnaithe i Meánscoil Naomh Maolmhaodhóg agus a d'oscail i mí Mheán Fómhair seo caite.

Dúirt duine de na tuismitheoirí, Marcas Mac Ruairí, gur chuir bainistíocht na scoile in iúl ag tús na seachtaine seo caite go raibh siad sásta an t-aonad a mhaoiniú ar feadh tamaill ach nach bhféadfaí é a dhéanamh go deo.

Fuair na tuismitheoirí deascéal ón Roinn Dé hAoine seo caite, áfach. Ní rabhthas cinnte an gcuirfeadh an Roinn maoiniú ar fáil de bharr líon na ndaltaí atá ag freastal ar an aonad faoi láthair.

Tá 12 dalta ag teastáil chun aitheantas buan a fháil ach níor thosaigh ach cúigear daltaí san aonad mí Dheireadh Fómhair seo caite.

Dúirt Marcas Mac Ruairí nach bhfuair tuismitheoirí na mbunscoileanna lánGhaeilge sa cheantar scéal ón Roinn go dtí mí na Márta seo caite go mbeadh an t-aonad ag oscailt agus go raibh a bpáistí cláraithe ag go leor acu le meánscoileanna eile faoin tráth sin. Dúirt sé go raibh an chuma ar chúrsaí go mbeadh deichniúr nó níos mó ag tosú san aonad i mbliana.

Dúirt sé freisin go mbeadh ardú ag teacht ar líon na bpáistí a bheadh ag críochnú i mbunscoileanna lánGhaeilge i nDún Pádraig, Caisleán Uidhilín agus Cill Chaoil amach anseo agus go dtiocfadh ardú ar líon na bpáistí san aonad dá réir.

FOLÚNTAS

Oifigeach Foilsitheoireachta (1 bl)

COIS LIFE
www.coislife.ie

COIS LIFE FOILSITHEOIRÍ GAEILGE

Oifigeach Foilsitheoireachta de dhíth.
Post lánaimseartha ar conradh bliana.
Sonraí iomlána ar an suíomh.

www.coislife.ie
Spriocdháta le hiarratais: 30 Aibreán 2012

Foras na Gaeilge

arts council ealaíon funding literature artscouncil.ie

TRÁCHTAIREACHT

An Cluiche Claonach

Aindrias Ó Cathasaigh

Ar deireadh, léim Bertie Ahern agus Pádraig Flynn sula gcuirfí thar aill iad, ach tá an pionós seo cosúil le corpán a dhí-adhlacadh lena chrochadh. Tá a gcuid dochair déanta acu cheana, agus is fál ar an ngort thar éis na foghla é.

Ar ndóigh, níl iomlán an scéil againn fós. Is iomaí sin síneadh láimhe a tugadh agus is iomaí sin gar a rinneadh orthu nach gcloisfear trácht orthu go deo os comhair aon bhinse. Tá a shliocht ar an míbhail atá fágtha ar stráicí móra den tír le glúin nó dhó.

Ba chóir na caimiléaraí seo agus a gcuid cleasanna a thabhairt chun solais agus a chosc, go deimhin, ach níor chóir dearmad a dhéanamh ar an mbunfhírinne anseo. Daoine a bhfuil airgead acu agus tuilleadh uathu, is féidir leo cúrsaí polaitíochta a chlaonadh ar mhaithe leo féin gan aon dlí a bhriseadh ná aon bhreab a íoc, agus déanann siad chuile lá den saol é.

In ómós don Fhéile Pádraig, déanann airí rialtais aithris ar na nathracha a díbríodh ag an mbachall naofa, ach amháin nach imeacht gan teacht acu é. Téann siad go dtí na ceithre hairde le dearbhú do lucht airgid an tsaoil go bhfuil neart brabaigh le fáisceadh as oibrithe in Éirinn, agus deontais anuas air. San am céanna, déanann siad stocaireacht saor in aisce do lucht gnótha na hÉireann thar lear.

Glactar leis mar ghnáthscéal go bhfeidhmeodh polaiteoirí ar leas na saibhre mar seo. Ní fheiceann muid iad ag gabháil amach ag rá le mórchomhlachtaí idirnáisiúnta gan gás Mhaigh Eo agus Liatroma a bhreith leo ar mhodhanna contúirteacha. Ní bhagraíonn siad orthu gan a gcuid oibrithe in Éirinn a chaitheamh ar an deol gan fiú airgead ceart iomaíochta a íoc leo. Ní ar shon rudaí dá leithéid, rudaí is gaire do leas ag ár bhformhór, a théann siad chun catha.

Is údar gaisce ag an rialtas nótaí gealltanais Anglo-Irish a chur ar an méar fhada. Níl déanta acu i ndáiríre ach méadú ar an ús agus an chéad ghlúin eile a tharraingt faoin mbró muilinn freisin. Ach cé nach miste leis an gcóras polaitíochta síneadh laimhe i ndiaidh síneadh láimhe a thabhairt uainn leis an gcóras baincéarachta a theanntú, ní ritheann sé leis suim i bhfad ní ba lú a chaitheamh chun eastáit tithíochta in anchaoi a chur i gceart, abair.

Ar mhuin na muice a bhí siad. Bertie Ahern, a bhí ina Thaoiseach ag an am in éineacht le Pádraig Flynn in 2002 mar chuid de fheachtas olltoghchánaíochta. D'éirigh an dá fhear seo as Fianna Fáil - glacadh go forleathan go raibh sé ar intinn ag an pháirtí iad a chaitheamh amach. [Pic : Leon Farrell Photocall Ireland]

Fiú ma fhanann na polasaithe ar an dul ceannann céanna, tá cead againne na polaiteoirí a bhabhtáil gach cúig bliana, cead nach bhfuil ag muintir na Síne, cuir i gcás. Mar sin féin, sin iad Enda Kenny agus a chomhghleacaithe ag tláithínteacht leo siúd a imríonn dúshaothrú millteanach ar oibrithe na Síne, a cheileann bunchearta daonlathacha ar na pobail faoina smacht. Ní ligtear do mhionrudaí dá samhail a ghabháil sa mbealach ar chúrsaí gnótha.

Ní nuaíocht ar bith é polaiteoirí Éireannacha a bheith ar thoscaireacht trádála chun na Síne nó ag fáiltiú roimh a leithéid ón tSín. Ach an nglacfaidís páirt i dtoscaireacht ceardchumannaithe a bheadh ag éiliú cearta d'oibrithe na Síne? Nó toscaireacht ar shon cearta daonna sa tír, nó neamhspleáchas na Tibéide?

Bhagair Phil Hogan go mbeifí ag gabháil ó dhoras go doras leis an gcáin tí a bhaint as daoine, cáin mhíchothrom le cuid den pholl a d'fhág tarrtháil na mbancanna a líonadh. Ach is beag an baol go mbeifear ag gabháil ó dhoras go doras san Ionad Seirbhísí Airgeadais i mBaile Átha Cliath le tabhairt ar na seachantóirí saibhre a gcion ceart de cháin na tíre a íoc.

[PIC :LEON FARRELL / PHOTOCALL IRELAND]

Bhí an claonadh céanna le feiceáil sna meáin. Thug siad poiblíocht leanúnach do shuíomh idirlín lucht bailithe an cháin tí agus bealaí éagsúla lena híoc. Ach níor phoibligh siad suíomh an fheachtais in aghaidh na cánach, ná eolas eile ar mhaithe leis an móramh a dhiúltaigh í a íoc.

Tá toradh na gcleachtas a nochtaíodh i dTuarascáil Mahon le feiceáil fós ar imeall na príomhchathrach go mór mór, ar dearnadh fearann cearrbhachais ag forbróirí de, seachas ceantracha le pobail a thógáil. Bearta neamhdhlithiúla ba bhun le cuid de, cinnte, ach bhí a lán de nár chosain clúdach donn ar bith, a fritheadh saor in aisce mar go raibh polasaithe an stáit ar thaobh na n-amhantraithe seachas ar thaobh na bpobal.

Níor léir don stát sin aon bhealach le tithe a chur ar fáil ach mar sheachtháirge ar an mbrabúsaíocht, agus fágadh an talamh glan ag comhlachtaí a raibh brabach mar chuspóir acu seachas leas na ndaoine. Ní léir don stát sin fós aon bhealach eile le obair ar bith a chur sa siúl ach airgead a stuáil i bpócaí atá lán cheana, ag ceapadh go dtiocfaidh bláth éicint ar an mbeagán a thitfeas amach astu.

Sin é bunúdar ár gcuid anró, san am a caitheadh agus san am i láthair. Ach tá páirc na polaitíochta claonta ina bhfábhar siúd a bhfuil an mhaoin mhór acu agus in aghaidh na cosmhuintire. Fiú dá mbéarfaí ar chuile shleamhnánaí a thugann nó a ghlacann breab, tá rialacha úra ag teastáil le go mbeidh seans ag an bhfoireann cheart an bua a fháil.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Daonáireamh agus na Meáin Ghallda

TOSAÍMIS le ráiteas seanchaite a úsáideadh i bhfad rómhinic, ach riachtanach é a chur as bealach - 'bréaga, bréaga lofa agus staitisticí'.

Ar ndóigh, is gléas iad staitisticí chun teacht chun tuiscintí ar rudaí, ní hionann iad agus an fhírinne ghlan - tá go leor anailíse le déanamh ar thorthaí Dhaonáireamh 2012 go fóill. Mar sin féin, tá go leor le baint astu.

Bhí go leor clúdach sna meáin Bhéarla le seachtain anuas ar na torthaí ón daonáireamh maidir leis an Ghaeilge, bhí cuid de cruinn, bhí cuid de míchruinn agus bhí roinnt mhaith eile de bréagach amach is amach.

'cupla (sic.) focal in decline' a dúirt ceanteideal sa 'Sunday Independent' - de réir na bhfíricí, áfach - níl sé sin fíor.

Léirigh na figiúirí a mhalairt, sin go bhfuil rath ar an Ghaeilge.

Ní haon ábhar éadóchais é an daonáireamh (seachas do Ghaeltacht Rath Cairn, Mhaigh Eo agus na Déise).

Léiríonn an blas diúltach a cuireadh ar na figiúirí i gcuid mhór de na meáin Bhéarla go bhfuil siad buartha faoi dhul chun cinn na Gaeilge - nó teip na Gaeilge bás a fháil nuair a d'ordaigh siad é?

Ar ndóigh, tá sean-taithí againn ar chlaontacht na meán gallda agus ar aineolas 'intelligentsia' na hÉireann i leith na Gaeilge, agus mar gheall air sin ar stair iomlán na hÉireann, ar litríocht iomlán na hÉireann, ar pholaitíocht iomlán na hÉireann.

Tuairiscíodh ar fud na meán gallda seo go bhfuil níos mó cainteoirí Polainnise sa Phoblacht na Gaeilgeoirí.

Níl sé sin fíor, agus sin bun agus barr an scéil. An bhfuil níos mó cainteoirí Polainnise in Éirinn ná Gaeilgeoirí - muise níl, ach an bhfuil níos mó daoine ag caint Polainnise sa bhaile ná Gaeilgeoirí ag caint Gaeilge sa bhaile - tá cinnte.

Ar ndóigh, caithfidh muid Gaeilge a chur á labhairt cois tine in athuair nó gheobhaidh an teanga bás ach cén bhaint atá idir sin agus an méid Polainnise atá á labhairt sa tír?

Faic na ngrást.

Tá ceist le freagairt ag na meáin ghallda - cén fáth a gceapann siadsan go mbeadh Gaeilgeoirí buartha faoin méid cainteoirí Polainnise atá in Éirinn?

Cad a insíonn sé sin fúthu?

Ón méid daoine a bhfuil eolas éigin acu ar an Ghaeilge, is ábhar díomá go bhfuil líon na gcainteoirí laethúla chomh híseal agus atá.

Ar ndóigh, tá sé tubaisteach go bhfuil níos lú ná 2% ag baint úsáide as an Ghaeilge mar theanga an tí - caithfear rud éigin a dhéanamh faoi sin, agus beidh sin ar an obair is mó a bheidh le déanamh ag gluaiseacht na Gaeilge agus ag na heagraíochtaí pobail sna Gaeltachtaí.

Tá sí á láidriú, mar a léirigh Gaelscéal cheana, mar 'coffee table language' ach tá pobail na Gaeilge ag teip a bpáistí a thógáil mar Ghaeil. Sin an fhírinne - níl hé go bhfuil 'an Ghaeilge faoi ionsaí ag an Bhéarla'.

Ní ábhar éadóchais gur dhúirt 110,000 go labhraíonn siad Gaeilge go seachtainiúil ach ábhar dóchais - tá an teanga 'á labhairt' ar a laghad - is rud dearfach é sin.

Agus an mbeadh sé chomh deacair sin iad a thiontú ina gcainteoirí laethúla?

Dá mba fhéidir, tá seans ann go bhfuil figiúr 'aislinge' na Straitéise Fiche Bliana - 250,000 - inbhainte amach?

40 Bliana de RTÉ Raidió na Gaeltachta

BEIDH díospóireacht de dhíth amach anseo Comhghairdeas le RTÉ Raidió na Gaeltachta as a bheith ar an aer le 40 bliain.

Ná déanaimis dearmad ar an streachailt a bhí ann chun an stáisiún a bhaint amach sa chéad dul síos agus caithfidh muid ar fad a bheith fíorbhuíoch do na feachtasóirí a bhain an cath sin dúinn go léir.

Tá gá le díospóireacht ar thodhchaí RTÉ Raidió na Gaeltachta, áfach, agus ar na cláir a bheas á gcraoladh amach anseo, ach ní don tseachtain seo é sin.

Seo seachtain cheiliúrtha.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Ó Cadhain ar an Ionsaí i gComhar

Donncha Ó hÉallaithe

Leathchéad bliain ó shin, in eagrán na Márta1962 den iris Comhar, foilsíodh alt fadálach gan ainm faoin teideal 'Do na Fíréin' gan chead an choiste eagarthóireachta. Máirtín Ó Cadhain a scríobh an t- alt, inar maslaíodh go leor daoine i saol na Gaeilge. Foilsíodh an t-alt mar phaimfléad ina dhiaidh sin. Ba é cleachtas Uí Chadhain an duine nár aontaigh sé leis a ionsaí go binbeach agus go tarcaisneach. Níor spáráladh mórán de na daoine móra le rá i saol na Gaeilge san alt úd 'Do na Fíréin', inar breacadh maslaí go fairsing ar phár le teann feirge.

Caithfear a racht feirge a chur i gcomhthéacs. Cúpla mí roimhe sin reáchtáladh olltoghchán inar chuir Fine Gael, faoi cheannas an cheannaire nua James Dillon, polasaí chun cinn chun deireadh a chur le éigeantas na Gaeilge i scrúdaithe stáit. Le linn an fheachtais toghchánaíochta, is cosúil gur mhol Dillon an cur chuige a bhí ag Gael Linn i dtaobh na Gaeilge agus bhí Ó Cadhain oibrithe le Gael Linn dá bharr, San alt d'ionsaigh sé Dónall Ó Móráin agus Riobard Mac Gabhráin ó Ghael Linn faoi gur fhan siad ina dtost faoi pholasaí Ghaeilge an Diolúnaigh, in áit labhairt amach ina aghaidh. Bhí Ó Cadhain ar cheann de na bunaitheoirí a bhí ar Gael Linn i 1953.

Máirtín Ó Cadhain

Rinne sé ionsaí aisteach ar phrotastúnaigh inar dhúirt sé go raibh 'na Protastúin agus na Gall-Chaitlicigh i gcónaí agus fós sásta tréas a dhéanamh', ráiteas a spreag freagra ó fear darb ainm dhó Damhlaic Mag Shamhráin a dúirt go bhfuil 'Protastúin na tíre seo lán chomh dualgasach is atá na Caitlicigh'. 'Nó go mbeidh Sasana i gcontúirt ar bith!' a d'fhreagair Ó Cadhain.

Sa gcéad eagrán eile den iris, bhí ar an eagarthóir, Breandán Ó hEithir, leithscéal a fhoilsiú, ní uaidh féin ach ón gComhchaidreamh a dúirt go mba oth le Coiste Gnó na heagraíochta 'dá mba údar gortaithe an t-alt do dhuine ar bith, do Ghael Linn nó d'aon eagraíocht eile atá luaite ann'.

Ach chomh maith leis an leithscéal a fhoilsiú rinne Ó hEithir dúshlán an choiste eagarthóireachta a thabhairt leis an eagarfhocal seo a leanas a fhoilsiú os cionn an leithscéil. Go gairid ina dhiaidh sin d'éirigh sé as an eagarthóireacht.

Comhar, Aibreán, 1962

Do na Fíréin

'Is ionann iris a fhoilsiú agus cruinniú poiblí a stiúradh, Bíonn guthanna éagsúla ann - *Aeolian cave of voices* faoi mar adúradh i gcomhthéacs eile. Ina ár gcás féin is féidir na guthanna dhealú mar seo: bíonn tuairimí oifigiúla an Chomhchaidrimh á gcur in iúl nuair a foilsítear ráiteas ón gComhchaidreamh. Faightear tuairimí na hirise sna príomhaltanna agus "Comhar" féin atá freagarthach astu. In aon áit eile is iad tuairimí an scríbhneora ar leith atá dá léiriú. Ní gá gur ionann tuairimí an Chomhchaidrimh agus tuairimí "Comhar", ná tuairimí "Comhar" agus tuairimí na ndaoine a scríobhann inti.

Tugtar forum go minic do thuairimí nach réiteodh muid féin leo agus déantar san ar mhaithe leis an bplé agus leis an athscrúdú a spreagann siad.

Cúis an mhínithe seo, míthuiscint ab fhéidir a bheith ar dhaoine faoi n-ár seasamh i dtaobh aiste a foilsíodh in eagrán na míosa seo caite. Bhí a fhios againn go dtarraingeodh sé conspóid ach is iris conspóideach "Comhar".

Cuid bhunúsach de charachtar "Comhar" an chonspóid agus an uair a shéanfas "Comhar" conspóid ar mhaith le síochán beidh malairt irise dá foilsiú seachas an ceann atá dá foilsiú le fiche bliain anuas.

Táimid ag iarraidh ar phobal na tíre bunathrú a dhéanamh ar a gcóras beatha. Chuige sin is gá i gcónaí a chinntiú nach dtiocfaimid chun réitigh leis an saol mórthimpeall orainn - a bheith sásta le bua beag anseo agus an dóchas beag ansiúd agus an t-achar atá le dul againn a ligean i ndearmad.

Tá bunábhar scrúdú consiasa san alt do lucht na Gaeilge go léir...'

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

"Coimhéad fearg fhear na foighde"

Páidí Ó Lionáird

Má mholann an obair an fear, tá Phil Hogan i bponc! Cad a cheap an tAire Comhshaoil a tharlódh? Nuair a bhíonn rialtas ar bith ag iarraidh beartas ar nós táille nó cáin nua a thabhairt chun cinn, de ghnáth deineann siad amhlaidh mar chuid de cháinaisnéis agus de ghnáth ní bhíonn mórán aighnis faoi. Fearg? B'fhéidir. Ach aighneas? Ar éigin é.

Ní hamhlaidh an cás leis an muirear teaghlaigh, táille nó cáin atá tar éis an daonra a scoilt ina dhá leath ó thaobh comhlíonadh de. Faoi mar atá, tá nach mór 800,000 teaghlach i ndiaidh an cháin seo a íoc. Má tá féin, tá 800,000 teaghlach eile nach bhfuil tar éis í a íoc ar iliomad cúiseanna.

Cuid acu mar nach bhfuil sé d'acmhainn acu an €100 a íoc. Tá cuid eile fós nár íoc ar bhonn prionsabail, mar chomhartha agóidíochta in aghaidh na fealsúnachta atá bainteach leis an táille agus cuid eile fós arís nár íoc mar go bhfuil siad ag fanacht go bhfeicfidh siad cad a tharlóidh - an ngéillfidh an tAire faoi mar ar ghéill sé do cheist na ndabhchanna séarachais.

Táimse ina measc siúd ar shlí amháin. Tá mo theaghlach deighilte ar an gceist.

Tuigim go bhfuil gá leis agus d'ainneoin go bhfuil mo theacht isteach iar-chánach tite an oiread céanna le héinne eile, tuigim go bhfuil an pota folamh. É sin agus tuigim, i ndeireadh na dála, go mbeidh orainn an mhuirear a íoc ach le pionós agus/nó fíneáil agus go gcosnóidh sé níos mó ansin ná mar a chosnódh dá n-íocfainn é roimh mheán oíche an tSathairn seo caite.

I gcás mo mhná céile, áfach, scéal eile ar fad atá ann. Is oide meánscoile í mo bhean agus tá a tuarastal tite 45% le trí bliana anuas. Leis an titim sin ina tuarastal tá a cuid feirge imithe i méid dá réir agus níl sí sásta suí siar gan a cuid feirge a léiriú, is cuma cén pionós a gearrtar uirthi dá bharr.

É sin agus dar léi, toisc nach linn an teach ina bhfuil cónaí orainn - is linn céatadán de toisc go bhfuil morgáiste scór bliana eile fós le n-íoc againn - níor chóir go mbeadh orainn ach luach an chéatadáin is linn a íoc.

Nuair a chloiseann gnáthdhaoine a bhíonn síochánta agus umhal do dhlíthe na tíre Aire sinsearach ag bagairt dúshláin orthu, a mhinicí ná a mhalairt is cuma cé chomh ceart ná cóir is atá an cháin bhreise - ní maith leo bagairt d'aon sórt.

Chomh maith le sin, nuair a bheidh tréimhse oibre mo bhean chéile istigh agus í ag díriú ar a pinsean a bhailiú, beidh an tsuim a bheidh ar fail aici i bhfad níos ísle ná mar a bhí luaite sna téarmaí tagartha nuair a thosaigh sí an teagasc an chéad lá riamh. Tuigeann sí, ar ndoigh, go bhfuil géarchéim sa tír agus tuigeann sí go gcaithfidh an státchóras gach ní a chiorrú, íocaíochtaí pinsin san áireamh.

Ní thuigeann sí, áfach, cén fáth nach gcaithfidh na polaiteoirí glacadh leis na ciorruithe céanna. Mar ní chaithfidh.

Nuair a deineadh leasú ar an reachtaíocht agus ar an mbille airgeadais, d'fhonn cead a thabhairt don rialtas an tsuim pinsin a íoctar le státsheirbhísigh agus oibrithe eile sa státchóras a ghearradh, glacadh leis gur mar a chéile a bheadh do na polaiteoirí. Mícheart.

Cinnte ciorrófar an méid a íoctar le polaiteoirí ina bpinsin amach anseo - beidh an dream atá ann faoi láthair - sa Seanad agus sa Dáil slán ón gciorrú seo, áfach.

Níor deineadh mórán fógartha ar an leasú seo, ar deineadh? Agus cúis an-mhaith lena choimeád ciúin. Nuair is aire sinsearach tú is léir nach bhfuil tú ar chomhchéim le cosmhuintir na tíre!

Is anseo atá an fhadhb don Aire Phil Hogan agus gach ball eile den chomhrialtas seo. Is léir nach dtuigeann siad go raibh saoránaigh na tíre den tuairim go raibh cothromaíocht idir cách - pé fulaingt a bhí le déanamh, go mbeadh sé cothrom agus mar an gcéanna do gach éinne ar bhonn pro rata.

Níl agus ní léir go mbeidh.

Nuair a d'fhéach muid ar an nuacht teilifise le deireanaí, chonaiceamar pictiúir den Taoiseach ag bualadh an chloig oscailte gnó sa stocmhargadh i Nua Eabhrac cúpla seachtain ó shin. Taobh leis, bhí an fhear gnó, Denis O'Brien a bhí lárnach ina measc úd a cáineadh i dtuairisc Bhinse Fiosruithe Moriarty anuraidh. Seo fear a bhíonn mar ábhar gearáin agamsa go rialta, mar de réir mar a thuigim, tá bille cánach gnóthachan caipitiúil (CGT) de £50 milliún fós le n-íoc aige leis an státchiste.

Cuma liom má íocann sé tuarastal Trappatoni nó nach n-íocann, íocfadh sé a bhille linne, pobal na tíre ar dtús.

In áit a bheith ar thóir na ndaoine úd is mó atá buailte cheana féin le cáin agus breis costas, sin má tá post fós acu, ba cheart don rialtas seo aghaidh a thabhairt orthu siúd is mó atá ciontach le creimeadh na heacnamaíochta - baincéirí, forbróirí agus araile. Táimíd fós ag léamh scéalta fúthu sna nuachtáin go mbíd ag baint taitnimh as saol an mhadaidh bháin - bolg le gréin agus ag diúl uainne!

Go dtí go ndíríonn an Taoiseach agus a Chomhaireacht go tréan orthu sin, is féidir leis a bheith ag súil le pobal atá trodach agus míshásta go ceann tamaill eile.

An tAire Chomhshaoil Phil Hogan ag caint leis na meáin taobh amuigh d'Ard-Fheis Fhine Gael oíche Dé hAoine seo caite
[PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

An chearc agus an ubh

Conall Ó Móráin

Ní fios cé acu a tháinig i dtosach, an chearc nó an ubh. Ar an gcaoi chéanna, ní fios ar chum comhairleoirí contae agus Teachtaí Dála caimiléireacht nó an í an chaimiléireacht a chum an sórt duine ar chaith an Binse Fiosrúcháin um Chúrsaí Pleanála agus Íocaíochta Áirithe cúig bliana déag á fhiosrú?

Daoine gránna, suaracha iad uilig. Tá roinnt acu ainmnithe, tá roinnt fós faoi scrúdú agus tá duine nó dhó acu tar éis am a chaitheamh sa phríosún. Tá súil agam go leanfaidh a thuilleadh acu iad isteach sna cillíní.

Nuair a bhí mé ag smaoineamh ar théama na seachtaine seo, bhuail sé mé gurb é an t-aon chúis go raibh orainn, mar thír, suas le €300 milliúin a chaitheamh ar Bhinse Mahon ná de bharr saint polaiteoirí, forbróirí agus oifigigh phleanála.

Mar an chéile is de bharr sainte go bhfuil aithne phoiblí ar John Gilligan, na Dundon/McCarthy's nó clann na Dunnes ag dul siar níos faide i stair dhrugaí mídhleathacha na tíre.

Tóir ar an airgead an fáth go meallfar daoine isteach i ngnó mangaireacht drugaí. Is féidir deich n-uaire do chuid airgid a dhéanamh go han-tapa ar fad.

Níl ort ach cileagram de channabas a allmhairiú ón Ísiltír go hÉirinn, é a fhoroinnt agus é a athdhíol ar an margadh anseo, agus an fhad gur féidir leat fanacht amach as an phríosún is féidir éirí an-saibhir ar fad as an ngnó.

An fáth gur smaoinigh mé ar mhangairí drugaí agus mé ag léamh torthaí an Bhinse Fiosrúcháin ná go bhfuil, nó go raibh, an méid brabaigh chéanna le déanamh as cead pleanála d'fháil ar thalamh.

Seo mangaireacht drugaí dóibh siúd a bhfuil bónaí bána orthu. Minic go leor bheadh luach €10,000 ar acra talún roimh cead pleanála, luach a d'fhéadfadh léimt faoi dheich nuair a d'athrófaí an cead pleanála.

Níl difear ar bith idir an tsaint a mheallann duine amháin i dtreo mangaireacht drugaí agus duine eile ag déanamh caimiléireachta ar an gcóras pleanála.

Mar a chonaic muid, bhí na mílte agus na mílte Euro (nó seanphuint mar a bhí ann ag an am) le déanamh ag gach cruinniú míosúil ag Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath dá mbeadh comhairleoir sásta clúdach litreach donn an stocaire Frank Dunlop a ghlacadh.

Tá an chuma ar an scéal, bunaithe ar an fhianaise a tugadh don Bhinse, go raibh craos dochreidte ar bhuíon de na comhairleoirí a gcuid lámha a chur ar an airgead 'salach' seo.

Rinne siad gach ní ina gcumhacht stop a chur le haon chomhairleoir macánta a tháinig sa mbealach orthu.

Deirtear go ndearna siad fiú bagairt orthu siúd a bhí ag iarraidh cloí leis an dlí - cé chomh cosúil leis na Dundon/McCarthy's atá, nó a bhí, siad?

Á léamh, bhí cuma ar an scéal go raibh fiabhrais sainte i measc na gcomhairleoirí, fiabhras a chuireadh i gcuimhne duit radharcanna a d'fheicfeá i scannáin cosúil le 'Scarface', áit gur thosaigh an mangaire drugaí ar bhonn beag áitiúil, ach nuair a thuig sé cé mhéad airgid a d'fhéadfaí a déhanamh mhéadaigh agus mhéadaigh an tsaint aige.

I ndeireadh, sna scannáin, is gnách

An scéal Titanic ar eagal leo insint

Eoghan Ó Néill

Scéal de na scéalta is iontaí dár insíodh riamh é, más fíor. Cad chuige mar sin nach n-insítear scéal an Titanic ina iomláine, an t-olc agus an náire mar aon leis an laochas agus an maith.

Chuir James Cameron leagan áibhéileach Hollywood ar an scáileán agus rinne sé na milliúin as.

Anois tá polaiteoirí agus tráchtairí agus iriseoirí an Tuaiscirt ag cumadh leagan níos áibhéilí fós féachaint le saibhreas nua a shaothrú ón bhranda Titanic.

Níl spás san athinsint nua sin áfach don cheannlíne 'Women and Children Last.'

B'shin an ceannlíne a bhí ag an 'Daily Herald' in 1912 agus iad ag tuairisciú ar an dóigh ar tugadh cathaoirleach an White Star Line, Bruce Ismay, slán ón tubaiste, eisean agus formhór na bpaisinéirí céad agus dara grád.

Den 255 bean agus páiste a bhí sna cábáin tríú grad, áfach, bádh 134 acu, 53 páiste agus 81 bean.

Airgead a shocraigh cé acu de na paisinéirí a mhairfeadh agus cé acu a rachadh go grinneall na farraige leis an long bhriste.

Shílfeá go mbeadh téama maith ansin do sheastán san ionad taispeantais nua, seastán a mhíneodh dúinn leis an teicneolaíocht is nua-aoisí, 'Why did the poor people die?'

Ach ní dócha go mbeidh tagairt dó sin san ionad taispeántais nua.

Go fiú Martin McGuinness, níor imigh sé ón script.

Tagairt ar bith uaidh don rud a bhí ar intinn ag go leor dá vótóirí agus go dtaispeántar an mangaire ag dul as a mheabhair de bharr a chuid farasbairr. Sin i Hollywood, ar ndóigh, áit ar maith leo deireadh sona a bheith leis an scéal. Is maith leis an lucht féachana go mór é nuair a lámhachtar na coirpigh.

Sa bhliain 1971 d'iarr an Rialtas ag an am ar an mBreitheamh Kenny taighde a dhéanamh ar céard ba chóir a dhéanamh faoi chúrsaí pleanála agus talamh na tíre.

Breis agus daichead bliain ina dhiaidh níl fiú an téacs ar thuairisc Kenny i gcló (is féidir é a fháil ar an idirlíon).

Cúpla bliain ó shin chuir Frank Daly, a bhí ina Choimisinéir Ioncaim, moltaí eile ar aghaidh faoi céard a d'fhéadfaí déanamh faoin gcóras pleanála ach arís níl faic déanta ag polaiteoirí leis na moltaí seo.

Ag breathnú ar an scéal mar bhreathnóir neamhspleách d'fhéadfadh duine bheith amhrasach ar cé'n fáth nach bhfuil faic tarlaithe.

Is maith le roinnt polaiteoirí an córas mar atá sé mar go dtugann sé cumhacht dóibh agus tugann sé airgead do bhuíon bheag acu.

Cosúil le drugaí is sa ghanntanas atá an brabach. Tá andúiligh sásta pé mhéid airgead a chaithfidh siad díol as druga a dhíol.

Dá mbeadh na drugaí flúirseach ní bheadh an brabach ann don mhangaire. Ait go leor cabhraíonn an dlí mar atá sé faoi láthair le mangairí drugaí.

Mar an chéile le 'mangairí talamh'. Más féidir le húinéir stráice talamh an luach air a ardú ó €10,000 go €100,000 nach bhfuil gach dreasacht ann don úinéir gach iarracht a dhéanamh cead pleanála a lorg don talamh ?

Ar ndóigh tá. Agus chun é sin a dhéanamh an fiú dó cabhair comhairleoirí contae a lorg ? Ar ndóigh is fiú.

Agus más fiú breis luach, abair, €5 milliúin ar an talamh an fiú don úinéir céanna a bheith 'flaithiúil' chun an chabhair sin a lorg ? Bí cinnte de. Sin mar a oibríonn an saol.

Dúirt an scríbhneoir Mark Twain gurb iad an dá rud cinnte inár saoil ná an bás agus cánacha. Ag glacadh le mana Twain má chuirtear cáin 75% ar aon bhrabach eisceachtúil, cáin amhantar, a dhéanann duine as cead pleanála d'fháil nach gcuirfeadh sé sin stop, borb, tobann le hiarrachtaí caimiléireacht a 'bhrú' ar chomhairleoirí?

Ní mise an chéad duine a mhol an mhéid seo. Tá moltaí dá shóirt déanta le gar le leath chéad bhliain ach is cuma cén rialtas a bhí againn a rith an ama sin níor cuireadh a leithéid i gcrích. N'fheadair cén fáth?

Dá mbeadh a leithéid ann bheadh foinse bhreise cáin ag an Rialtas.

Ní fhéadfadh úinéirí talamh na céadta milliúin Euro proifíd a dhéanamh gan fiú sluasaid a chur sa talamh acu.

Ní chuireadh sé isteach ar cheannach nó díol talamh (seans go ndéanfadh lucht rachmais iarrachtaí a leithéid do cháin a loice sna cúirteanna ach gan aon éileamh ar thalamh tógála faoi láthair níl am níos fearr chun a leithéid a chur i gcrích).

Chiallódh sé freisin go gcuirfeadh sé srian ar chostas suímh tógála a chuireadh, dá bharr, srian ar ardaithe i gcostas tithe. Á mbeadh an srian sin ann le fiche bliana anuas an mbeadh an tír tar éis dul go hiomlán fóir na blianta ó shin ag iarraidh na milliúin a dhéanamh as tithíocht.

Mura mbeadh b'fhéidir nach iad na Gearmánaigh a bheadh i bhfeighil orainn faoi láthair agus gan €80 billiúin nó a bhreis d'fhiachais caillte againn. Ó, agus ní dóigh go mbeadh orainn €300 milliúin a thabhairt do dhlíodóirí Mahon.

Céad-Aire an Tuaiscirt, Peter Robinson in éineacht leis an Leas-Chéad-Aire, Martin McGuinness agus iad ag oscailt an ionaid nua 'Titanic Experience' i mBéal Feirste Dé Sathairn seo caite.

iad ag éisteacht faoi chomh iontach is a bhí/atá an Titanic do 'Northern Ireland' nó chomh hiontach is a bhí oibrithe Harland & Wolff.

Tagairt ar bith do 'Shipyard Confetti.'

An meascán sin de thairní is de scriúnna a thiteadh ina cith ar chloigeann Chaitlicigh Bhéal Feirste am ar bith a bhí oibrithe an longchlóis míshásta.

Ní dhearna Martin tagairt ach oiread do James Curran.

I mí Mheithimh 1886, bhí an stócach seo 15 bliain d'aois ón Trá Gearr fostaithe san Alexandra Basin nuair a thosaigh 300 oibrí Oráisteach ag batráil na gCaitliceach a bhí ag obair ann.

Gortaíodh deichniúr go dona agus nuair a chonaic James an scaifte chuige d'fhéach seisean agus beirt eile snámh chomh fada le bád a bhí i lár an abhann.

Bhain an bheirt eile an bád amach, ach ceal fuinnimh nó de thairbhe gur bhuail seam é, bádh James.

B'fhéidir nár maraíodh mórán Caitliceach in eachtraí mar sin sa longchlós ach is cinnte gur dhíbir oibrithe Protastúnacha a gcomhoibrithe Caitliceacha (agus oibrithe Protastúnacha a bhí 'sóisialach') nuair a bhuail an fonn iad.

Na mílte mílte acu.

Agus go rialta.

D'fhág na polaiteoirí agus na meáin agus na tráchtairí – seachas leithéidí Fionnuala O'Connor aguss Jude Collins - an chuid sin den scéal gan insint.

Go fiú féin tá athscríobh stair an Titanic agus an longchlóis chomh háibhéileach sin anois is gur dúradh linn go raibh bród as cuimse ar phobal Bhéal Feirste 'as the ship left Northern Ireland on 2 April 1912.'

Ní raibh ann do 'Northern Ireland' an t-am sin!

Agus seachas phobal Bhéal Feirste a bheith aontaithe le bród faoin long, bhí an pobal scoilte faoin Titanic mar a bhí faoi gach rud eile.

Is i modh grinn a deirtear anois go raibh 'FTP' péinteáilte ag oibrithe Protastúnacha ar chabhail an Titanic agus go raibh oibrithe Caitliceacha i ndiaidh cúpla scriú a fhágáil gan teannadh.

Ach léiríonn na scéalta beaga sin meon phobal na cathrach.

Tá cúiseanna ag gach duine sa Tuaisceart chun a mhothú míchompordach faoi 'athbhrandáil' seo an Titanic.

Caitheadh €120m nó £90m ar an áras Titanic.

An raibh sé le ciall an oiread sin airgid a infheistiú in aon mhórfhiontar turasóireachta amháin?

Chuir an Northern Ireland Audit Office, agus go leor saineolaithe eacnamaíochta eile, a n-imní in iúl. Cearrbhachas atá i gceist le haon mhórfhiontar turasóireachta mar seo.

Agus tá go leor againn a chreideann go mba chéillí an €120m a chaitheamh ar chomharsanachtaí Bhéal Feirste a athbheochan ar bhealach a dhéanfadh leas do phobal uile na cathrach seachas saibhreas a chaitheamh ar cheathrú amháin a bheidh ar bheagán daoine.

Agus nach bhfuil rud éigin a dhéanann míchompordach tú faoi 'cheiliúradh' ar eachtra inar bádh 1,513 duine?

Níl sna daoine bochta sin ach mionaisteoirí in athinsint Bhéal Feirste ar scéal an Titanic.

Tá fiche cúis eile ag daoine chun a bheith míshocair faoi 'cheiliúradh an Titanic.'

Ní chluinfear caint mar sin an tseachtain seo.

Ach in ainneoin gach a bhfuil ráite agam, is mór liom go bhfuil iarracht a dhéanamh faoi dheireadh chun an ceangal Béal Feirsteach leis an Titanic a chur os comhair an domhain.

Agus cuireann an t-áras lonrach nua go mór le breáthacht an cheantair cois Lagáin.

Ach thar aon rud eile, taitníonn sé liom go bhfuil na hoibrithe uilig san ionad taispeántais Titanic seo, atá tógtha ar shuíomh an tseanlongchlóis, fostaithe ann de thairbhe a gcumas seachas a gcreideamh.

Nach mór an t-athrú sin.

Sin rud is fiú a cheiliúradh.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Áine Ní Dhomhnaill, Maeve Ní Churraoin, Mairéad Ní Ghráinne, Caoimhe Ní Chonghaile agus Sorcha Ní Fhrighíl ó Choláiste Chroí Mhuire, An Spidéal ag casadh ceoil tradisiúnta i seó tallainne na scoile "Conamara mo Ghrá" le déanaí.

Andreas Vogel, eagarthóir Leabhar Inis Bearachain a d'fhoilsigh Muintearas agus Seán Ó Coistealbha tar éis dóibh an phríomhdhuais a bhaint amach don fhoilseachán is fearr ag Gradaim Oidhreachta na Comhairle Contae le déanaí in éineacht le Méara Chontae na Gaillimhe, Cllr Michael Maher, agus Kevin Kelly ó Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Amhránaí na Bliana Nell Ní Chróinín ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus a deirfiúr Mary Ann ag ócáid bhronnta Ghradaim Cheoil TG4 i Luimneach. Craolfar ceolchoirm na nGradam Cheoil ar TG4 oíche Dhomhnach Cásca. PIC: Ó LOINGSIGH

Na rannpháirtithe sa chomórtas Jigs'n'Reels a bhí á reáchtáil ag Cumann Naomh Mhuire i Rann na Feirste ag an deireadh seachtaine seo caite.

Na haoichainteoirí, Irene Ní Nualláin, Bláthnaid Ní Chofaigh, Marcus Ó Buachalla agus Siobhán Seoighe ag Buntáiste Breise na Gaeilge a bhí ar siúl san Uaimh ar an Máirt seo caite. D'eagraigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an ócáid chun na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge san ionad oibre a chur in iúl de dhaoine óga.

An tAire Stáit Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich le foireann Chomharchumann Thoraí agus Diarmaid Ó Mórdha ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le linn a chuairte ar Thoraigh ar an Déardaoin seo caite chun suíomh idirlín Choláiste Pobail Thoraí a sheoladh.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Buille fill do thionscail an troisc?

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil go bhfuil an buille fill uilig faighte ag an trosc feilme ar chósta thiar Chonamara.

Sceith na mílte trosc as eangacha ar Chuan na Beirtrí Buí le gairid agus níl trosc ar bith fanta anois.

Fágann seo go bhfuil drochdheireadh ag an scéim forbartha feilméireachta trosc a tosaíodh in iarthar Chonamara - agus a raibh dóchas mór as - 7 mbliana ó shin.

Tá Trosc Teo., an comhlacht a bhí ag plé leis an tionscnaimh troisc, faoi leachtú anois le scaitheamh.

Ach rinneadh socrú le hInstitiúid Mháirtín Uí Riain in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh go gcoinneofaí an trosc a bhí fanta sna heangacha ar Chuan na Beirtrí Buí cothaithe.

Bhí an Institiúid á dhéanamh sin agus stiúir ar an obair san Ionad Taighde i gCarna.

Ach tugadh faoi deara le gairid go raibh an trosc uilig imithe as an heangacha gar do Chor an tSalainn ar Chuan na Beirtrí Buí.

Ceaptar gur thug rónta fogha fúthu agus gur stróiceadh na heangacha.

Scéim thrialach a bhí sa tionscnaimh feilméireachta troisc ach bhíothas ag súil go dtiocfadh bláth air agus go bhfásfadh tionscail as; bheadh sí ina tionscail nua sa tír seo uilig, a dúradh san am.

Faoin mbliain 2004 bhí tuairiscí ann go forleathan go raibh an stoc trosc sna farraigí geall le bheith ídithe ar fud an domhain.

Ceapadh go mbeadh go leor éilimh ar throsc feilme dá bharr sin. Bhí Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i measc na gceannródaithe ag cur tús le scéim thrialach go bhfeicfí an bhféadfaí trosc a bheathú agus a chothú in uiscí na hÉireann.

Buaileadh faoin iarracht sna farraigí gar do chósta Charna in iarthar Chonamara agus bhí an tIonad Taighde Mara - cuid d' Institiúid Mháirtín Uí Riain in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i lár báire san obair.

Bhí siadsan ag cothú na dtrosc beag sa Saotharlann i gCarna. B'shin í an chéad chuid den obair.

D'éirigh go maith leis sin, mhéadaigh an trosc sna tancanna agus cuireadh an chun farraige iad.

Cé go raibh sé ina imní nach mbeadh an t-uisce sách fionnuar ar chósta thiar na hÉireann ní cosúil gur chuir sin as don trosc sna cliabháin sna cuanta.

Faoi cheann cúpla bliain bhí cuid acu fásta chomh maith agus go rabhadar le cuir ar an margadh.

Eagraíodh ócáid nuair a díoladh an chéad bhreac acu agus tugadh poiblíocht náisiúnta dó sin.

Bhí roinnt dreamanna eile tugtha isteach san iarracht ag an tráth seo: bhí na feilméaraí éisc ar nós Damian Ó Ceallacháin, muintir Laoi agus na Flatharta as an Aird Mhóir ina measc.

Ach theastaigh infheistíocht mhór agus ní raibh sin ag teacht ón earnáil phríobháideach. Lena chois sin fuarthas amach nach raibh an trosc nádúrtha sa bhfarraige chomh gann agus a dúirt na saineolaithe i dtosach agus bhi soláthar maith go leor dó ar fáil go hidirnáisiúnta.

Níos gaire do bhaile ní raibh Trosc Teo ar fónamh. Bhí deacrachtaí ann scaití ag fáil síl agus b'éigean a dhul taobh amuigh den tír dá cheannacht.

Ní raibh gorlann in Éirinn agus níor dearnadh aon fhorbairt ar cheann. Bhí roinnt á dhíol ón mBeirtreach Buí ach chaill na dreamanna as Conamara airgead leis. Leachtaíodh Trosc Teo anuraidh. Bhí iarracht ar bun leis an méid a bhí fanta a mhéadú agus bhíothas ag súil go bhféadfaí socrú a dhéanamh go gcuirfí na bric bheaga sa Saotharlann amach sna cliabháin - cé nach raibh aon chinnteacht ann faoin gcineál córais agus struchtúir a bheadh ann.

Níl struchtúr ná comhlacht fanta anois agus tá an trosc imithe le sruth. Cé gur taispeánadh go bhféadfaí feilméireacht troisc a dhéanamh in Éirinn tá an snátha taighde agus forbartha briste.

Tá an dóchas a bhí ann seacht mbliana ó shin go dtiocfadh tionscail nua mara faoi bhláith in Éirinn imithe leis.

Cois Fharraige

Ceardlann Stiúrthóireachta sa Spidéal

Katie McGreal

BHÍ ceardlann stiúrthóireachta mar chuid den scéim gearrscannán, Scéal, ar siúl sa Spidéal an tseachtain seo caite le cabhair, moltaí agus tacaíocht a thabhairt do na stiúrthóirí atá ag glacadh páirte sa scéim.

Rinneadar ceardlann aisteoireachta, léiriúcháin agus deartha. Bhí deis acu moltaí a fháil faoin script a bhí acu agus rinneadar neart taifead le linn na seachtaine chun taithí a fháil. Rinneadar taifead ar radharcanna a bheidh ina ngearrscannáin féin agus fuaireadar moltaí ó dhaoine a bhfuil neart taithí acu.

Ghlac na stiúrthóirí, Niall Fallon, Cathal Ó Cuaig, Colm Bairéad, Micheál Ó Dubháin, Tom Ó Suilleabháin agus Luke McManus páirt sa cheardlann agus bhí na stiúrthóirí, Declan Recks, Paddy Breathnach agus Tom Collins ina gcomhairleoirí ag an gceardlann.

"An buntáiste is mó a bhí ag an gceardlann," a deir Cathal Ó Cuaig, "ná taithí a roinnt lena chéile. Bhí sé iontach a bheith ag obair leis na meantóirí a bhfuil go leor taithí acu agus a bhí sásta é a roinnt."

Bhí Niall Fallon an-sásta leis an gceardlann freisin agus shíl Ciarán Ó Cofaigh ó Rosg gur d'éirigh go hiontach leis na rannpháirtithe agus na comhairleoirí.

"Thaitin sé go mór leo," a deir sé.

Tosóidh scannánaíocht ar na gearrscannáin an mhí seo chugainn agus nuair a bheidh siad críochnaithe, craolfar ar TG4 iad.

Declan Recks, comhairleoir agus Cathal Ó Cuaig, stiúrthóirí a ghlac páirt sa cheardlann stiúrthóireachta a bhí ar siúl sa Spidéal an tseachtain seo caite mar chuid den scéim gearrscannán, Scéal. PIC: MARTIN MAGUIRE

SAORVIEW
LEICTRŌ CHONAMARA
oifig: 091 595 092
gach seirbhís teilifíse dhigiteach
all digital television services
glaoch ar / call
John Walsh 087 235 7096
official saorview agent seirbhis SKY agus FREESAT

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

Café Sol Rio a bhuaigh comórtas 'Fuinneog Phádraig' i mbliana.

Maigh Eo

Café Sol Rio ar son na Gaeilge

Katie McGreal

BHUAIGH Café Sol Rio, an bhialann agus caife ar Shráid an Droichid i gCathair na Mart an comórtas Fuinneog Phádraig mar chuid d'fhéile Lá Fhéile Pádraig i mbliana.

Comórtas é seo a eagraíonn Gnó Mhaigh Eo agus Cumann Tráchtála Chathair na Mart. Bíonn ar na comhlachtaí atá ag iarraidh páirte a ghlacadh ann a gcuid fuinneog a mhaisiú i dtéama do Lá Fhéile Pádraig, ag úsáid an méid Gaeilge is féidir leo. Bhí orthu na fuinneoga a fhágáil mar sin le linn an deiridh seachtaine fada ionas go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil ag muintir na háite agus ag na cuairteoirí.

Tá lucht Gnó Mhaigh Eo ag iarraidh go spreagfadh an comórtas seo na gnólachtaí chun smaoineamh ar an Ghaeilge a úsáid go rialta agus iad ag maisiú a gcuid fuinneoga.

Is é an ról atá ag Gnó Mhaigh Eo ná cabhair a thabhairt do ghnólachtaí i Maigh Eo an Ghaeilge a úsáid ina gcuid gnó. Is féidir leo comhairle a thabhairt faoi scéimeanna maoinithe 50-50 de chuid Fhoras na Gaeilge do chomharthaíocht dátheangach (a bhfuil suas le €1500 ar fáil as mar dheontas) agus d'ábhair dhátheangacha eile (suas le €1000). Baineann na scéimeanna seo le comharthaíocht, cártaí gnó, bróisiúir agus mar sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó 098 26555 nó r-phost a sheoladh chuig eolas@gnomhaigheo.ie.

Léann Teanga ar fáil san Acadamh

Katie McGreal

BEIDH iarchéim nua sa Léann Teanga ar fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh don bhliain acadúil ag tosú i Meán Fómhair 2012.

Is clár nuálach máistreachta é a chuirfidh béim ar leith ar chruinnscríobh na Gaeilge, modheolaíochtaí taighde agus ar an tsochtheangeolaíocht. Beidh deis ag mic léinn díriú ar speisialtóireachtaí éagsúla freisin, ar nós aistriúchán, ardscileanna teanga agus pleanáil teanga.

Beidh sé á thairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus é mar aidhm ag an chúrsa céimithe ardoilte le hardscileanna teanga a chur ar fáil. Beidh deis ag mic léinn é a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne ag www.pac.ie/nuigalway ag úsáid an chóid PAC GYA94 agus tá tuilleadh eolais maidir le spriocdhátaí a fháil ag http://www.nuigalway.ie/postgrad/assessmentdates/. Is féidir tuilleadh eolais faoin gcúrsa a fháil ar an suíomh www.oegaillimh.ie/acadamh nó ón Dr Conchúr Ó Giollagáin ag 091-595101 nó leannteanga@oegaillimh.ie

Cúl le héirí na gréine i reiligí na Gaillimhe

Ar lean o leathanach a haon

Ceadaíodh méaduithe ar reilig Mhaírois ar an mBanrach agus i reilig Mhaírois i gCarna ag cruinniú na seachtaine seo caite de Chomhairle Contae na Gaillimhe agus beidh polasaí nua reiligí na Comhairle Contae i bhfeidhm sa dá áit sin ach a mbeidh siad réitithe amach.

Le cois na rialacha nua faoin treo a mbeidh na clocha cuimhneacháin iompaithe, beidh rialacha ann freisin amach anseo faoin méid a bheas sna clocha cuimhneacháin.

Cé nach bhfuil sé i bhfeidhm fós, tá feidhmeannaigh na Comhairle Contae agus fochoiste timpeallachta na Comhairle leagtha ar theorainn a chur le hairde agus le leithead na gcloch cuimhneacháin i reiligí na Gaillimhe.

Ceaptar go mbeidh an t-athrú seo i bhfeidhm am éicínt i mbliana. D'fhágfadh sin go mbeadh chuile chloch chuimhneacháin ar chóimhéid feasta.

Tá an Comhairleoir Jim Cuddy ina bhall de Choiste Timpeallachta na Comhairle Contae agus bhí plé aigesan cheana féin le cás a bhain leis an gcaoi a mbeidh na clocha cuimhneacháin casta feasta.

"Bhí an chéad chloch chuimhneacháin sa reilig nua sna Creaga i mBaile Cláir na Gaillimhe iompaithe i dtreo na gréine agus d'iarr mé - de bharr iarratais ón teaghlach a bhí i gceist - go bhfágfaí aghaidh na líne sin uaigheanna sa treo céanna".

Glacadh leis sin sa gcás sin ach beidh an chuid eile de na clocha cuimhneacháin cúl le cúl sa reilig.

Baineann traidisiún atá ag dul i bhfad siar le clocha cuimhneacháin agus uaigheanna a chur i dtreo na gréine. Ceaptar go mbaineann sé leis an Aiséirí sa traidisiún Críostaíochta.

Bhíodh traidisiúin ann freisin go mbíodh an altóir i dTeach an Phobail iompaithe sa treo céanna ionas go scallfadh an solas ó éirí na gréine isteach uirthi.

Ach tá go leor de na bealaí seo imithe anois, go háiríthe i gcathracha agus i mbailte móra agus tá deacrachtaí móra ann i dtaobh spáis.

I gcás méid na gcloch cuimhneacháin, creideann an Comhairleoir Jim Cuddy go bhfuil ciall leis an bplean go gcuirfí teorainn leis an múnla a bheidh orthu.

"Tá sin amhlaidh in áiteacha i Meiriceá, mar shampla," a deir Jim Cuddy. "Taobh amuigh de chúrsaí spáis ar fad, fágann sé go bhfuil muid uilig ar chomhchéim sa reilig".

Gearóid Mac Donncha, láithreoir agus iriseoir le RTÉ Raidió na Gaeltachta ag seoladh oifigiúil na hiarchéime nua, MA sa Léann Teanga, in éineacht le léachtóirí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Lisa Ní Fhlatharta, Rose Ní Dhubhdha agus Belinda McHale.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Fine Gall

Ardú i ndumpáil séanta

Colm Ó Broin

TÁ sé séanta ag Comhairle Contae Fhine Gall go bhfuil dumpáil mhídhleathach imithe ó smacht ó rinneadh príobháidiú ar bhailiúcháin dramhaíola teaghlaigh.

Mhaígh comhairleoir de chuid an Lucht Oibre, Tom Kelleher, go raibh ardú ollmhór tagtha ar dhumpáil le gairid, go háirithe i gceantar Shoird.

Bagairt don infheistíocht agus turasóireacht atá sa dumpáil agus ní mór don chomhairle cogadh a dhéanamh ar na daoine atá ina mbun, dar leis. Dúirt sé chomh maith go raibh an córas bailithe dramhaíola ina chíor thuathal ó tharla an príobháidiú ag tús na bliana. Tá tarscaoileadh don tseirbhís ag daoine ar dhaoine ar ioncam íseal go dtí Deireadh Fómhair na bliana seo ach ní fios go fóill an mbeidh orthu íoc as ina dhiaidh sin.

Tá sé ráite ag comhairleoir eile de chuid an Lucht Oibre, Ken Farrell, go bhfuil ardú tagtha ar dhumpáil mídhleathach i dtuaisceart Fhine Gall chomh maith. D'admhaigh Comhairle Contae Fhine Gall go bhfuil fadhb le dumpáil mhídhleathach sa chontae ach shéan oifigeach go raibh ardú tagtha ar an bhfadhb le deanaí.

Laois

"Ciall ar bith" le teach altranais a dhúnadh

Colm Ó Broin

NÍL ciall airgeadaíochta leis an bplean Ospidéal Mhainistir Laoise a dhúnadh, dar le Teachta Dála áitiúil.

D'fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí na Samhna seo caite go ndúnfaí na tithe altranais, cinneadh a spreag go leor cáinte agus

léirsithe móra sa cheantar.

Tá triúr ina gcónaí in Ospidéal Mhainistir Laoise, Maureen Delaney (89), Bridget O'Neill (92), agus Catherine Kelly (93), agus thóg siad cás chuig an Ard-Chúirt an mhí dar gcionn agus cuireadh stop leis an bplean ionas go bhféadfaí próiseas comhairliúcháin a reáchtáil, próiseas a thosaigh i mí Eanáir.

Dar leis an Teachta Sean Fleming, níl ciall ná réasún leis an bplean, áfach. De réir faisnéise a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí, níl costas iomarcach ag baint leis an gcúram a thugtar san ospidéal.

Dúirt an Teachta de chuid Fhianna Fáil go raibh meánchostas seachtainiúil de €1,166 i gceist do gach othar san 124 teach altranais phoiblí sa Phoblacht. "Ar an liosta seo tá (Ospidéal) Sián ag uimhir 17 le meánchostas seachtainiúil de €1,633. Tá Naomh Uinseann i Móinteach Mílic ag uimhir 39 le €1,294 agus tá Mainistir Laoise ag uimhir 64 le €1,161.

"Is léir ó fhigiúirí an FSS nach bhfuil ciall ar bith le hospidéal Mhainistir Laoise a dhúnadh toisc go bhfuil 63 teach altranais eile sa tír le meánchostas seachtainiúil níos airde ná é."

Dúirt an Teachta Fleming nár cheart go mbeadh an FSS ag dúnadh tithe altranais, ach go háirithe cinn ar nós Mhainistir Laoise atá níos saoire ná an meán, agus gur cheart dóibh an cinneadh a chur ar ceal scun scan.

Mná na nGael Óg caithréimeach ina gcéad chluiche sraithe

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ cúis ceiliúrtha ag Na Gaeil Óga, cumann CLG lánGhaeilge atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Dé Céadaoin seo caite, nuair a bhuaigh foireann peil na mban a gcéad chluiche sraithe.

D'éirigh leis na mná ceithre chúl agus cúig chúilín a fháil, agus bhuadar 4-5 le 0-6 in aghaidh fhoireann Naomh Jude. Bunaíodh foireann na mban i mí an Meithimh agus ó shin i leith tá an-obair curtha isteach ag gach éinne chun na himreoirí a fháil go dtí an leibhéal seo. Bhí go leor d'fhoireann na bhfear ann ag tacú leis na mná ag an gcluiche i bpáirc Choláiste Mhuire i gcathair Bhaile Átha Cliath, agus is léir go bhfuil an club ag dul ó neart go neart.

Tá foireann láidir bhainistíochta ag foireann peile na mban, le Shane Ó Faoláin, Dan Dowdall, Ciarán Ó Feinneadha agus Daithí Bán de Buitléir páirteach ann.

"Dul chun cinn iontach a bhí ann inniu. Bhí an cluiche ar feabhas agus d'imir chúile duine sármhaith. Táimid ag súil le séasúr rathúil mar aon le todhchaí rathúil agus is cinnte gur chéim ollmhór é seo i dtreo na spriocanna sin," a dúirt Cathaoirleach an chlub, Daithí Bán de Buitléir, i ndiaidh an chluiche.

Dar le Cóilín Ó Cearbhaill, atá ina bhainisteoir ar fhoireann B na bhfear, is 'forbairt nádúrtha' i saol na Gael Óg Clg, foireann na mbán a fheiceáil ag imirt an chéad chluiche sraithe anocht.

"Tá sé rí-thábhachtach go mbíonn pobal timpeall ar gach club agus cuireann foireann na mbán go mór le pobal na nGael Óg," ar sé.

É sin ráite, tá imreoirí fós de dhíth ar fhoireann peile na mban agus ar fhoireann na bhfear chomh maith. Má tá spéis ag éinne imirt leo nó páirt a ghlacadh in aon bhealach, is féidir scairt a chur ar Eoghan ar 0861954176.

Tá foireann na mban ag tnúth go mór le gach éinne a fheiceáil ag Comórtas Peile na Gaeltachta i mbliana.

Cill Dara

Comórtas Díospóireachta an Phiarsaigh 2012

Katie McGreal

BHUAIGH foireann díospóireachta sinsearach Iar-bhunscoil Mhá Nuad, Contae Chill Dara, Craobh na hÉireann de Chomórtas Díospóireachta an Phiarsaigh 2012 i bPort Laoise ar an Déardaoin seo caite.

Phléadar an rún, "Tá an teideal 'Oileán na Naomh agus na nOllamh' tuillte go fóill ag Éirinn!" agus bhuaigh Iar-bhunscoil Mhá Nuad i gcoinne foirne ó Choláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh, Coláiste Loreto, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann agus Pobalscoil Ghort Inse Guaire, Co. na Gaillimhe. Bhí an bua ag Meánscoil na Trócaire, Trá Lí, sa rannóg shóisearach leis an rún 'Droch-chultúr is ea an popchultúr!'.

Bhí an Dochtúir Louis de Paor ina aoichathaoirleach ar an oíche. Bhronn Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn, corn agus duais €1,000 ar na foirne buacacha agus fuair na foirne eile a bhí rannpháirteach sa chraobh duais de €250. Thosaigh an comórtas i mí na Samhna seo caite agus ghlac breis is 150 foireann páirt ann ó shin. Comórtas é seo a eagraíonn Gael Linn chuile bhliain do scoileanna dara leibhéil ar fud na tíre.

27ú Marta 2012. Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins i mbun chomhrá le Daire Brennan ón Chumann Gaelach, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus an tUachtarán ag tabhairt chuairt ar an Chumann Gaelach. [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Foireann díospóireachta shinsearach Iarbhunscoil Mhaigh Nuad, Co. Chill Dara, Deirdre Ní Chearúil, Éirin Ní Chearúil agus Niamh Ní Mhuirí, ag léim le háthas tar éis a mbua ag Craobh na hÉireann de Chomórtas Díospóireachta an Phiarsaigh 2012 i bPort Laoise ar an Déardaoin seo caite.

Cúnamh speisialta' ag teastáil ó Dhún Dealgan

Colm Ó Broin

TÁ cúnamh airgeadaíochta ag teastáil ó Dhún Dealgan de bharr caillteanas poist sa bhaile, dar leis an gcumann tráchtála áitiúil. Ainneoin go bhfuil Paypal ag beartú 1,000 post a chruthú sa bhaile, tá díomá léirithe ag an gcumann faoin nuacht go bhfuil Vodafone ag aistriú os cionn 300 post go dtí an tIúr. Fógraíodh níos luaithe i mbliana go mbeadh monarchan Diageo i nDún Dealgan ag dúnadh freisin.

Tá conradh seirbhíse custaiméara de chuid Vodafone ag aistriú ó Rigney Dolphin go Teleperformance, atá lonnaithe san Iúr.

"Tá díomá orainn nár léirigh an comhlacht (Vodafone) freagracht chorparáideach dá chuid custaiméirí agus fostaithe ó dheas," arsa uachtarán an chumainn, Paddy Malone.

"Iarrann muid ar Vodafone an méid fostaithe agus is féidir a choimeád sa mhonarcha nua, idir shocraithe taistil a éascú agus eile. Tá súil agam go gcoimeádfar an pá agus coinníollacha céanna freisin."

Dar le comhairleoir áitiúil, d'fhéadfadh Dún Dealgan €4.2 milliún a cailliúint in aghaidh na bliana de bharr an chinnidh.

Cé nach bhfuil ach deich míle idir Dún Dealgan agus an tIúr, beidh deacrachtaí ag oibrithe taisteal chuig an ionad nua, de réir Martin Murnaghan ó Fhine Gael.

Cháin an Communications Workers' Union Vodafone chomh maith.

Dúirt an ceardchumann go raibh os cionn 500 post aistrithe ón bPoblacht le 12 mhí anuas, idir na cinn atá ag dul go dtí an tIúr agus cinn eile a chuaigh go dtí an India agus an Éigipt cheana féin.

Dar le Delaney, níl go leor eolais ag na hoibrithe faoin méid atá beartaithe ag Vodafone.

Tá 'próiseas comhairliúcháin' sé seachtainí tosaithe ag an gcomhlacht agus tá sé deimhnithe acu go mbeidh an t-ionad i nDún Dealgan dúnta laistigh de shé mhí.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Na Déise

Oibrithe de dhíth!

Katie McGreal

TÁ Comhlacht Forbartha na nDéise i bPort Láirge ag lorg Gaeilgeoirí a bhfuil suim acu sa Ghaeilge, i bhforbairt na Gaeilge agus i bhforbairt na turasóireachta sa cheantar.

Tá duine ag teastáil uathu do riarachán oifige; ag freagairt fóin, comhdúcháin agus poist oifige eile. Freisin, tá duine ag teastáil uathu don Scéim Tacaíochta Teaghlaigh. Ní mór Gaeilge anmhaith a bheith ag an duine sin agus caithfidh siad a bheith in ann labhairt le páistí.

Rachaidh siad go dtí tuismitheoirí sa cheantar atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge ach go bhfuil tacaíocht ag teastáil orthu. Chomh maith leis sin, táthar ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar thurasóireacht sa cheantar agus má tá suim ag éinne i dturasóireacht ba cheart dul i dteagmháil leis an oifig.

Is féidir cur isteach ar na poist trí JobsBridge ar an suíomh, www.jobsbridge.ie nó téigh go díreach i dteagmháil le Cabríní de Barra ar cfdeise@gmail.com nó 058 46664.

"Tá an t-uafás oibre le déanamh sa cheantar," a dúirt Cabríní de Barra, bainisteoir forbartha sa chomhlacht, "cé nach bhfuil ach triúr fostaithe faoi láthair agus níl aon airgead againn."

Chuir siad na poist ar an gcóras JobsBridge i mí Iúil anuraidh agus arís i mí Eanáir i mbliana ach níor léirigh ach triúr suim iontu.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Ealaíon ar an mBuailtín

IS éí an t-ealaíontóir Clíodhna Cussen a osclóidh Féile na Cásca do chuid Oidhreacht Chorca Dhuibhne i mbliana ar an nDomhnach seo chugainn, Domhnach Cásca sa Mhaimín ar an mBuailtín. Leanfaidh an taispeántas go dtí an 15ú lá den mí. Seo ceann de na féilte ealaíne is sine i gCorca Dhuibhne, dar le stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Máire Uí Shíthigh a dúirt go bhfuil an fhéile ar an bhfód le nach mór daichead bliain! Beidh saothair le breis is ochtó ealaíontóir ar taispeáint, ag áireamh daoine aitheanta mar Liam Ó Néill, Maria Simonds-Gooding, Tomás Ó Cíobháin, Clíodhna Cussen Seán Mac Sweeney, Bob Ó Cathail chomh maith le healaíontóirí úrnua. Beidh na praghsanna ó €20.00 go €6,000.00. "Is fiú cuairt a thabhairt ar Fhéile na Cásca óir beidh tacaíocht á thabhairt agat d'ealaíontóirí agus d'obair Chomharchumainn Forbartha Chorca Dhuibhne agus bainfir sásamh as," arsa Máire.

Beidh amhráin thraidisiúnta á gcur i láthair ag daltaí bunscoile an cheantair ag an bhFéile. Deineadh an obair seo mar chuid de Scéim Amhránaíochta a bhíonn ar siúl ag hÁine Uí Laoithe agus Páidí 'Mhárthain' Mac Gearailt, scéim atá á maoiniú ag Ealaín na Gaeltachta do chuid Údarás na Gaeltachta. "Beidh amhráin mar, An Spealadóir agus An Saighdiúirín Singil, in stéile bheathaigh," ar sí.! Bíonn anfhreastal ar an taispeántas seo gach bliain.

Seisiún filíochta míosúil i dTabhairne Uí Chatháin

BA í Áine Uí Fhoghlú, Ní Mhurcú, ón Rinn aoi na hoíche ag seisiún filíochta míosúil Aos Cró i dTabhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín/Baile an Fheirtéaraigh ar an gCéadaoin seo caite. Bheadh anaithne ar Áine i gCorca Dhuibhne mar chaith sí breis agus leathbhliain ar an mBuailtín agus í an-óg. Ina dhiaidh sin chaith sí seal maith mar chlár reachtaire le Raidió na Gaeltachta i mBaile na nGall.

Bhí cur i láthair Áine beo soiléir, sárfhileatúilagus bhain a raibh i láthair an-shásamh as a n-aithris sí. Thagair dán do thragóid inar báthadh beirt ógánach ón gcomharsanacht a bhí ag iascach sa chuan agus dán faoi na sceitimíní a bhí ar a dteaghlach nuair a bhíodar ábalta, 'Saor-Raidió Chomamara', a chlos i dtús na seachtóidí. Thagair sí mar a chuaigh a tuismitheoirí go dtí an Astráil, as san go Baile an Fheirtéaraigh agus mar a lonnaíodar sa Rinn ó shin.

Orthu siúd a d'aithris dánta bhí Simon Ó Faoláin a eagraíonn an teacht le chéile, Louis Ó Maolchatha agus Peadar Ó hUalaigh. Tá iliomad gradam gnóthaithe ag Áine ag áireamh, Comórtas Filíochta Gaeilge Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comórtas filíochta Gaeilge Bhéal Átha na mBuillí agus duais chuimhneacháin Mhichíl Uí Airtnéide. Chaith Áine tamall ina 'scríbhneoir conaithe', le Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh. Ar a leabhra filíochta tá, 'Aistear Aonair', Coiscéim 1999 agus 'An Liú sa Chuan', Coiscéim 2007.

Stiúideo Nua do Fhionn Trá

IS í Miriam O'Callaghan, an pearsa teilifíse, a osclóidh an láthair stiúideo nua ealaíne i bhFionn Trá ar a 4 a chlog an Satharn seo chugainn. Is iad na healaíontóirí Sara Nic Liam agus Siobhán Fál, ó Chontae an Chláir an bheirt a bhunaigh an dánlann seo. Tá béim faoi leith acu ar ealaíon 'fuinneoga daite'. "Tá an cheard seo ar bun agam le breis agus deich mbliana," arsa Siobhán, "agus bainim an- shásamh as". is é atá i gceist againn, agus táimid ar an mbóthar le tamall," arsa Sara, "ná ealaín a chur ar fáil a mbeidh téagar ag baint leis agus a mbeidh teacht air ag an ngnáthphobal gan poll ródhomhainain a chur ina sparán."

Caide na Gaeltachta

TÁ foireann sinsir caide na Gaeltachta tar éis cáiliú do chluiche ceathrú ceannais Idirmheánach an Chontae. Bhuadar ar Ghleann Fleisce i nGleann Fleisce ar an Satharn seo caite leis an scór 0-12 v 0 - 8. Cháilíodar don chluiche leathceannais dhá bhliain ó shin agus tá siad ag súil le smiotán den ádh an babhta seo. Ní raibh an smiotán sin leis na daoine óga faoi 14bl. ar an nDomhnach seo caite, mar bhuaigh Caislean Ghriaire ortha le 4-9 v 4-8. Athrú scéil, mar bhí an t-ádh le Siobhán Lowe a bhuaigh 300 Euro i dtarrac seachtainiúil lató na Gaeltachta in Tigh Bhric, le muintir Shiopa Mhic Eoin Bhaile na nGall a bhuaigh duais an díoltóra agus le Pól Ó Loinsigh a bhuaigh duais an tí.

'Rás na Mumhan' ag críochnú ar bharr Mhám Conrach

BEIDH stáid do 'Rás na Mumhan', rothar ag críochnú ar bharr Mhám Conrach an Satharn seo chugainn timpeall a leath tar éis a trí. Tosnóidh an dara stáid den rás, sa Daingean agus leanfaidh siar go Fionn Trá, go Dún Chaoin, Paróiste an Fheirtéaraigh, ó thuaidh go dtí An Mhuirígh, an Fheothanach agus ar ais 'un Daingean. Ní ansan a stad ach ar aghaidh go dtí Lios Póil, Abhainn an Scáil, an Cam, Caisleán an Ghriaire, an tSráidbhaile agus suas an Chonair mar a mbeidh an críoch tar éis 130 Km. Tá suim le fada i sport na rothaíochta i gCorca Dhuibhne mar go raibh an-churaidh rothaíochta ann ag áireamh an fhir ghnó sa Daingean, Páidí Mac Gearailt, a bhuaigh Rás Tailteann sa bhliain 1956.

Féile Sléibhteoireachta

ANOIS go bhfuil an triomach tagtha bhraithfeá go bhfuil fuadar breise le braith ar lucht na siúlóidí mar tá féilte agus ócáidí éagsúla ar bun le friotháil orthu siúd a bhfuil fonn siúil nó bóthair orthu. Beidh a bhféile Sléibhteoireachta ag coiste

Páidí Mharthain Mac Gearailt atá ag múineadh amhránaíochta de dhaltaí scoile ó Scoil an Fheirteirigh in éineacht leis na daltaí sin. PIC: OIDHREACHT CHORCA DHUIBHNE.

Chlochán Bhréanainn ar an 21ú agus 22ú den mí seo. Deir siad go mbeidh dhá shiúlóid 'dheacra', ann agus dhá cheann 'bhoga'. Is iad na cinn chrua ná, siúlóid go Más an Tiompáin agus Binn ó Scíath agus an dá cheann bhoga ná, An Sás agus Loch Cruite. Ní fheicimse puinn bog leis an Sás. Tá lantán mór glas sa tSás agus bhí feirmeoir ann blianta fada ó shin. Bhí tarbh aige agus nuair a bhúirfeadh sé, cloistí sna seacht bparóiste máguaird é. Maireann an nath go láidir fós, 'ná dein tarbh an tSáis duit féin', a déarfaí faoi dhuine a bheadh an-ghlórach nó ag béicigh ró-ard.

'Scléip' buaite ag Pobalscoil Chorca Dhuibhne

MURA mbíonn an bua ag Pobalscoil Chorca Dhuibhne lá amháin bíonn an chéad lá eile. is é a mbua is déanaí ná, 'Comórtas Scléip na hÉireann,' do Ghaelscoileanna. Dhein an grúpa cóiriú Gaolach ar amhrán de chuid na 'Coronas' agus chumadar port agus ríl bunaithe ar an amhrán. Deirimse cóiriú na caillí mar is áil léi, mar léirigh an grúpa a dtaispeántas go deaslámhach agus go hilghnéitheach is léir. Orthu siúd a bhí sa ghrúpa bhí Victoria Breathnach, rinceoir sean-nóis, Cóilín Mac Síthigh, boscadóir, Nicole Ní Dhubhshláine, feadóg mhór, aisteoirí agus amhránaithe Emma Ní Bheaglaoi, Alva Nic Eoin, Neasa Ni Bheaglaoi, Síomha agus Íde Ní Dheasúnaigh, agus Ciara Ní Mhurchú.

Clós agus Capaill

D'ÉIRIGH thar barr leis an oíche rás capall a bhí in Óstán Cheann Sibéal ar an mBuailtín ar an Satharn seo caite do chiste Scoil Náisiúnta an Fheirtéaraigh. Bhí slua mór ann. Dúirt Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, Bláithín Ní Bhric, go raibh súil acu feabhas mór a chur ar láthair agus ar chúrsaí spóirt sa scoil agus gur mheas sí go mba chabhair mhór an ócáid chuige sin. Ghaibh sí buíochas leo siúd a d'eagair na ráiseanna go mór mhór an craoltóir Mícheál Ó Sé a dhein an tráchtaireacht a bhí gan cháim agus leo siúd a dhein urraíocht agus gan amhras iad siúd go léir a bhí i láthair agus a cheannaigh capaill. Bhí ocht gcapall ins gach rás agus bhí fiche a dó sraith de ocht ann, rud a fhág go raibh dhá rás gach babhta de dheich rás agus an rás deireannach mar a raibh daoine 'ag ceannach' capaill. Fiche Euro a bhí ar gach capall, ach bhí capall a dhein 70 Euro sa cheant.

Rannpháirtithe an 'Buggyathon' in éineacht le Seamus Ó Droma ag suíomh na hImearlainne sa Rinn.

Laoch peile agus camógaíochta Chorcaí, Bríd Ní Chorcora, i dteannta na bpeileadóirí Shauna Nic Chárthaigh agus Ciara Ní Loingsigh ó Bhaile Bhuirne ag lá oiliúna scileanna a reáchtáil Óige na Gaeltachta ar Pháirc Naomh Abán do dhaltaí scoile i nGaeltacht Mhúscraí. PIC: Ó LOINGSIGH

An Rinn

Forbairt fógartha ag Fónta Teo i nGaeltacht na nDéise

Colm Ó Broin

D'FHÓGAIR Fónta Teo, comhlacht a sholáthraíonn gléasra, páirteanna agus sreang do ghreim-mheaisíní, go bhfuil forbairt beartaithe aige sa Seanphobal i nGaeltacht na nDéise. Méadaíodh foireann Fónta Teo ó bheirt go dtí seachtar le déanaí agus tá breis forbairtí beartaithe ag an gcomhlacht.

Tá oifig ag an gcomhlacht i gCaireo na hÉigipte agus tá forbairt á dhéanamh de bharr ardú ar éileamh san Afraic, sa Áis agus sa Rúis. Soláthraíonn Fónta Teo seanpháirteanna greama do dhéantúsóirí meaisíní, comhlachtaí priontála agus ceanglóirí leabhar ar fud na hEorpa, sa Mheánoirthear, san Afraic agus aan India.

Bunaíodh Fónta Teo in 2004 agus déanann siad easpórtáil ar 90% de na hearraí a dhéanann siad.

Bhí seo le rá ag John Finn, stiúrthóir Fónta Teo, "Leis an ngnó ag dul i méid, bhí áitreabh níos mó de dhíth orainn a chabhródh linn forbairt a dhéanamh.

Chuaigh muid chuig Údarás na Gaeltachta a thug an foirgneamh nua dúinn ar Pháirc Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta sa Seanphobal. Tugann an foirgneamh nua seo deis dúinn díriú ar fhorbairt ár ngnó.

Ba mhaith linn ár seirbhísí a leathnú agus ár réimse táirgí a mhéadú.

Tá roinnt táirgí nua beartaithe againn agus chomh maith leis sin tá muid anois in ann seirbhís chothabhála agus dheisiúcháin a chur ar fáil," ar seisean.

'Buggyathon' agus Lá Clainne

Katie McGreal

TÁ Séamas Ó Droma chun 'Buggyathon' 26 míle a dhéanamh ar Satharn Cásca, 7 Aibreán ó 9.30rn sa Rinn le hairgead a bhailiú don Imearlann, páirc shúgartha na Rinne.

Tosóidh sé ag rith ag 9.30rn, ag brú bugaí a mbeidh leanbh istigh ann ar feadh míle agus athróidh an leanbh agus an bugaí i ndiaidh gach míle. Tá 26 grúpa éagsúil le páirt a ghlacadh ann agus fuair siad urraíocht chun é a dhéanamh. Táthar ag siúl le €2000 a bhailiú leis an ócáid seo don Imearlann. Tá Séamus ag súil le go gcríochnóidh sé thart ar 4.30in sa tráthnóna.

Beidh lá clainne ar siúl ag an siopa Spar i mBaile na nGall ó 2in agus críochnóidh sé thart ar 4in ar an lá céanna. Beidh ealaín agus ceardaíocht ar siúl do pháistí, disco leis an MadHatter, péinteáil aghaidhe, dráma puipéad i nGaeilge agus fear grinn. Beidh fáilte roimh chách. Tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí sin ar fáil ó 058 46664.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Sé leabhar nua Ghaeilge seolta in Ollscoil Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

BHÍ slua mór i láthair ag ócáid sheolta leabhar a d'eagraigh Roinn na Nua-Ghaeilge Dé hAoine seo caite in Ollscoil Chorcaí mar a seoladh sé leabhar nua atá curtha ar an margadh.

Sheol an Dr Neil Buttimer ó Roinn na Nua-Ghaeilge leabhar dar teideal ***'Údarás na Gaeltachta - an Lár agus an tImeall'*** - le Laoise Nic Chárthaigh ó Bhaile Bhúirne, e-leabhar atá foilsithe ag fochomhlacht Cló-Litríocht de chuid an chomhlachta Bard na nGleann i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, agus a chuireann síos ar éabhlóid an Údaráis le 30 bliain anuas.

Tá céim PhD sa Ghaeige bainte ag Laoise in Ollscoil Chorcaí ó anuraidh agus thug sí faoi saothar an leabhair mar thráchtas le haghaidh a céime dochtúireachta.

Sheol an Dr Seán Ó Súilleabháin leabhar dar teideal ***'Bláth is Craobh na nÚdar: Amhráin Mháire Bhuí'*** le Tríona Ní Shíocháin, céimí de chuid Ollscoil Chorcaí atá mar léachtóir le Gaeilge anois in Ollscoil Luimnigh.

Tá cur síos sa leabhar atá foilsithe ag Coiscéim ar shaothair fhile mhór Mhúscraí Máire Bhuí Ní Laoire, agus dlúthcheirnín eisithe i dteannta an leabhair chomh maith, ar a bhfuil amhráin Mháire Bhuí á gcanadh ag amhránaithe éagsúla ar nós Eilís Ní Shúilleabháin agus Seán de hÓra.

Sheol an Dr Liam P. Ó Murchú leabhar dar teideal ***'Tréimhse Phromhaidh'*** lena chomhghleacaí i Roinn na Nua-Ghaeilge, an léachtóir Neil Buttimer, a chuireann síos ar an gcomhthéacs ina mbíonn ábhair á dteagasc in institiúidí tríú leibhéal.

Bhí an scríbhneoir agus an foilsitheoir Pádraig Ó Fiannachta ó Chorca Dhuibhne i láthair chun dhá leabhar atá foilsithe ag An Sagart a sheoladh - ***'Amhail Fuaim Chogair Bhig: Teangeolas Shéamais Uí Scoraidh'*** leis an údar Barra Ó Cearnaigh, agus ***'Delphine agus Marienette'*** le Marcel Aymé - leabhar leis an mórscríobhnóir Francach ón aois seo caite, atá aisitrithe ag iarmhúinteoir Fraincise i gColáiste Cholmáin i Mainistir Fhearmaí, Tadhg Ó Síocháin, athair an údair Tríona Ní Shíocháin.

Sheol an tOllamh Seán Ó Coileáin eagrán criticeach den leabhar ***'Parliment na bhFíodóirí'*** leis an údar Dáibhí de Barra ó Charraig Tuathail a foilsíodh 200 bliain ó shin, eagrán atá curtha in eagar ag léachtóir i Scoil Léann na Gaeilge in Ollscoil Chorcaí, Seán Ó Duinnshléibhe.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

ULAIDH
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Cor eile i scéal 'Boston College'

Anton Mac Cába

TÁ cor nua sa chonspóid faoi na téipeanna ó Boston College, go raibh péas an Tuaiscirt ag iarraidhí greim a fháil orthu mar fhianaise.

Bailíodh iad don 'Belfast Oral History Project', togra staire béil na dTrioblóidí.

D'éiligh an American Association of University Professors san ollscoil go mbeadh fiosrúchán neamhspleách ann ar an dóigh ar láimhseáil Boston College an togra.

Gealladh dóibh siúd a ghlac páirt go mbeadh na téipeanna s'acu rúnda go dtí go bhfaigheadh siad bás. Ansin, cheadaigh an ollscoil iad a thabhairt do na péas.

Dúirt Susan Michalczyk, uachtarán an cheardchumainn, nár le caill na hollscoile an rud a tharla. "An rud a chaithfimid a dhéanamh ná a dheimhniú go mairfimid mar a raibh - an ollscoil leis an ionraiceas a bhí againn ó thaobh taighde acadúla."

Chuir Tomaí McKearney, ceardchumannaí agus iarchime Poblachtach, fáilte roimh ráiteas Michalczyk.

"Déanann (ar mhol Boston College) cúrsaí iontach deacair do dhuine ar bith atá ag déanamh staidéir ar an choimhlint," ar seisean. "Go háirithe daoine atá ag iarraidh nach dtarlódh sé arís." Dúirt, leis, go raibh imní air faoi na himpleachtaí do shábháilteacht Anthony McIntyre, duine de na taighdeoirí.

Dúirt Eamonn McCann ó Choiste Gnó Aontas na nIriseoirí gur mhaith an rud é an fógra: "Tagann a raibh Boston College ag iarraidh a dhéanamh salach ar chosaint foinsí agus eiticí iriseoirí ar fud an domhain," a dúirt sé.

Cailíní Ghaoth Dobhair, Caroline Ní Chathmhaoil, Rachael Nic Giolla Easpaig, Máiréad Ní Dhomhnaill, Gretta Nic Giolla Bhríde, Fíona Nic Pháidín, Laura Nic Aodha agus Marie Hanlon ag an gCabaret Craiceáilte i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine. PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN

Leo Ó Braonáin, athair Enya agus Mháire Uí Bhraonáin, a bhí mar aoispeisialta ar an gclár, Cuisle Seanchais - Abair Leat in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, i nGaoth Dobhair ar an Máirt seo caite. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN.

NAMA cainte ag Aire Comhshaoil an Tuaiscirt

Anton Mac Cába

TÁ Aire Comhshaoil an Tuaiscirt ag caint leis an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní (NAMA) faoi shuíomhanna tréigthe.

Dúirt an tAire, Alex Attwood, sin agus é ag freagairt ceiste sa Tionól. Dúirt sé go raibh sé ag caint le NAMA, lena deimhniú "cá raibh na hacmhainní seo, agus le deimhniú arbh fhéidir le NAMA a theacht isteach agus déileáil le meath agus dearóiliú suíomhanna a tréigeadh, nár forbraíodh nó nach ndearnadh ach cuid a fhorbairt."

Tá 5% d'acmhainní NAMA sa Tuaisceart. Is ionann sin agus169 suíomh nó foirgneamh san iomlán, agus iad lonnaithe ar fud an Tuaiscirt. Dúirt urlabhraí thar cheann NAMA gur cheist thromchúiseach acu é ceist na n-eastát nár críochnaíodh.

Féile Scoildrámaíochta Uladh

Tomás Ó Cuireáin

BHÍ Féile Scoildrámaíochta Uladh ar siúl in Amharclann an Ghrianán, Leitir Ceanainn, an tseachtain seo caite agus seo leanas na torthaí: Roinn 1: (Bunscoltacha Beaga)

Comórtas 3 : Scoil Bhríde, Leitir Mhic an Bhaird. (An Turas)

Roinn 2: (Bunscoltacha Meánmhéide) Comórtas 5 : Gaelscoil Éadain Mhóir, Doire.

Comórtas 6: Scoil Adhamhnáin, An Luinnigh. Buaiteoir Roinn 2: Scoil Adhamhnáin

Roinn 3: (Bunscoltacha Móra) Comórtas 9 : Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste.

Roinn 4: (Iarbhunscoltacha) Comórtas 10: Coláiste Ailigh (Fuadach)

Comórtas 11: Pobalscoil Ghaoth Dobhair (Caitlín Ní hUallacháin)

Comórtas 12: Pobalscoil Ghaoth Dobhair (Arís) Buaiteoir Roinn 4: Coláiste Ailigh

Roinn 5: (Ceoldráma) Comórtas 15: Gaelscoil Ultáin (Toy Story)

Roinn 6: (Clubanna Óige) Comórtas 17: Club Óige Chríost Rí, Machaire Rabhartaigh

Roinn 7: (Naíonáin) Comórtas 18: Gaelscoil Ultáin (An Monarcha Seacláide)

Duaiseanna Speisialta: Aisteoir is Fearr: Jack Ó Gallchóir (Feilimí)'Arís' - Pobalscoil Ghaoth Dobhair, Banaisteoir is Fearr: Siobhán Ní Alpín (Máire) 'Trioblóidí' -Coláiste Ailigh Script Nua is Fearr: Proinsias Ó Cuilinn 'Triail an Drabhsálaí' - Céim Aniar

Duais an Mholtóra: (1): Niall Ó hAnnagáin, Coláiste Ailigh. (2): Club Óige Chríost Rí, Machaire Rabhartaigh (3): Scoil na Fuiseoige, Béal Feirste.

(4): Gaelscoil Phádraig Naofa 'Mamma Mia An Táin'- Crois Mhic Lionnáin Scothléiriú na Féile: 'An Turas' - Scoil Bhríde, Leitir Mhic a Bhaird.

Ainmniúcháin chuig an Fhéile Náisiúnta:

25ú Aibreán - 2 Bealtaine 2012, An Muileann gCearr.

1. An Turas - Scoil Bhríde, Leitir Mhic a Bhaird.2. Cochaillín Dearg - Gaelscoil Éadain Mhóir, Doire. 3. Tír na nÓg - Scoil Adhamhnáin, An Luinnigh. 4. An Gasúr sna hÉadaí Oíche - Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste. 5. Fuadach- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn. 6. In Aimsir an Mháirtínigh - Pobalscoil Ghaoth Dobhair. 7. Arís- Pobalscoil Ghaoth Dobhair. 8. Caitlín Ní hUallacháin - Pobalscoil Ghaoth Dobhair. 9. Toy Story - Gaelscoil Ultáin, Muineachán. 10. An Mhonarcha Seacláide - Gaelscoil Ultáin, Muineachán. 11. Triail an Drabhlásaí - Céim Aniar, Na Dúnaibh.

Rachel Ní Fhearraigh, Bun an Leaca, Na Doirí Beaga a roghnaíodh mar Cailín Gaelach Ghaoth Dobhair 2012 in Tigh Hiúdaí Bhig, An Bun Beag ag an deireadh seachtaine. Beidh sí ag déanamh ionadaíochta do CLG Ghaoth Dobhair i gComortás Náisiúnta Peil na Gaeltachta a bheas ar siúl i nGaoth Dobhair deireadh seachtaine na Cincise. PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN

COMHSHAOL

Nimhiú na Scréachóige Reilige

Léiríonn **Pól Mac Cana** an dochar atá á dhéanamh don Scréachóg Reilige ag nimh atá leagtha chun creimirí a mharú

Don té a amharcann ar oscailt an chláir, The Late Late Show, aithneoidh sé láithreach an scréachóg reilige. Ulchabhán álainn le bolg geal agus droim buí. Éan galánta.

Ach an bhfaca tú bean acu ar na mallaibh?

Cá huair agus cá háit a bhfaca tú í go deireanach? Tá buairt ann fána líon in Éirinn. In Éirinn, tá titim os cionn 25 % acu le 25 bliana anuas. Níl ach thart fá 130 dís den éan seo fanta in Éirinn sa lá atá inniu ann, creidtear.

In Éirinn, creidtear nach é easpa áiteanna le neadú atá mar phríomhfhadhb ag an scréachóg reilige. Creidtear go bhfuil formhór na n-áiteanna don neadú a bhíodh ann don scréachóg deich nó fiche de bhlianta ó shin go fóill ann. Is léir go bhfuil cúis mhór eile le cailleadh na scréachóige reilige in Éirinn seachas cailliúint na n-áiteanna neadaithe.

I Sasain, tá an scréachóg reilige go fóill faoi bhagairt, ach níl siad faoin bhagairt chéanna agus atá siad in Éirinn. Thug roinnt eolaithe faoi deara go bhfuil difear suntasach idir Éire agus Sasana, áfach, i dtaca le saol na scréachóige reilige de.

Is é sin an nimh a chuirtear amach do na luchóga sa dá oileán. Tá rialacha difriúla i bhfeidhm sa dá oileán agus tá tionchar aige seo ar ghníomhaíochtaí an duine i dtaca le scaipeadh na nimhe de, agus mar sin, i dtaca le sláinte na an-ulchabhán de.

I Sasain, caithfear lipéadú a chur ar nimh ar bith do luchóga a mbíonn drochthionchar aige ar dhúlra eile. In Éirinn, níl aon lipéadú mar sin ann. Sa Bhreatain, baintear úsáid as nimh níos minice atá éifeachtach ag marú na luchóg ach nach mbíonn chomh nimhiúil céanna ar ainmhithe eile má itheann siad an nimh sin.

In Éirinn, díoltar agus úsáidtear nimh atá iontach láidir amach is amach, a mharaíonn na luchóga agus a mharaíonn de réir a chéile ainmhí ar bith eile a itheann na luchóga nimhithe, amhail na scréachóige reilige.

Tá riail eile acu i Sasain, nach bhfuil in Éirinn, is é sin, nach ceadmhach an nimh a ligean ina luí thart taobh amuigh, ach go gcaitear é a bheith taobh istigh nó i mboscaí sa dóigh is nach mbeidh sé 'ar fáil' d'ainmhithe eile nach luchóga iad.

Ní chiallaíonn na rialacha i Sasain nach dtéann an nimh a chuirtear amach ar na luchóga, chuig na hulchabháin. Téann.

Ach tá difear spéisiúil ann idir an nimhiú seo in Éirinn agus i Sasain. Cé go mbíonn an céatadán céanna de na hulchabháin nimhithe sa dhá oileán - is é sin idir 80 agus 90 % acu - in Éirinn, bíonn leibhéal na nimhe a fhaightear iontu ceithre huaire níos airde ná mar a bhíonn i Sasain.

Tá tairseach áirithe ann maidir leis leibhéal na nimhe de, agus má sháraítear é bíonn bás i ndán don éan.

Creideann Cairde Éanlaith Éireann go gcaithfear tabhairt faoin fhadhb seo. Níl siad ag moladh gur ceart stop a chur leis an nimhiú ar na luchóga, mar aithnítear go bhfuil gá leis ar fheirmeacha na tíre. Ach aithníonn siad go bhfuil dualgas ann a bhaineann leis an nimhiú -ní mór an-iarracht a dhéanamh gan ainmhithe neamhurchóideacha a nimhiú sa timpeallacht.

Fiú má tá feirmeoir a mbíonn ulchabháin ar a fheirm aige go cúramach ar a fheirm féin, ní leor é sin go minic. Eitlíonn dís scréachóg reilige, agus ál acu, suas le seacht míle thart ar an nead ag seilg dá ngearrcaigh.

In Éirinn, bíonn na hulchabháin seo ag seilg thar roinnt feirmeacha de ghnáth dá thoradh sin. An feirmeoir atá tuisceanach mar sin, tá sé ag brath ar a chuid comharsan lena scréachóga reilige féin a thabhairt slán as.

Tá casadh eile sa scéal is fiú a lua. Sna 1920í, tháinig creimire beag eile go hÉirinn gan choinne - an vól bruaigh (bank vole).

Tháinig sé chun tíre i Luimneach, agus ón am sin ar aghaidh tá sé ag gabháil Éireann leis. Tá os cionn aon cheathrú cuid den tír curtha faoi anois.

Síltear go bhfuil an scréachóg reilige níos fearr as sna ceantair ina bhfuil an vól bruaigh. Cé gur creimire é an vól, amhail an luch tí agus an francach, is míol páirce é - ní fhaightear é go minic i bhfoirgnimh na feirme.

Mar sin, ní thagann sé ar an nimh a chuirtear amach do na luchóga agus do na francaigh. Is breá leis an scréachóg reilige an vól mar mhíol creiche nuair a bhíonn sé ar fáil. Mar sin, sna ceantair ina mbíonn an vól bruaigh mar fhormhór de chothú na scréachóige reilige, bíonn leibhéal an nimhithe níos ísle.

Buntáiste, seans, a bhaineann le speiceas atá eachtrannach in Éirinn. Nuair a ghabhfaidh an vól bruaigh tuilleadh den tír, an mbeidh dea-scéal ann don scréachóg reilige?

Má tá spéis agat cuidiú le suirbhéanna a bhaineann leis an scréachóg reilige, gabh i dteagmháil le Cairde Éanlaith Éireann ó dheas, nó leis an Ulster Wildlife Trust ó thuaidh.

An Scréachóg Reilige / Barn Owl

An vól bruaigh / Bank vole

BEATHA

Deireadh leis an Charghas

Amharcann **Katie McGreal** ar an Cháisc eaglasta agus ar na nósanna págánacha a mbaineann leis an Cháisc shaolta i saol na linne seo

Is féidir seacláid, caife, milseán, alcól, pé rud eile nach raibh á ithe, á ól nó á dhéanamh agat le linn an Charghais a ithe, a ól nó a dhéanamh ar an Domhnach beag seo, 8 Aibreán, Domhnach Cásca.

De réir an Bhíobla, is sin an lá a bhfaca na haspail Íosa aiséirithe i ndiaidh gur cur na Rómhánaigh chun báis é.

Is í an Cháisc, an phríomhfhéile ar an bhféilire eaglasta san Eaglais Chaitliceach. Bíonn Aifreann speisialta ar siúl in eaglaisí Chaitliceacha ar fud an domhain.

Uaireanta, bíonn céad Aifreann an lae ar siúl le linn éirí na gréine ionas gur féidir leis an ngrian a theacht isteach tríd na fuinneoga daite. Caitheann an sagairt éide bhán nó óir ar an lá sin.

De gnáth i ndiaidh Aifrinn ar Dhomhnach Cásca, tugtar uibheacha na Cásca do ghasúir.

Tá am iontach fada againn le réiteach don Cháisc. Bíonn Lá na bpancóg ann díreach roimh an gCarghas ionas gur féidir linn fáil réidh le rudaí atá sa teach nach bhfuil ceadaithe le linn na Charghais. Is é Céadaoin an Luaithrigh an lá ina dhiaidh sin agus téann Caitlicigh chuig an Aifreann le luaithreamháin a fháil ar a n-éadan. Ansin, bíonn Carghas ar siúl ar feadh 40 lá.

Uibheacha na Cásca - sa bhaile agus i gcéin

Is uibheacha seacláide iad uibheacha na Cásca agus sa lá atá inniu ann, tá réimse fíor-leathan díobh ar fáil. Is cosúil go ndéanann chuile chomhlacht milseáin agus seacláide ubh speisialta de gach barra seacláide atá acu agus bíonn siad le feiceáil sna siopaí ó dheireadh mhí Eanáir nó tús mhí Feabhra.

Tá seans gur tháinig uibheacha na Cásca ón traidisiún nach raibh cead uibheacha a ithe le linn an Charghais blianta ó shin. Tháinig Lá na bPancóg ón traidisiún céanna.

Is siombail í an ubh de shaol agus de thús nua. Sa traidisiún Ceartchreidmheach Caitliceach, cuireann siad dath dearg ar na huibheacha, ag seasamh d'fhuil Íosa. Seasann an bhlaosc chrua de thuama Íosa a bhí dúnta. Nuair a scáintear an ubh, léiríonn sé aiséirí Íosa.

I gCríostaíocht an Oirthir, deirtear go raibh uibheacha cócaráilte ag Máire Mhaigdiléana nuair a chuaigh sí go dtí tuama Íosa ar an gcéad Domhnach Cásca. De réir an scéil, tháinig dath dearg ar bhlaoscanna na n-uibheacha nuair a chonaic sí go raibh Íosa aiséirithe.

Tá scéal eile ann go ndeachaigh Máire Mhaigdiléana go dtí Impire na Róimhe le scéal aiséirí Íosa a insint do. Nuair a chuala an tImpire an scéal, bhreathnaigh sé ar na uibheacha a bhí ar an mbord in aice leis agus dúirt sé, "D'aiséirigh Íosa ar an gcaoi chéanna go bhfuil dath dearg ar na huibheacha sin." Ag an bpointe sin, d'athraigh dath na huibheacha go dearg.

An 'Coinín Cásca'

Dá réir na finscéalta, tagann an Coinín Cásca ar Dhomhnach Cásca agus fágann sé uibheacha Cásca ina dhiaidh. Tháinig sin ón traidisiún págánach don Earrach.

De réir cosúlachta Is siombail iad an coinín agus an giorria de thorthúlacht agus de rudaí nua ag teacht ar an saol. Tús nua a bhí i gceist le haiséirí Chríost freisin.

Tháinig scéal an Choinín Cásca ón nGearmáin áit a raibh sé luaite i scríbhinní na Gearmáine sna 1500aidí. Rinne na Gearmánaigh an chéad Choinín Cásca a bhí le hithe as siúcra agus taoscán sna 1800aidí.

Scaip an nós go dtí na Stáit Aontaithe sna 1700aidí nuair a chuaigh na Gearmánaigh go Pennsylvania. Chreid na páistí ag an am sin go raibh an Coinín Cásca in ann nead d'uibheacha daite a bhreith.

Dhéanadh na páistí a neadacha féin in áiteanna ciúine ionas go bhfágfadh an Coinín Cásca uibheacha dóibh.

Imeachtaí Cásca do Ghasúir

Uibheacha a mhaisiú

Is dóigh go mbeadh ar dhuine fásta na uibheacha a réiteach sula mbeadh na gasúir in ann iad a mhaisiú. Faigh ubh amh agus babhla. Déan poll beag ag bun agus barr na huibhe. Cóiméad an ubh i do lámh agus os cionn an babhla. Séid isteach i bpoll amháin san ubh ionas gur féidir leis an mbuíocán agus an gealacán a theach amach. Ag an deireadh, ba chóir go mbeadh blaosc uibhe folamh agat. Anois, is féidir é a thabhairt don ghasúr lena phéinteáil nó maisiú éigin a chur uirthi.

Tóraíocht Uibheacha Cásca

Beidh beirt dhuine fásta ag teastáil chun é seo a eagrú - duine amháin le haire a thabhairt do na gasúir agus duine eile leis na huibheacha a chur i bhfolach. Is féidir é a dhéanamh ar nós tóraíocht taisce agus nóid agus leideanna a scríobh amach a bheidh na gasúir in ann a leanúint go dtiocfaidh siad ar dhuais mhór nó is féidir Cadbury Mini Eggs a cheannach agus iad a chur i bhfolach timpeall an tí nó ar chiarsúir pháipéir má tá an aimsir go deas agus gairdín agat chuige. Má úsáideann tú na huibheacha beaga, is féidir duais a thabhairt don duine a bhailíonn an méid is mó ag deireadh na tóraíochta.

Rásaí Uibheacha

Téigh go barr cnocáin éigin. Tabhair ubh chruabhruite do gach gasúir agus is féidir leo na huibheacha a chur in aghaidh a chéile ag rollú go bun an chnocáin. Sa bhaile, cuir ina dhá fhoireann iad agus tabhair ubh amháin do gach foireann. Cuir leath na foirne ag taobh amháin den seomra i líne agus an leath eile ar an taobh eile, i líne eile. Bíodh an ubh ag an gcéad duine sa líne.

Abair leo an ubh a chur ar an talamh agus í a bhrú lena srón ó thaobh amháin den seomra go dtí an chéad duine sa líne atá ar an taobh eile den seomra. Beidh an bua ag cibé foireann ina mbeidh gach duine ar ais san áit inár thosaigh siad ag tús an rása.

Uibheacha Cruabhruite

Is féidir neart rudaí éagsúla a

– cad a dhéanfaimis?

dhéanamh le huibheacha cruabhruite. Níl anseo ach sampla beag d'imeachtaí. Comórtas Uibheacha Briste (Egg Tapping) Is cluiche thar a bheith dáiríre é seo, ar nós an cluiche a imrítear le crann cnó capaill ar shreang agus déantar iarracht crann cnó capaill an duine eile a bhriseadh sula mbriseann tú do chnó féin.

Don chluiche seo, beidh ubh chruabhruite in aghaidh an duine ag teastáil. Cuir na gasúir ina mbeirteanna agus caithfidh siad bhlaosc atá ar ubh an duine eile a bhaint as sula n-éireoidh leis an duine eile é a dhéanamh leosan. I ndiaidh an chéad bhabhta, beidh leath an líon gasúr fágtha sa chomórtas. Má leanann siad ar aghaidh ag baint blaoscanna d'uibheacha a chéile, beidh beirt fágtha ag an deireadh don bhabhta ceannais.

Damhsa Uibheacha

Cuir uibheacha (cruabhruite nó amh, ag braith ort féin agus cén áit ina bhfuil tú) ar an talamh. Cuir ceol ar siúl agus abair leis na gasúir go gcaithfidh siad damhsa, níl cead acu gan a bheith ag bogadh nuair atá an ceol ar siúl, ach ní féidir leo na huibheacha a bhriseadh ach an oiread. Nuair a stopann an ceol caithfidh siad stopadh ag bogadh agus seasamh mar dhealbh. Má bhogann siad gan an ceol a bheith ar siúl, beidh siad amuigh as an gcluiche agus má bhriseann siad aon uibheacha, ag aon am, beidh siad amuigh freisin.

Is féidir é a dhéanamh níos deacaire dóibh má deir tú go gcaithfidh siad preabadh ar chos amháin nuair a stopann an ceol nó go gcaithfidh siad páirtnéir a fháil nuair a stopann an ceol agus mar sin de.

Imeachtaí timpeall na tíre

Tosóidh Tóraíocht Uibheacha Cásca i dTeach Belvedere sa Mhuileann gCearr san Iarmhí ag 12in ar Dhomhnach agus Luan Cásca, 8 - 9 Aibreán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.belvedere-house.ie.

Cuirfidh CLG Mala, Contae Corcaí rás rothaíochta 10 gciliméadar don chlann ar siúl ar Luan Cásca ó 10.30rn. Beidh Tóraíocht Uibheacha Cásca ar siúl freisin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 022 50757.

Beidh Féile Balún Te ar siúl i mBaile Átha Troim i gContae na Mí le linn dheiridh seachtaine na Cásca, 7 - 9 Aibreán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.trimfiesta.com.

Beidh imeachtaí do pháistí ar siúl i rith an lae ar Shatharn Cásca, 7 Aibreán, ar an bhFeirm Peataí Tura Rua i mBaile Locha Riach i gContae na Gaillimhe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 091 841580.

Deireadh seachtaine mór atá ann ar Ráschúrsa Thig na Sióg i Ráth Tó i gContae na Mí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.fairyhouse.ie.

Beidh Tóraíocht Uibheacha Cásca ar siúl san Ionad Eachaíochta i mBun Dobhráin i nDún na nGall ar an Aoine beag seo, 6 Aibreán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 071 19841977.

Cuirfear féile na bpáiste, Féile Thír na nÓg ar siúl i dTrá Lí i gContae Chiarraí don deireadh seachtaine, 6 - 9 Aibreán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.holidaytralee.com/tir_na_nog.html.

Beidh lá mór imeachtaí do ghasúir ar siúl ar Luan Cásca i gCaisleán Bhun Raite i gContae an Chláir. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 061 360788.

Comórtas



Tá cúpla leabhar éagsúil de pháistí le bhuachaint!

Freagair an cheist thíos:

Cén saghas ainmhí a bhíonn i gceist le Domhnach Cásca?

Seol freagraí, d'ainm agus do sheoladh go **katie.mcgreal@gaelsceal.ie** roimh an Chéadaoin, 11 Aibreán.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

Aiséirí spleodrach an

Foirgneamh 'Titanic Belfast' in Oirthear Bhéal Feirste. Caitheadh £77m ar an tionscadail agus tá 290,000 cuairteoir sa bhliain de dhíth chun cóimheá airgid a bhaint amach as. Is féidir níos mó a fháil amach anseo (Béarla) http://www.titanic-belfast.com/Home.aspx

Treasa Bhreathnach

Cothrom agus céad bliain ó shin, ar an 31ú Márta 1912, críochnaíodh an obair thógála ar cheann de na báid is cáiliúla ar domhan, an RMS Titanic.

Bhí aithne fhorleathan ag an am ar an long seo mar, an 'long Béal Feirsteach', agus tá suil go mbeidh an aithne chéanna uirthi arís do thurasóirí chuig Béal Feirste.

Ar an 31 Bealtaine nuair a seoladh an Titanic , meastar gur tháinig suas le 100,000 duine de mhuintir Bhéal Feirste amach chun a bheith páirteach san ócáid.

Rinneadh an t-ionad turasóireachta 'Titanic Belfast' a oscailt go hoifigiúil ar an 31ú Márta i mbliana, agus súil go mbeidh sé mar cheann de na hionad turasóireachta is mó a mbeidh tóir air i dTuaisceart Éireann amach anseo.

Tá scéal an Titanic ar eolas ag an domhan mór, mar gurb í an mbád is mó cáil í a bhfuil uirthi de thoradh na tubaiste a bhuail í.

Tubaiste a bhí beagán íorónta mar gur maíodh ag an am gur bád í nach bhféadfaí a bháthadh.

Is éard a dúirt tógálaithe agus uinéirí an bhád go raibh sí 'beagnach' in ann iompú ar a béal fúithi, nó go raibh sí 'practically unsinkable'. Is mar sin a rinneadh tuairisciú ar focail na n-úinéirí, agus fuair an Titanic an teideal mar bhád a bhí 'unsinkable'.

Ní raibh sí mar an mbád ba nua-aimseartha riamh ag an am, ach ba í an bád ba mhó í a tógadh go dtí sin. Ag an am bhí súil go mbeadh sí féin agus a comhlong, an 'Olympic', in ann dul san iomaíocht le báid ón gcomhlacht Cunard, an 'Lusitania' agus an 'Mauretania'.



An Titanic á críochnú i mBéal Feirste sular cuireadh chun farraige í.

D'iompaigh an Titanic béal fúithi ar an 15 Aibreáin 1912, agus cailleadh 1517 duine go tragóideach. Níor tháinig ach 703 duine slán ón tubaiste.

Ag an am bhí cathair Bhéal Feirste lárnach san earnáil domhanda longtógála. Bhí 35,000 fostaí ag an gcomhlacht 'Harland and Wolff' agus é ar cheann de na comhlachtaí longtógála ba mhó ag an am. Le linn ré an chomhlachta 'Harland and Wolff', thógadar os cionn 1,700 long, ceann acu sin ab ea an RMS Titanic.

Déanfar ceiliúradh ar an tógáil seo agus ar mhuintir Bhéal Feirste a bhí

Titanic i mBéal Feirste

D'iompaigh an Titanic béal fúithi ar an 15 Aibreáin 1912, agus cailleadh 1517 duine go tragóideach. Níor tháinig ach 703 duine slán ón tubaiste. Ag an am bhí cathair Bhéal Feirste lárnach san earnáil domhanda longtógála. Bhí 35,000 fostaí ag an chomhlacht 'Harland and Wolff' agus é ar cheann de na comhlachtaí longtógála ba mhó ag an am. Le linn ré an chomhlachta 'Harland and Wolff', thógadar os cionn 1,700 long, ceann acu sin ab ea an RMS Titanic.

Cuid den taispeántas atá le feiceáil in 'Titanic Belfast' - Macasamhail stiúir an bháid ' [Pic -Jonathan Porter/Presseye]

bainteach le tógáil na mbád seo, leis an ionad nua cuairteora ar dhugan-na Bhéal Feirste. Is mar chud den athfhorbairt ar cheantar Titanic Béal Feiste atá an t-ionad á thógáil, ar chostas £7 billiún. Tá os cionn 150,000 troigh cearnach tugtha don togra 'Titanic Belfast', ina mbeidh naoi ndánlann idirghníomhacha chomh maith le hamharclann faoi uisce agus athchruthú ar dheiceann-na áirithe den bhád.

Cuireadh tús leis an obair thógala i mBealtaine 2009 agus é maoinithe ag Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, Coimisineirí Chuan Bhéal Feirste agus an Ceantar an Titanic Teoranta. Meastar go mbeidh costas de £97 milliún ar an ionad ina iomláine. Tá an foirgneamh lon-naithe san áit céanna inar tógadh an Titanic 100 bliain ó shin, agus tá sé i gceist go ndéanfaidh méid an fhoirgnimh aithris ar méid an mbád féin.

Tá iarrachtaí á dhéanamh go mbeadh nithe réalaíocha den chéad Titanic san ionad. Mar shampla, beidh naoi gcinn de ghéataí Harland and Wolff, ar costas £1 milliún an ceann, san ionad. Tá atógáil á dhéanamh ar an staighre a bhí s an Titanic. Mar gheall go bhfuil tógáil an staighre sin chomh casta tá an comhlacht 'Oldtown Joinery', atá i mbun na tógala, ag úsáid modhan-na oibre agus comhábhar a bhí in úsáid 100 bliain ó shin. Staighre é a bheas 23 troigh ar airde agus 24 troigh ar leithead atá á thógáil acu.

Is ar an 2 Aibreáin 1912 a d'fhág an Titanic Béal Feirste ag 8in chun paisinéirí a bhailiú i gCóbh Chor-caigh, i Sasana, agus san Fhrainc roimh sheoladh trasna an Atlantaigh i dtreo chathair Nua-Eabhrac.

Cé go bhfuil muid i lár géarchéime eacnamaíochta faoi láthair, ní mar sin a bhí in 1909 agus tá súil ag roin-nt daoine go gcabhróidh an t-ionad cuairteora le Béal Feirste a bhealach a dhéanamh amach as an ngéarchéim eacnamaíochta áirithe seo. Tá os cionn 50,000 ticéid cuair-teora díolta chuig an ionad go dtí seo chomh maith le ticéid d'os cionn 1,000 turas do ghrúpaí curtha in áirithe cheana féin.

"Bhí a fhios againn i gcónaí," a deir príomhfheidhmeannach Titan-ic Belfast, Tim Husbands, "gur scéal idirnáisiúnta a bhí i scéal an Titanic, scéal atá tar éis a bhealach a dhéanamh isteach i samhlaíocht na ndaoine thar timpeall an domhain. Tá muid ag tnúth le Titanic Belfast, an togra is mó Titanic ar fud an domhain, a bheith mar phointe lár-nach do chuairteoirí idirnáisiúnta."

Meastar go mbeidh os cionn 120 ócáid comórtha Titanic ar siúl i mBéal Feirste i mbliana agus iad ar fad ag iarraidh an chathair a dhéanamh lárnach i gcomóradh 100 bliain den Titanic. I measc na n-imeachtaí a bheas ar bun, beidh drá-maí , scannáin, turais, ceol-choirmeacha agus eile.

Cuireadh an milleáin ar an 'White Star Line' faoi thragóid an Titanic de bharr an easpa bád tarrthála a bhí ar bord. Bhí páirt lárnach ag na meáin dhomhanda sa scéal seo agus iad ag cuardach duine éigin chun an milleáin a chur orthu, ach le tuairisciú agus taighde bhreise thar na mblianta is léir go raibh daoine ag súil le níos mó ón mbád seo ná a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó aon bhád, sin nárbh fhéidir í a chur go toil poill. Ba í Millvina Dean as Sasana an duine ab óige a thaistil ar an Titanic, agus ba í an duine deire-annach í a mhair díobh sin a thaistil ar an long. Fuair sí bás in 2009 agus í 97 bliain d'aois.

Is scéal tubaisteach é scéal an Titanic a d'eascair i meon na ndaoine ag an am, agus is léir ó scála an ionaid turasaóireachta seo go bhfuil scéal na tubaiste, scéal na ndaoine a cailleadh agus iad siúd a tháinig slán ón tubaiste fós i gcuimhne na ndaoine, agus go mbeidh go deo na ndeor.

Mar atá coitianta d'ionaid turasaóireachta, beidh turais fuaime den ionad le fáil i dtean-gacha éagsúla. Ní bheidh sé ar fáil trí Ghaeilge, ach beidh an litríocht ar fáil i nGaeilge agus turas Gaeilge ar fáil má chuireann tú in áirithe é.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí go léir a bheas ar bun i mBéal Feirste faoi théama an Titanic, ach dul chuig an suíomh idirlín www.belfastcitycouncil.gov.uk/events.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Síntiúis do scoileanna ar phraghas speisialta!

Glac síntiúis leis an nuachtán anois do scoilbhliain 2012/2013 agus faigh:

- an chuid eile den scoilbhliain seo saor in aisce.
- Tá tairscint speisialta againn do mhúinteoirí a chuireann isteach 3 shíntiús ar a laghad, dearbhán €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht.
- Freisin, is féidir le múinteoir a chuireann isteach ordú mór don rang cóip saor in aisce a fháil dóibh fhéin.

Íoslódáil foirm shíntiúis ag www.oideachas.gaelsceal.ie
nó téigh i dteagmháil linn chun do shíntiúis a ordú
091 897766/ scoil@gaelsceal.ie

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Liam Neeson mar bhithiúnach arís

BEIDH an t-aisteoir Éireannach, Liam Neeson sa scannán Batman, 'The Dark Knight Rises', faoi stiúradh Christopher Nolan. Warner Brothers atá ag léiriú an scannáin agus beidh sé le feiceáil in Éirinn ón 20 Iúil 2012.

Bhí páirt an bhithiúnaigh, Ra's al Ghul, ag Liam sa scannán 'Batman Begins' agus fuair sé bás. Ach, bhí ráflaí ag dul thart go dtiocfaidh sé ar ais. Deirtear go n-úsáidfear an carachtar i gcomhair radharcanna iardhearcaidh.

Beidh an t-aisteoir Meiriceánach, Josh Pence mar Ra's Al Ghul agus é níos óige. Bhí seisean sa scannán, 'The Social Network' chomh maith. Beidh Christian Bale, Gary Oldman, Tom Hardy agus Anne Hathaway sa scannán nua freisin.

Jamie Doran i sraith don BBC

Beidh an t-aisteoir, Jamie Dornan ó Ard Mhic Nasca sa Dún sa tsraith scéinséir 'The Fall' a bheidh lonnaithe i mBéal Feirste. An BBC atá ag déanamh na sraithe agus beidh Gillian Anderson ó Mheiriceá agus 'The X-Files' sa tsraith freisin.

Leanfaidh an tsraith an dúnmharfóir srathach, Paul Sector agus an bleachtaire Meiriceánach a thagann isteach go speisialta le breith air. Tá páirt an dúnmharfóir ag Jamie agus beidh Gillian ina bhleachtaire. Beidh 5 chlár sa tsraith iomlán.

Tá Alan Cubitt, a scríobh Prime Suspect, ina scríbhneoir den tsraith agus beidh sé féin, Patrick Irwin agus Justin Thomson-Glover ina léiritheoirí feidhmiúcháin. Beidh siúlán tsraith le feiceáil ar BBC2 ach níl an dáta foilsithe fógartha go fóill.

Stiúrthóir beochana ag teastáil!

Tá lucht Sonta Teo, an comhlacht léiriúcháin i gCarna, Conamara, ag obair ar smaoineamh faoi láthair d'fhadscannáin beochana bunaithe ar scéal an laoich bhéaloidis, Fionn Mac Cumhaill, ach tá stiúrthóir ag teastáil uathu.

Tá Éamonn Ó Cúaláin ina léiritheoir ar an togra faoi láthair agus tá Tadhg Mac Dhonnagáin ina scríbhneoir. Tá an bheirt acu ag obair ar script chun forbairt a dhéanamh ar an smaoineamh. Is é seo an tríú togra beochana ag an gcomhlacht. Fuair a gcéad iarracht, 'Cúilín Dualach', gradam IFTA agus d'éirigh lena ndara hiarracht, 'Anam an Amhráin' ainmniúchán IFTA a fháil i 2010.

"Tá cáil faoi leith bainte amach ag stiúrthóirí beochana na hÉireann ar fud na cruinne le roinnt blianta. Creideann muid go bhfuil scéal agus gaiscí Fhionn an-fheiliúnach don bheochan. Tá scéal Fhionn ar cheann de na scéalta béaloidis is fearr ar domhain agus tá sé in am anois é a thabhairt chomh fada leis an scáileán mór," a deir Éamonn, "Creidim go mbeidh an-tóir ag lucht féachana na hÉireann agus an domhain mhóir ar an scéal seo.

Tá obair shuntasach déanta againn ar an mbunscéal agus an chéad chéim eile a theastóinn uainn a dhéanamh ná stiúrthóir beochana a fháil chun an fhíriúlacht a chur leis," a deir Éamonn.

Is gá go mbeadh tuiscint agus suim i scéalta béaloidis ag éinne atá le cur isteach ar an bpost. Bheadh an Ghaeilge ina cabhair freisin ach níl sin riachtanach; tabharfaidh siad an post don duine is fearr, ach tá taithí i scannánaíocht beochana riachtanach.

Má tá suim ag éinne a bheith ina stiúrthóir beochana ar an tionscadal seo, téigh i dteagmháil le hÉamonn ar 095 33943 nó eamonn@sonta.ie agus tá tuilleadh eolais ar an suíomh www.iftn.ie.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Nuacht RnaG, na blianta tosaigh
Caithfidh Áine Ní Dhíoraí súil siar ar chuid de na scéalta móra náisiúnta, idirnáisiúnta agus Gaeltachta a chraoladh ar an stáisiún ón am arr tháinig siad ar an aer ar Dhomhnach Cásca 1972, mar chuid den cheiliúradh 40 bliain atá á dhéanamh ar RnaG. Dé Luain @ 1.30in.

RTÉ Raidió a haon: Documentary on One: Unsinkable - One Mayo Village and the Titanic
Chuaigh an Titanic go tóin poill 100 bliain ó shin. Bhí 14 duine ón mbaile, Leathardán i Maigh Eo ar bord agus fuair 11 acu bás. Leanann an clár seo muintir an bhaile agus iad ag ullmhú don chomóradh 100 bliain den tubaiste uafásach. Dé Sathairn @ 1.05in.

RTÉ 2fm: Damien Farrelly
Labhróinn Damien faoi chúrsaí spóirt, aimsire, nuachta agus tráchta chomh maith le neart eile chuile mhaidin. Bíonn an chéad tráth na gceist raidió ar siúl aige freisin. Luan - Aoine @ 6rn.

Féach ar

TG4: Kathleen Lynn - Dochtúir Réabhlóideach
Déanfar cur síos sa chlár faisnéise seo ar scéal Kathleen Lynn a bhí ina Captaen in Arm Cathartha na hÉireann de chuid James Connolly agus a bhunaigh Ospidéal Naomh Ultan i 1919, an chéad ospidéal do naíonáin in Éirinn . Dé Sathairn @ 7.15in

TV3: Those Were The Days
1997: an bhliain inar tháinig na Spice Girls ar an bhfód, fuair Michael Hutchence bás, d'éirigh go hiontach leis an scannán, Titanic sna pictiúrlanna agus fuair an bhanphrionsa Diana bás i dtimpiste bóthair i bPáras. Beidh sin agus tuilleadh le feiceáil ar an gclár siúl siar seo. Dé Luain @ 5:30in.

RTÉ a dó: Dead Money
San eipeasóid dheireanach den tsraith seo, téann na dearthóireacha Smyrl ag lorg gaolta Anna May Watt atá fós beo. Tógann an turas go caisleán i gCeatharlach iad agus faigheann siad amach rudaí nach raibh siad ag siúl leis. Dé Máirt @ 7in.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Dhá leabhar nua foilsithe do léitheoirí óga

FAOI Nollaig 2011, gheall foilsitheoir na n-óg, Futa Fata, go raibh siad chun díriú ar an easpa ábhar léitheoireachta i nGaeilge don aoisghrúpa 7-12. Bhuel, rinne siad beart de réir a mbriathar! Tá dhá leabhar caibidle nua foilsithe acu atá an-oiriúnach do léitheoirí óga atá tosaithe ag léamh ar a gconlán féin. Mise Máire Treasa Mí Abha ainm na sraithe agus sa chéad leabhar, '***Sin Bronntanas Seafóideach***' níl an cat ceanndána, Máire Treasa, róshásta leis an mbronntanas a fhaigheann sí dá breithlá! Go sábhála Dia sinn, ach cé leis a dtaitneodh poll beag sa doras mar bhronntanas? Mí Abha!

Tá Máire Treasa ar mire sa dara leabhar ***'Cé a ghoid mo chuid bia?'*** Tar éis roinnt obair bhleachtaireachta, faigheann sí amach cé hé an Gadaí Gránna. Ach tá Máire Treasa maslaithe ceart nuair a thuigeann sí an fáth a bhí leis an ngadaíocht! Mí Abha Arís!

Is é Gérard Moncomble a chum an carachtar Máire Treasa agus tá an-rath ar an tsraith ar fud an domhain. Tá an leagan Gaeilge aistrithe go hálainn at Patricia Mac Eoin. Is carachtar iontach í an caitín beag seo atá lán le diabhlaíocht agus is cinnte go dtaitneoidh sí go mór le léitheoirí óga. Tá léiriú iontach greannmhar, spraíúil déanta de na scéalta bríomhara seo ag an maisitheoir Frederic Fillet. Is í Patricia Mac Eoin a d'aistrigh an dá leabhar ón bhFraincis.

Faigheann foilseacháin Futa Fata tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le gemma@futafata.ie
Teil: 091 505800 086-0703193



Adrienne Rich imithe ar shlí na fírinne

DÉARDAOIN seo caite, fuair an file cháiliúil, Adrienne Rich, bás, agus í ceithre scór agus dhá bhliain d'aois.

Adrienne Rich

Bean thar a bheith cumasach a bhí inti, a thug aghaidh ar go leor mórcheisteanna ina cuid filíochta agus scríbhneoireachta. Labhair sí amach faoi chearta na mban, faoin bpolaitíocht, faoin mháithreachas, faoin lucht leispiach agus go leor eile. Cé gur thosaigh sí amach ag scríobh agus ag cumadh filíochta ar bhealach traidisiúnta agus coimeádach, fiú, níor mhair sé sin i bhfad agus tháinig sí chun cinn mar fhile a thug dúshlán don tsochaí agus do chreidimh an tsochaí freisin.

Bhuaigh sí lear mór duaiseanna dá cuid filíochta agus nuair a bhí sí bliain agus fiche d'aois, roghnaigh WH Auden í mar bhuaiteoir ar chomórtas a bhí á reáchtáil ag Yale d'fhilí óga.

Bronnadh Gradam Náisiúnta na Leabhar uirthi dá leabhar Diving into the Wreck agus ghlac sí leis thar ceann na mban. Cúpla bliain ó shin, in 2006, scríobh Adrienne Rich sa pháipéar nuachtáin 'The Guardian', go bhfuil an cumas ag filíocht 'rud éigin nach bhfuil cead againn a fheiceáil, a chur i gcuimhne dúinn.'

Fuair Rich bás sa bhaile i Santa Cruz i California, tar éis di a bheith ag fulaingt ón airtríteas réamatóideach ar feadh na mblianta. Tá os cionn fiche cnuasach filíochta foilsithe ag Rich, chomh maith le haistí, léachtaí agus óráidí cáiliúla.

Ceardlann Scríbhneoireachta le Patricia Forde

TÁ Futa Fata, le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, ag eagrú ceardlainne le leabhair chaibidle a fhorbairt agus a scríobh.

Is í Patricia Forde a bhéas mar theagascóir ar an gceardlann seo. Is bean í seo a bhfuil réimse leabhar curtha ar an saol aici. Is iad na cinn is deireanaí dá cuid ná *Frogs do not like Dragons* agus *Hedgehogs do not like heights* (Egmont, Londain) chomh maith le *Cití Cearc* agus *Binjí - Madra ar Strae* (Futa Fata).

Tá go leor scríofa aici don scáileán beag chomh maith: Ros na Rún, Fair City, chomh maith leis an dá shraith ar bronnadh gradaim IFTA orthu, 'Seacht' agus 'Aifric'.

Is ar leabhair chaibidle do léitheoirí 7-9 mbliana a dhíreofar an cheardlann seo. D'éirigh go hiontach leis an dá cheardlann dheireanacha a d'eagraigh Futa Fata le cúpla bliain anuas. Ag eascairt as na seisiúin sin, foilsíodh sé cinn de phictúirleabhair go dtí seo agus tá cúpla ceann eile ar na bacáin. Ní hamháin gur éirigh go maith leis na leabhair anseo in Éirinn ach aistríodh agus foilsíodh thar lear iad sa tSín, sa Chóiré, in Albain agus i mbliana, san Afraic Theas.

Tá an sprioc céanna ag an gcomhlacht leis an gceardlann seo. Is i nGaeilge amháin a reáchtáilfear an cúrsa agus ní mór d'iarrthóirí trí cinn de smaointe a sheoladh, ar ríomhphost amháin, chuig ceardlann@futafata.ie

Is é an 20 Aibreán 2012, ag a cúig a chlog tráthnóna, an sprioc le hiarratas a chur isteach.

Roghnófar seisear scríbhneoirí le freastal ar an gceardlann agus cuirfear scéala chuig iarrthóirí roimh 4 Bealtaine 2012. Beidh an chéad rogha foilsithe ag Futa Fata maidir le scéal ar bith a ndéanfar forbairt air ag an gceardlann.

Beidh an cheardlann féin ar siúl ón 24 - 26 Bealtaine, 10 - 5 gach lá in Óstán 'The Twelve' i mBearna, Co. na Gaillimhe. Beidh an cheardlann fhéin, chomh maith le lón ar an trí lá, in aisce ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costais eile thairis sin.

Dánta Eoin Pól II

(Ciarán Ó Coigligh a d'aistrigh)
Coiscéim (2010) €15

Léirmheas le Mícheál Ó hAodha

D'FHÁG traidisiún Caitliceach na tíre seo rian láidir ar mheon agus ar litríocht na hÉireann, oidhreacht atá go sonrach i saothar scríbhneoirí cáiliúla ar nós Joyce, McGahern agus Mháirtín Uí Chadhain.

Níl cur amach rómhór againn fós sa taobh seo den Eoraip ar litríocht Oirthear na hEorpa trí chéile ná ar dhrámaíocht agus filíocht an Phápa Eoin Pól II ach go háirithe. I measc na n-ainmneacha cleite a bhí aige bhí an t-ainm "Andrzej Jawien". Cén fáth ainm cleite? Mar go mba cheird faoi thalamh í ceird na filíochta do Wojtyla agus dá chomhfhilí sa Pholainn ag an am sin (lena n-áirítear an file clúiteach Adam Zagajewski, fear atá ag scríobh i gcónaí). Ba chontúirteach an ní a bheith ag scríobh filíochta a fáisceadh as dúchas Giúdach-Chríostaí na Polainne faoin réimeas Cumannaíoch.

Filíocht thromchúiseach dhúshlánach cháinteach a bhí á scríobh ag na filí sin go minic, filíocht a raibh amhras go smior inti. Tá dánta an Phápa go hálainn mar is é an gnáthduine agus an gnáthshaol laethúil buntéama a bhformhór díobh. Is é an duine atá mar théama síoraí aige.

Iniúchadh thar a bheith pearsanta agus leochaileach a dhéantar ar an duine sna dánta seo. Úsáidtear meafair, siombailí - (an solas, na súile, an t-uisce, an scáthán) agus parabail ghearra chun na saincheisteanna sin mar a bhaineann siad leis an duine a chíoradh ar bhealach thar a bheith pearsanta. Tá teidil na ndánta soiléir sothuigthe neamhbhalbh mar a bhí an t-údar féin: cailín a raibh mí-ádh uirthi i gcúrsaí grá; dall, aisteoir, oibrí monarchan.



Ní fhéadfaí an bailiúchán seo a fhoilsiú ag uair níos feiliúnaí. Is iad na Polannaigh an pobal imirceach is mó in Éirinn de réir dealraimh. Tá mórán Éireannach óg pósta le Polannaigh agus líon mór col ceathracha agus eile ag Éireannaigh anois ar leath-Pholannaigh iad. Beidh na mílte againn ag tabhairt cuairte ar na gaolta sin in Poznan agus in Gdansk i gceann cúpla mí nuair a bheidh ceiliúradh mór sacair thall ansin.

Is tráthúil an mhaise é foilsiú na díolama seo, agus tá na haistriúcháin go Gaeilge déanta go foirfe ag Ciarán Ó Coigligh.

"Laistigh d'áit thoirmiscthe, tugann sí croí istigh do na háiteacha folaithe istigh dí féin"

Hidden Places | Scáthán Eile, Deirdre Brennan, Arlen Press (2011)

Léirmheas le hAlison Ní Dhorchaidhe

AN t-earrach linn fá dheireadh thiar thall agus dath na beatha ag teacht aníos chun bláthú ar leicne an dúlra, d'fhéadfaí a rá gur leabhar oiriúnach é an cnuasach filíochta úr seo le Deirdre Brennan, *'Hidden Places | Scáthán Eile'*.

Tá uiscedhath de chuid Pauline Bewick (ealaíontóir a bhfuil saothair dá cuid foilsithe ag Arlen House fosta) ar an chlúdach, le híomhánna d'fhlúirseacht agus torthúlacht; cé gur eascair na dánta seo as talamh méith na samhlaíochta ag Brennan, tá scáth an bháis forleatach fán chlúdach tarraingteach seo fríd is fríd.

Is scríbhneoir dátheangach í Deirdre Brennan, agus chuir sé go mór i bhfeidhm orm leabhar a leithéid de seo a léamh. Ní thagtar go minic ar chnuasaigh scríbhneoireachta dátheangacha nach aistriúcháin iad (i gcás litríocht na hÉireann) agus is suntasach an rud é sin. Tá deighilt idir litríocht na Gaeilge agus litríocht an Bhéarla fós, de réir cosúlachta, ach tá an dá thraidisiún ann le hais a chéile pé scéal é. Bíonn sé doiligh don scríbhneoir Éireannach réiteach a dhéanamh idir an dá theanga mar mheáin scríbhneoireachta. Feictear nach bhfuil an fhadhb seo ag Brennan, scríbhneoir a oibríonn go maith le frithleathacht a hábhar.

Bhain sí a céim amach sa Bhéarla agus sa Laidin in UCD, agus is léir go gcónascann sí miotaseolaíocht na Gaeilge agus na Laidine go furasta agus go nádúrtha.

Tá ocht gcnuasach filíochta foilsithe aici go nuige seo, Ag Mealladh Réalta (2000), cnuasach a fuair duais ag an Oireachtas san áireamh. Chomh maith leis an fhilíocht, bíonn Brennan i mbun gearrscéalta agus drámaí a scríobh, leis an tsraith dráma Go to Blazes craolta ar RTÉ Raidió 1. Tá an fhilíocht sa chnuasach seo ag Brennan fréamhaithe i dtírdhreach na tuaithe, áit a bhfuil an líne tanaí idir beatha agus bás, óige agus aois leagtha amach go lom.

I measc íomhánna bríomhar d'eitilt thonnúil na bhfainleog, teas cothaithe na gréine agus coillte lán de spiorad fuinniúil, tá dúnmharú linbh, ionsá scáthanna agus corp fir balsamaithe i dtalamh oighreata.

Tá an óige, an torthúlacht agus ainmhian na beatha go mór faoi ionsaí an bháis agus foinn dhorcha an chine dhaonna.

Bailíonn Brennan blúirí an tsaoil - smidiríní de chomhráite, blúirí amhrán, baill de bheostoc maraithe - chun gnéithe contrártha a fhí le chéile i bhfoirm taipéise ollmhóire. Is féidir gleic na gcianta idir soineantas agus eispéireas a shonrú mar théama i gcroílár an chnuasaigh seo, ach d'fhéadfaí é a dhéanamh go bhfuil an lámh in uachtar ag eispéireas, sa mhéid is go bhfuil claonadh ag Brennan chun na fírinne dhuibhe.

Sin ráite, baineann sí feidhm as dearcadh an pháiste bhig laistigh dí féin chun an saol seo a fiosrú, agus maireann dóchas in ainneoin na haimléise seo. Leagtar béim ar na súile agus ar na cluasa; mar fhile, bíonn Brennan ag brath ar a céadfaí ar son a cheirde.

Ach léiríonn sí gnáthdhaoine ina cuideachta nó timpeall uirthi nach bhfuil ag amharc ná ag éisteacht, daoine atá i mbun séanta. Tá siad ag iarraidh neamhaird a thabhairt ar ghnéithe dá saol, ach níl neart ag Brennan air ach na gnéithe seo a fheiceáil agus an scéal a fiosrú.

Bíonn rudaí de shíoraí dá seachaint, ag féacháil le dul i bhfolach óna súile fiosracha; bíonn daoine ag séanadh aghaidh a thabhairt ar an fhírinne lom, ach tá sise ar thóir na fírinne, cuma cé chomh gránna is atá sí. Sin obair an fhile, is dócha. Rud amháin is ea bheith ag dul i ngleic leis an saol mórthimpeall ort agus le fadhbanna daoine eile, ach rud eile is ea bheith ag déileáil leis na scáthanna agus na gnéithe atá brúite faoi chois ionat féin. Tugann guth na ndánta seo le tuiscint go bhfuil an file ag fulaingt de bharr eachtraí ina saol féin, ach is cosúil go bhfuil sí i mbun teiripe trí mheán na filíochta, rud a chruthaigh a leithéid de Nuala Ní Dhomhnaill mar mhodh éifeachtach.

Léiríonn leagan amach na ndánta go ndéanann Brennan achan rud d'aon ghnó, gan rud ar bith a ligean ar strae - cuireadh an cnuasach seo le chéile go cruinn cúramach. Sreabhann na dánta le chéile gan uaim, agus tá anchuid macallaí le frásaí agus íomhánna aisfhillteacha cumhachtacha fríd an leabhar. Cé go bhfuil an leabhar deighilte ina dhá chuid (mír don Bhéarla agus mír don Ghaeilge), tá snáithe ar leith a nascann dánta an dá theanga le chéile. Osclaíonn an cnuasach le solas bhreacadh an lae fiú, agus éiríonn sé níos teo faoi sholas na gréine, céim ar chéim. Cuireann an éifeacht seo in iúl go bhfuil dóchas ghriansholas an earraigh níos cumhachtaí ná scáthanna an amhrais agus an éadóchais. Cibé an dearcadh atá agat féin, is cinnte gur ábhar machnaimh atá ar fáil sna dánta dúshlánacha seo ag Brennan.

Comórtas!

Tá cóipeanna de na leabhair nua Cé a ghoid mo chuid bia? agus Sin Bronntanas Seafóideach le buachan ag léitheoirí Ghaelscéal.

Ní gá ach an cheist seo a leanas a fhreagairt:

Cé a d'fhoilsigh na leabhair nua seo?
(a) Cló Mhaigh Eo
(b) Futa Fata
(c) Cois Life

Seol freagraí chuig m.nieadhra@gmail.com roimh an Déardaoin 12 Aibreán, le d'ainm, do sheoladh agus uimhir theagmhála. Go n-éirí libh!

Crosfhocal 04.04.2012



NODANNA

TRASNA

2 Áit fholamh sa talamh (4)
3 Fuaim ceamara, nó lasc solais nó luchóg ríomhaire (4)
6 Éan a úsáideann daoine le teachtaireachtaí a chur ó áit go háit (5)
9 Deir, inis (5)
10 Bealach isteach páirc feirme (5)
11 Méid airgid a íoctar amach i ndeontais, mar shampla (5)
13 Cead agat freagra amháin, nó freagra eile a bheith agat (5)
15 Tír le daonra iontach mór san Oirthear a bhfuil an rialtas anseo ag tógáil gnó leo (3)
16 Airgead a dhéantar mar bhrabús ar iasacht (2)
17 Smacht, treoir (4)
18 Mian, an rud ba mhaith leat a dhéanamh nó a bheith déanta (4)
20 Ísliú (5)
23 Bealach a dhéantar rudaí (4)
24 Cúl nó sprioc (5)
25 An tarna ceann, an ceann i ndiaidh an chéad cheann (4)
26 Crann... b'fhéidir go bhfaighfeá é 'Cinn Trá' i mbaile i gContae an Dúin (3)
28 Mala, gruaig os cionn na súile (5)
29 An mhéid is lú (5)

SÍOS

1 Páirceanna íseal, réidh idir shléibhte (5)
2 Na meáin chlóite (5)
4 Chuaigh mé isteach i dteach aréir, d'iarr mé deoch ar bhean a' ___ (6)
5 40 lá roimh an Cháisc (7)
7 Mol (5)
8 Na ____ Beaga, baile i nGaoth Dobhair (5)
10 Buachaill (5)
12 Tabhair le chéile, réitigh le chéile (5)
14 Clúdach do leaba (5)
19 An té nach bhfuil mar seo, ní mór dó a bheith glic (6)
21 Áit a théann tú a chodladh (5)
22 Uisce beatha, branda, gin, srl (5)
23 Mír, roinn (4)
24 Deirtear go mbíonn sé seo binn agus é ina thost (4)
27 Rialóir tíre le coróin ar a cheann (2)

Crosfhocal
28.03.2012



Buaiteoir na Seachtaine seo:

Cáit Ní Ghallachóir
Co Chorcaí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 09.04.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Mná agus a gCuid Málaí

Cá mbeadh muid gan an t-idirlíon? Tá a fhios agamsa go mbeinn fhéin níos saibhre. Fuair mé pacáiste sa bposta inniu, bhuel bosca mór le bheith fírinneach faoi, agus cé go raibh a fhios agam céard a bhí ann, mar go raibh mé ag súil leis, bhí orm an admháil a sheiceáil faoi dhó toisc go raibh an bosca chomh mór sin.

An oíche cheana agus gan tada ar bun agam, léigh mé ríomhphost a fuair mé faoi shuíomh idirlín 'iontach' ag míniú dhom go raibh mé in ann rudaí a cheannacht ar phraghas an-íseal.

Chaith mé súil ar chéard go díreach a bhí ar fáil agus caithfidh mé a rá go raibh mé sásta leis an méid a chonaic mé. Bhí lascainí iontacha le fáil ar chuile shaghas rud idir bia, éadaí, agus lascaine le fáil ar imeachtaí áirithe freisin.

Agus bhí na 'deals' mhaithe seo ar fad ar fáil i nGaillimh agus iad ar fáil caoga faoin gcéad níos saoire dá gceannófá iad ón suíomh áirithe seo.

Ansin, ar ndóigh, chonaic mise mála deas. "Mála Oibre" a tugadh air agus bhí sé go hálainn ón bpictiúir a chonaic mé. Tá go leor málaí agam cheana fhéin, gan dabht, ach ní raibh 'mála oibre' ar bith agam, mar sin shocraigh mé é a cheannacht dhom fhéin mar gur theastaigh sé uaim.

Ní bheidh orm a bheith ag athrú rudaí as mo chuid málaí láimhe níos mó mar go bhfuil ceann anois agam don obair amháin. Freisin, ná déan dearmad go raibh sé caoga faoin gcéad níos saoire. Margadh déanta!

Le bheith fírinneach faoi, ní cheannaím mórán ón idirlíon seachas eitiltí agus íocaim mo chuid billí air, mar sin níl an oiread sin taithí agam a bheith ag ceannacht tada eile.

Ach bhí mé ar bís faoi mo mhála agus mé ag tnúth go mór é a bheith i mo sheilbh agam.

Nach asam a baineadh an gheit nuair a d'oscail mé an bosca mór a leaindeáil inniu!

Mála oibre ceart go leor, dá mbeadh tú ag tabhairt do chuid oibre leat chuile áit. Tá sé chomh mór sin go bhféadfá leoraí móna a chaitheamh isteach ann, agus an leoraí leis!

Níl clú na ngrást agam cén uair a mbainfidh mé úsáid as nó fiú cé dhó a thabharfainn é mar bhronntanas, ach tá a fhios agam rud amháin agus mé ag cuardach mó mhála nua oibre (bhuel leis an smaoineamh i mo chloigeann anois caithfidh mé ceann eile a fháil), beidh mé i bhfad níos cúramaí le 'deals' iontacha as seo amach.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Agallaimh leasa shóisialaigh

Ceist:

Tá deireadh curtha le m'éileamh ar Shochar Cuardaitheora Poist agus chuir mé isteach ar Liúntas Cuardaitheora Poist. Dúradh liom gur gá dom bheith ar fáil d'agallamh. Cén fáth a bhfuil agallamh i gceist?

Freagra:

Íocaíocht ÁSPC-bhunaithe is ea Sochar Cuardaitheora Poist (SCP) agus ní dhéantar tástáil mhaoine ina leith. Is ionann méid uasta an Liúntais Chuardaitheora Poist (LCP) agus ráta uasta an SCP, ach déantar tástáil mhaoine i leith LCP. Le linn tástáil mhaoine, déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) scrúdú ar d'fhoinsí ioncaim go léir. D'fhéadfadh agallamh bheith i gceist leis an tástáil mhaoine. Gnáthchuid de phróiseáil éileamh an RCS ar íocaíochtaí a ndéantar tástáil mhaoine ina leith iad na hagallaimh sin. Nuair a dhéanann tú éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist, déanfaidh oifigeach den Roinn an cinneadh an féidir d'éileamh a cheadú láithreach bonn, nó an gá é a atreorú le haghaidh agallaimh.

Má atreoraítear thú le haghaidh agallaimh, is gnách go dtarlaíonn an t-agallamh i d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil. Ar a shon sin, d'fhéadfaí thú a chur faoi agallamh i do theach, mar shampla, má bhí tú féinfhostaithe nó má bhí post ócáideach gearrthéarmach agat, nó más gá fianaise thacaíochta a dhearbhú. Le linn an agallaimh, d'fhéadfadh an cigire leasa shóisialaigh iarraidh ort doiciméid a sholáthar, ar nós cuntas nó ráiteas ó d'institiúid airgeadais.

Déanann Oifigeach Breithiúnachta ar leith cinneadh faoi do mhaoin.

Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh ar d'iarratas ar LCP, is féidir leat achomharc a chur ar aghaidh chuig an Oifig neamhspleách Achomharc Leasa Shóisialaigh. Ba cheart duit achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá tar éis gur cuireadh ar an eolas thú faoi chinneadh d'iarratais. Téigh i dteagmháil leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh, Teach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Lóghlao: 1890 74 74 34.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Sacar na mBan

Euro 2013 na mBan, Beagnach Ann

Gráinne McElwain

"BHEADH bua san oíche amárach iontach ar fad mar chuirfeadh sé roinnt solais idir muid agus an chuid eile sa ghrúpa agus bheadh deis anmhaith againn cáiliú," a deir Sue Ronan atá ina bainisteoir ar fhoireann sacair ban na hÉireann a bheas ag imirt in aghaidh na hAlban i gcluiche tábhachtach i ngrúpa 4 do na babhtaí cáilithe do Chraobh na hEorpa 2013.

Sa dara háit ar an tábla atá mná na hÉireann faoi láthair, sé phointe taobh thiar den Fhrainc atá amuigh chun tosaigh ar 12 phointe agus is ar cheithre phointe atá Alba agus an Bhreatain Bheag agus iad dhá phointe taobh thiar de na hÉireannaigh. 12 fhoireann a bheas ag glacadh páirt i gCraobhchomórtas na hEorpa sa tSualainn an bhliain seo chugainn, leis na foirne a bheas ar bharr na ngrúpaí ag cáiliú láithreach, ach feicfear an dá fhoireann is fearr a chríochnóidh sa dara áit sna grúpaí ag cáiliú chomh maith. Seo é an sprioc atá ag foireann na hÉireann faoi láthair, ach ar dtús caithfidh siad na hAlbanaigh a bhualadh amárach.

"Go dtí seo, fuair muid an lámh in uachtar ar Iosrael (2-0) agus ar an Bhreatain Bheag (2-0) ach níor imir muid go maith na laethanta sin. D'imir muid níos fearr in aghaidh na Francaigh agus chaill muid 3-1. Tá Alba tar éis feabhsú le cúpla bliain anuas agus bhuail siad an Iosrael 6-1 agus chríochnaigh an cluiche idir iad féin agus an Bhreatain Bheag ar chomhscór 2-2."

"Tá neart obair bhaile déanta againn orthu agus is iad Kim Little agus Jennifer Beattie an bheirt is mó a sheasann amach dóibh mar is peileadóirí den scoth iad. Imríonn siad le hArsenal agus tá an-aithne ag ceathrar atá ar an phainéal se'againne orthu: Emma Byrne, Niamh Fahey, Ciara Grant agus Yvonne Tracy mar imríonn siad le hArsenal chomh maith. Is foireann an-eagraithe iad Alba agus caithfidh muid imirt chomh maith agus is féidir linn chun toradh a fháil".

Foireann Phoblacht na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair anuraidh [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Chaith Sue agus 25 imreoir am ag traenáil agus ag glacadh páirt i gCorn Algarve amuigh i Faro sa Phortaingéil an mhí seo caite agus cé nár éirigh le hÉire an comórtas a bhaint, d'úsáid Sue na ceithre chluiche sin chun súil a chaitheamh ar imreoirí nua agus thug na cluichí deis d'imreoirí ullmhú don chluiche mór an Déardaoin beag seo.

Ba í Sophie Perry duine de na himreoirí nua a ghlac páirt sa champa traenála agus tá sí ainmnithe ar an phainéal agus í ag brú go mór a bheith ainmnithe ar an chéad aon déag.

Níor éirigh le foireann na mban cáiliú do chraobhchomórtas na hEorpa riamh agus chuaigh siad an-ghar dó i 2009 faoi stiúir Noel King. "Tá sé an-deacair cáiliú mar go bhfuil go leor foirne den scoth ann ar nós an Ghearmáin atá ar leibhéal atá i bhfad chun cinn ar go leor foirne eile. Ach tá Éire ag feabhsú an t-am ar fad agus tá painéal láidir againn.

Ar pháipéar tá an chuma ar an scéal go bhfuil Éire níos láidre ná Alba ach braitheann gach rud ar an lá. Má imríonn muid go maith tá an-deis againn na trí phointe a chrochadh linn, ach mura dtógfaimid an deis ní bhfaighidh muid an toradh, tá sé chomh simplí sin"

Peil na mBan

Corcaigh Rogha na nÚdar Arís

Gráinne McElwain

THÁINIG críoch leis na babhtaí sraithe i bPeil na mBan an deireadh seachtaine seo caite le Seaimpíní na hÉireann agus na Sraithe, Corcaigh, ag imirt thar barr arís i mbliana. Níor chaill siad aon chluiche i roinn a haon sa tSraith go dtí seo agus tá siad slán sábhailte tríd go dtí na cluichí leathcheannais.

Fuair siad an lámh in uachtar ar Thír Eoghain as baile 2-10 le 0-11 agus casfaidh siad ar an Mhí i gCluiche Leathcheannais na Sraithe Bord Gáis Energy ar an 29 Aibreán. Bhí bua ag teastáil ón Mhí chun an ceathrú háit a bhaint amach ar chlár na bpointí agus b'shin a rinne siad in aghaidh Dhún na nGall ag buachaint 4-6 le 0-8.

Tá Dún na nGall gan 14 imreoir acu sin a bhuaigh Craobh Idirmheánach na hÉireann i 2010 agus tá go leor oibre le déanamh ag an fhoireann seo roimh thús na Craoibhe.

Michael McNaughton atá ar ais arís mar bhainisteoir leo tar éis dó sos a ghlacadh anuraidh ach tá feabhas ollmhór de dhíth ar na Conallaigh mar nár bhuaigh siad ach cluiche amháin as seacht gcinn sa tsraith le cúpla mí anuas.

1 Aibreán 2012: Sinead Ahern, Baile Átha Cliath faoi bhrú ag Jane Moore, Laois.
[PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Is iad Muineachán agus Baile Átha Cliath a bheas ag imirt in aghaidh a chéile sa dara Cluiche Leathcheannais. Tá cuma na maitheasa ar Mhuineachán agus níl ach cluiche amháin caillte acu sa tsraith go dtí seo agus b'shin in aghaidh Chorcaigh.

Ní mórán stró a bhí orthu in aghaidh Chill Dara (0-18 le 0-8) agus b'iad Catríona McConnell, Niamh Kindlon agus Laura McEnaney a fuair 0-10 eatarthu.

Níor éirigh le Cill Dara ach pointe amháin sraithe a chrochadh leo i mbliana agus ciallaíonn sé go mbeidh siad ag imirt i roinn a dó an bhliain seo chugainn.

Bhuaigh Baile Átha Cliath ar Laois (0-11 le 0-8) nuair a bhí bua ag teastáil ó Laois chun seans a thabhairt dóibh an cluiche leathcheannais a shroichint.

Tá mná na bpríomhchathrach faoi stiúir a mbainisteoir nua i mbliana, Peter Clarke, agus b'iad Sinéad Aherne, Orlagh Egan agus Amy McGuinness a sheas amach ar an lá.

D'éirigh le Maigh Eo seacht gcluiche as seacht gcinn a bhuachan i roinn a dó agus beidh siad féin ag casadh ar Chiarraí sna babhtaí leathcheannais.

Gaillimh agus an Clár a bheas ag imirt in aghaidh a chéile sa chéad chluiche leathcheannais agus is iad Tiobraid Árann atá dícháilithe go roinn a trí.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Ó 1996 níl aon fhoireann in Éireann i ngiorracht scread asail do Chrois Mhic Lionnáin

Aaron Cunningham (ar chlé) agus Martin Aherne, Ruagairí Chrois Mhic Lionnáin ag ceiliúradh tar éis do Chrois Mhic Lionnáin Craobh Club na hÉireann sa pheil a bhuachan. Bhí an bua acu ar Gharraí an Chaisleáin 2-19 le 1-7 [PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]



Díomá na Gaillimhe : Brón ar Andy Smith ó Fhoireann na Gaillimhe tar éis go ndearna Cill Chainnigh slad orthu sa tSraith Náisiúnta Iománaíochta. Bhain Cill Chainnigh an cluiche 3-26 le 0-10 [PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Bhuel sa tsraith iomána tá na pictiúir níos soiléire i ndiaidh chluichí an deireadh seachtaine. Agus cad é mar athrú atá tagtha ar cúrsaí sna Déise taobh istigh de sheacht lá, iad in umar na haimléise, gan bua, seachtain ó shin.

Anois tá dhá cluiche buaite acu agus a n-áit sa phríomhroinn cinnte acu don chéad séasúr eile, cinnte is fada an tréimse é seachtain i spórt.

Ach céard faoin nGaillimh agus an t-athrú atá tagtha orthu sa tréimhse ama céanna. Thosnaíodar amach le bua deas sa bhaile i gcoinne BÁC agus ansin cé gur chailleadar le dhá chúilín, thugadar taispéantas sásúil i gcoinne Thiobraid Árann.

Leanadar le bua i gcoinne Chorcaigh as baile ach tá an lug tar éis titim ar an lag orthu sa dhá chluiche deiridh. Anois tá áit acu sa cluiche dícháilithe i gcoinne BÁC.

Ar ndóigh, tá difríocht ollmhór idir dheireadh an tséasúir sraithe seo do Bhaile Átha Cliath, i gcomparáid leis an mbua stairiúil a bhí acu i gcoinne Chill Chainnigh anuraidh.

Ach ní bheinn róbhuartha dá mbeinn i mbróga Anthony Daly, mar tríd is tríd, le foirne lag go leor, thugadar cúpla taispéantas suntasach go leor. Cibé rud, beidh craobh mhaith dícháilithe againn.

Tá Cill Chainnigh ar ais ar a seanléim agus iad ag taispeáint an Domhnach seo caite i bPáirc Uí Nualláin gurb iad atá na ríthe fós. Nuair a bheidh foireann iomlán ar an bpáirc acu beidh sé an-deacair iad a bhualadh.

Ach ar fhianaise na deireadh seachtaine, níl Corcaigh ná Tiobraid Árann rófhada chun deiridh.

Beidh siad ag imirt a chéile arís sa leathchraobh agus gan dabht tá gach seans go mbeidh ardchluiche againn arís.

An Satharn beag seo, beidh craobh 1B na sraithe ar siúl i bPáirc na Gael, Luimneach, idir an fhoireann baile agus na comharsana, Co. An Cláir. Agus cad iad mar dhuaiseanna a bheidh ar fáil don bhuaiteoir, áit sa phríomhroinn don chéad séasúr eile agus áit sa leathchraobh sraithe i gcoinne Chill Chainnigh (bhuel ní duais é sin !)

Ó thaobh Luimnigh de, táim sásta go bhfuil seans acu a thaispeáint nach bhfuil siad chomh dona agus a bhíodar sa chéad cluiche i gcoinne an Cláir. Bhuaigh foireann Davy FitzGerald a gcluichí go léir agus beidh siad ag dul isteach sa chraobh mar rogha na n-údar, ach b'fhéidir nach mbeidh cluiche chomh aontaobhach againn an uair seo.

Comhghairdeas le trodairí iontacha Raonaithe na Croise a rinne an beart arís an Satharn seo chaite. Ó 1996 níl aon fhoireann in Éireann níos fearr ná iad ná i ngiorracht scread asail dóibh.

Cad é mar churiarracht atá acu ó shin. Bhuadar trí chraobh déag contae i ndiaidh a chéile, naoi gcraobh cúige agus sé chinn de chraobhacha Uile-Éireann sa tréimhse sin.

Is iontach an club iad agus ní fheadar cén praghas atá orthu a bheith i láthair i bPáirc an Crócaigh arís an bhliain seo chugainn chun corn Andy Merrigam a bhailiú arís .

Rud amháin atá ag cur isteach orm ó thosaigh an séasúr sraithe ná an méid beag ama a thugtar don téamh suas don dara cluiche nuair a bhíonn dhá cluiche ar siúl.

Tá plean téite cuimsitheach ag gach foireann ag an leibhéal sin anois agus é an-tábhachtach don fhoireann, agus de gnáth ní bhíonn dóthain ama ceadaithe idir na cluichí.

Ar ndóigh, gearrfar pionós ar na foirne mura mbeidh siad ullamh in am agus an rud a tharlaíonn ansin ná go mbíonn an Rúnaí contae ar shála an traenálaí ag cur brú air agus bíonn an traenálaí bocht ag iarraidh a dhícheall a dhéanamh an téamh a críochnú i gceart agus é ag cur brú ar na himreoirí dul níos tapúla.

I mo thuairim, níl sé ceart ná coir go mbeadh brú ar na daoine is tábhachtaí (na himreoirí) ag druidim suas le ham tosaithe an chluiche agus ba cheart don CLCG dóthain ama a fhágaint idir na cluichí chun gur féidir an téamh a dhéanamh i gceart.

Tagann na foirne sinsir le chéile trí huaire roimh am tosaithe na gcluichí. Bíonn béile acu ansin (deir na saineolaithe bia gurb shin an t-am ceart chun bia a ghlacadh).

Ansin bíonn cruinniú acu. Tugann an physio agus an dochtúir aire do na himreoirí a bhfuil sé ag teastáil uathu. Bíonn an chuid eile den am saor.

Ansin téann siad go dtí an staid agus, mar gheall nach mbíonn go leor ama idir na cluichí, ní bhíonn am go leor acu an téamh a dhéanamh i gceart.

Tá sé in am an fhadhb sin a réiteach agus meas agus aitheantas ceart a thabhairt do na foirne atá ag soláthar na siamsaíochta sna cluichí mhóra.

Beidh deireadh seachtaine mór spórt againn arís an Cháisc seo. Bainigí taitneamh as.

Tiger, Rory nó duine éigin eile ag na US Masters?

US Masters, Amárach ag tosú ar Sky Sports ag 7.00i.n, ar BBC ón Satharn ar aghaidh

Gráinne McElwain

CÉ go mbeidh an chaint uilig faoin gcoimhlint idir Tiger Woods agus Rory McIlroy ag an US Masters in Augusta amárach, is fiú trácht a dhéanamh ar Randal Lewis, fear atá 54 bliain d'aois agus atá ag glacadh páirt ann den chéad uair mar iomaitheoir amaitéarach. Creidtear gurb é seo an duine is sine riamh a bheas ag imirt ar an ghalfchúrsa cáiliúil seo den chéad uair agus é i measc seisear imreoirí amaitéaracha a bheas ag glacadh páirt ann.

Bhuaigh Randal an US Mid Amateur Championship an samhradh seo caite agus ó 1988 ar aghaidh, cuireadh fáilte roimh bhuaiteoirí an chomórtais sin freastal ar na Masters. Chaith sé am ag cleachtadh le Phil Mickelson an tseachtain seo caite agus d'ith sé bricfeasta leis i seomra feistis na seaimpíní roimh ré. Deir Lewis "ní bheidh Tiger ná Phil róbhuartha fúm ach gan dabht, seo ceann de na seachtainí is fearr i mo shaol". Go n-éirí go geal leis.

Anois, cad faoi Tiger Woods agus Rory McIlroy agus an dóigh ar féidir le McIlroy coróin Woods a ghoid. Is duine gealgháireach, réchúiseach é McIlroy, atá compordach labhairt leis na meáin agus a réitíonn sé go maith lena chomhimreoirí.

A mhalairt atá le feiceáil in iompar Woods, ach ní chaithfidh tú a bheith go deas ná gealgháireach le bheith ar an imreoir gailf is fearr.

Bhí go leor fadhbanna pearsanta ag Woods le cúpla bliain anuas ach tá rudaí ag dul níos fearr dó i mbliana agus bhuaigh sé ar an PGA- An Arnold Palmer Invitations, an chéad bhua a bhí aige ó Fhómhair 2009.

Níl na US Masters buaite ag Woods ó 2005, cé gur chríochnaigh sé sa chéad sé áit ón bhliain sin ar aghaidh ach is breá leis an comórtas seo agus é ag cuartú a 15ú mórtheideal. Beidh le feiceáil cén sórt cuma a bheas air i rith na seachtaine, an bhfuil an gortú fós ag cur isteach air, ach ardaíonn sé a chluiche i gcónaí don chomórtas speisialta seo.

Maidir le McIlroy, tá ardmhuinín ag an fhear óg seo as an Dún. Ó bhuaigh sé an US Open anuraidh tá an UBS Hong Kong Open agus an Honda Classic buaite aige agus chríochnaigh sé sa dara áit ag an WGC Matchplay agus an HSBC Championship in Abu Dhabi níos luaithe i mbliana fosta.

Táim féin ag súil go mór leis an choimhlint idir é féin agus Woods ach cuidíonn sé le himreoirí eile go bhfuil an spotsolas ar an bheirt seo. Cad faoi Luke Donald, uimhir a haon ar domhain faoi láthair? Neosfaidh an aimsir agus an galf.

Rory McIlroy [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Crois Mhic Lionnáin - An fhoireann is fearr Riamh?

Gráinne McElwain

AG deireadh Chluiche Ceannais na gClub i bPáirc an Chrócaigh, nuair a chríochnaigh an cluiche idir Crois Mhic Lionnáin ó Ard Mhacha agus Garraí an Chaisleáin as an Iarmhí ar chomhscór, dúirt comhbhainisteoir Chrois Mhic Lionnáin Tony McEntee agus díomá air go raibh go leor frustrachais air nach féidir le Crois Mhic Lionnáin imirt ach i dtréimhsí áirithe amháin agus bhí sé míshásta faoi thaispeántas na foirne an lá sin.

San athimirt an deireadh seachtaine seo caite, chonaic muid foireann iomlán difriúil, ó thaobh meon, de nuair a d'éirigh le Crois Mhic Lionnáin a séú Craobh Club na hÉireann a bhaint. Is iad an chéad chlub riamh iad a bhuaigh corn Andy Merrigan dhá bhliain as a chéile faoi dhó i stair an chomórtais.

Mar sin tá éacht déanta ag Seaimpíní Uladh ó bhuaigh siad den chéad uair é i 1997 agus níl an chuma ar an scéal go mbeidh siad ag stopadh ach an oiread agus iad ag déanamh ar an méid a bhain Raonaithe Nemo as Corcaigh. Tá seacht gCraobh Club buaite ag na Muimhnigh ach ní chuirfear geall in n-aghaidh Chrois Mhic Lionnáin nach mbeidh siad in ann é sin a shárú.

Foireann Chrois Mhic Lionnáin ag ceiliúradh tar éis gur bhain siad Craobh Peile na gClub ag an deireadh seachtaine
[PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

Bhí Crois Mhic Lionnáin ar dóigh ó thús go deireadh agus mar a luaigh mé sa pháipéar seo an tseachtain seo caite, ní fhaigheann an freasúra an dara seans chun an lámh in uachtar a fháil orthu.

D'imir siad thar barr ón tús le Francis Hanratty ag aimsiú cúl tar éis cúig nóiméad agus fágadh Garraí an Chaisleáin idir dhá chomhairle faoi cad a bhí tar éis tarlú dóibh. Bhí na Raonaithe go hiomlán chun cinn i ngach gné den imirt agus bhí ocras na foirne rí-fheiceálach.

Chríochnaigh an chéad leath 2-8 le 0-4 le Crois Mhic Lionnáin chun cinn agus nuair a d'éirigh le Francis Hanratty an dara cúl a fháil dóibh bhí an cluiche thart i ndáiríre.

Rinne Garraí an Chaisleáin iarracht a theacht ar ais le cúl luath sa dara leath ó Dessie Dolan ach níor lig Crois Mhic Lionnáin dóibh an farasbarr a laghdú agus lean siad ar an ionsaí.

Bhí go leor laochra ar an fhoireann acu, ina measc Francis Hanratty agus na dearthóireacha Kernan, ach sheas Oisín McConville amach mar is gnáth. Sé chúilín a scóráil sé, ceithre cinn ón imirt agus nuair a tógadh den pháirc é i dtreo dheireadh na himeartha, d'éirigh gach duine i bPáirc Breffini chun bualadh bos a thabhairt dó.

Tá súil agam nach é seo an deireadh le saol imeartha McConville a bhuaigh a séú Craobh Club na hÉireann, mar ón taispeántas seo, tá go leor peile fós le himirt aige.

Ní raibh freagra ar bith ag Garraí an Chaisleáin don ocras, don uaillmhian ná do na hionsaithe fíochmhara a scaoil Crois Mhic Lionnáin ina dtreo. Tá féinmhuinín go eireaball ag Crois Mhic Lionnáin astu féin agus i mo bharúil is iad seo an club peile is fearr a bhí riamh ann.

Comhghairdeas leo agus tá seans an-mhaith ann go bhfeicfimid iad ar ais arís an bhliain seo chugainn ag cuartú a dtríú Craobh Club na hÉireann as a chéile agus bheadh na leabhra staire le n-athrú in athuair.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

"Nuair a tharla sé, mhothaigh mé leochaileach, ag titim isteach i ngreamú leis. Láithreach, tugann sé suaimhneas duit gur féidir na cineálacha greamaithe sin a dhéanamh, gan a bheith buartha fúthu. Fásann an muinín atá agat agus le gach cluiche tá dóchas agam a theacht ar ais chuig an áit fhisiciúil ina bhfuilim in ann ceannasaíocht a ghlacadh ar greamaithe."

Brian O'Driscoll ag caint leis na meáin ag tús na seachtaine seo roimh chluiche Chúige Laighean i gcoinne Cardydd Blues Dé Sathairn [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Dóchas an Drisceoiligh

Labhraíonn **Brian O'Driscoll** le Cillian Ó Conchúir faoina thuras ar ais go haclaíocht

TAR éis d'imreoir a theacht ar ais ó gortú, tarlaíonn mór-ghreamú a thugann le fios dóibh go bhfuil an gortú imithe.

"B'shin an ceann," a deir Brian O'Driscoll ag déanamh tagairt don greamú a dhein Tom Smith ina chéad cluiche ar ais i gcoinne na Ospreys.

"Nuair a tharla sé, mhothaigh mé leochaileach, ag titim isteach i ngreamú leis. Láithreach, tugann sé suaimhneas duit gur féidir na cineálacha greamaithe sin a dhéanamh, gan a bheith buartha fúthu. Fásann an muinín atá agat agus le gach cluiche tá dóchas agam a theacht ar ais chuig an áit fhisiciúil ina bhfuilim in ann ceannasaíocht a ghlacadh ar greamaithe."

Tugann O'Driscoll le fios meon an imreora a bhain gortú dó agus é ag iarraidh gortú eile dá ghualainn a sheachaint.

Mothaíonn sé go hiontach, gan a bheith ag iarraidh aire a thabhairt dó, gan a bheith ag iarraidh dul i bhfolach ar an gcliathán ag aon am. Tar éis greamú mór, mhothaigh sé go maith, bhí an píosa sa bhreis sa greamú chomh maith, rud a bhí in easnamh go háirithe ar mo dheis le roinnt séasúr anuas."

D'imir Brian O'Driscoll a chéad 80 nóiméad ó cluiche ceathrú ceannais Chorn an Domhain, ar an Satharn in aghaidh Chúige Mumhan.

Tar éis dóibh Mumhan a bhualadh sa bhaile, tá O'Driscoll ag súil le Laighean a stiúradh i dtreo an dara Corn Heineken as a chéile - agus an tríú ceann san iomlán.

Tosaíonn an cath sin an tseachtain seo le theacht Caerdydd chun an Aviva sa babhta ceathrú ceannais. Agus cé gur díbríodh Gavin Henson ón fhoireann úd tar éis imeachtaí a bhí ar siúl ar eitleáin foirne, tá beirt imreoirí láidre acu sa lár chun tástáil a dhéanamh ar gortú O'Driscoll arís.

"Tá beirt imreoirí iontacha acu sa lár i Jamie Roberts agus Casey Laulala. Tá Casey ar cheann de na himreoirí trícheathrúnach amuigh (outside centre) is fearr faoi láthair.

Is síniú iontach é do Mumhan. Tá ar a gcumas aon fhoireann a bhualadh agus nuair a thugann tú sracfhéachaint ar foireann Caerdydd ar páipéir, tá na himreoirí ar ardchaighdeán, imreoirí idirnáisiúnta atá tar éis na Trí Chraobh a bhuachan agus beidh an-chuid muiníne acu.

Níl siad ag dul go rómhaith sa Robo (Pro 12), áfach, agus dá bharr, is deis iontach é an Corn Heineken chun corn a bhuachan i mbliana. Tá daoine ag rá nach mbeidh aon seans acu, ach beimid aireach." Ní fheicfear ach toradh amháin do Laighean ar Shatharn Cásca - Bua.

PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Is iad Toulouse an t-aon foireann a mbaineann an láidreacht chéanna lena bhfoireann sna babhtaí ceathrú ceannais agus ní tabharfaidh Laighean aghaidh orthu go dtí an chraobh, más féidir le Toulouse an lámh in uachtar a fháil ar Dhún Éideann ar an Sathairn agus Mumhan/Uladh sa cluiche leathcheannais.

"Tá foireann lán de thallann againn, imreoirí a bhfuil sé ar a gcumas rudaí iontacha a dhéanamh. Caithfimid teacht le chéile, na rudaí bunúsacha a dhéanamh, cosaint láidir a bheith againn agus nuair a bheidh an deis againn ar an ionsaí, rogha a thabhairt don uimhir a deich.

Ní bhuaitear Corn Heineken i gcluiche ceathrú ceannais.

Táimid san áit ar theastaigh uainn a bheith ann, ach tá sé róluath labhairt faoin chorn a bhuachan arís. Caithfimid muid féin a chur san ionad ar féidir linn é sin a dhéanamh."